corn falamh féinnidh Uladh. 70
- 19 Mór tarla ar an ngeis ngnáthaigh
bheith don Bhanbha gan bhuauchail;
rug a geis do ghoin Fiachaidh,
tiachair leis do Thoigh Thuathail. 75
- 20 Crioch Ghaoidheal fád go froighidh,
ní maoidheamh do Mhág Uidhir;
sibh ar ful gCuinn i gcoraibh
do sguir foghail Fúinn Fúinidh. 80
- 21 Gan fear faghla ná faire
ar feadh Banbha do-bheire;
cách ribh ag breith a bhuidhe —
gan duine ar breith fir eile.

53 do géubhtha 56 crú cr. 58 nach bh. 59 mor 60 ts.
62 conghail 63 ma 65 ts. ts. 66 gidh bé; adearar 67 breth
68 bheth 74 bhuaē 75 guin 76 th. tu. 83 breth 84 breath

- 22 Éintionól diobh ar ndéanaimh — 85
 siol Éiriomhón is Éibhir;
 téid i gcéim nách cuid mhaoidhimh
 Gaoidhil féin duid dā dhéinimh.
- 23 Ní bhí acht fian Éirne it aghaidh 90
 ag éirghe fa Iath bhFuinidh;
 cur ruibh ní hé gurbh omhan,
 dá bhfoghar hé is d'fuil Uidhir.
- 24 Mar thige i dtreas it éanor 95
 ní rige a leas do laoidheadh;
 tarla i mbeirn ort it aonar
 feidhm lér saoradh Gort Gaoidheal.
- 25 Lór h' obair ar brú bearna,
 a Chú Chonnacht, dá gcomhdha;
 tiad trithe as t'ucht gan arma
 lucht faghla Críche Connla. 100
- 26 Iúl na gcríoch le cléir ndoiligh
 fríoth id mhúr, a Mhéig Uidhir;
 gan triall dot uille d'filidh
 siridh uile Fiadh Fuinidh.
- 27 Sibh a horloinn fóid Ghaoideal 105
 ag comhroinn na gcóig dtíreadh;
 beag an ní lat do luaidheadh
 do-ní sluaigheadh Mac Mileadh.
- 28 Bíd rioghraídh Bhreagh id bhaile 110
 'na ndíormaibh re feadh bhfleidhe;
 folchoidh sibh fa dhíon duille
 suidhe riogh gach fir eile.

85 dhibh, an alternate emendation would be to read sil in the next line; ndénamh 86 a possible gen. is Éiriomhón, but the riming is not always strict in the séoladh. 87 ma, 91 ribh 93 thigi 94 rigi 99 tiat 106 dá gcóig tir

- 29 Sníomh do dhornchla i ngurt ghábhaidh
do lucht comtha do chaomhain;
tógbhaidh cuid d'feidhm gach éinfir 115
déinimh duid i mbeirn bhaoghaile.
- 30 In tráth nách faghaid filidh
anaid cách ar do chomhair;
cinn šluaigh is iad ar h'aghaidh
ní faghaidh siad uain oraibh. 120
- 31 Geall Banbha id dháil ag déanamh,
labhra na bhfádh do fioradh;
'na thnúidhní ful ar aoinfear
súil Gaoidheal ruibh fad rioghadh.
- 32 Fiodhbhaidh fillte ina n-ionadh — 125
linnte do thiormaigh turadh;
lér chuir i dtráigh do thoradh
folamh muir Chláir na gCuradh.
- 33 Sreabh fiar tré choille genóduinn,
níor mhoille giall i ngéibhinn; 130
na croinn ísle, an tonn thírim,
sgríbhinn dhísle ar Fonn Félim.
- 34 Béim budh guth don réim ríodha
níor léir do lucht an tnúdha;
siol nDuinn, adir a námha,
do dhligh cána Úna. 135
- 35 Na dreagain ó iath Oiligh
níorbh eagail lé Fiadh bhFuinidh;
cóig rígh do chuir fa chomhaidh,
gan tir d'foghail d'ful Uidhir. 140
- 36 Gearr gur cabhradh iath uatha,
siad ar n-adhnadh gach iatha;
tug 'na suidhe cóig criocha
móid šiotha fuile Fiacha.

113 ngu. gá. 117 bfaghaid 119 cinn ts. 123 thnúth 124 ribh
 125 fillti 126 linnti 129 coilli (leg. choillidh?) genódhonn
 130 ngéibhinn 133 riogha 134 tnútha 135 sil duinn 138 f. f.
 139 do chur 141 leg. iad? 144 fola fiacha

- 37 Ní bhí a dhíon i gerích Chonnla
gur dhíol an díth nách dearna—
ní gabhthoir lé fear faghla,
feadh Banbha ó athchoin Eamhna. 145
- 38 Tarla gan fíoch gan fólaidh
Banbha do dhíon gér dhuiligh;
ní chuir aoinfear 'na n-aighaidh
faghail Gaoidheal d'fuil Uidhir. 150
- 39 Ag síol gConnla dá gcaomhna
ní bhíd a mbronnta mórdha;
tugsad dó asteagh a dtéarma
i ló dhéanmha eadh n-órdha. 155
- 40 Fa chath Oiliugh níor fuaraigh
ar mbrath oinigh gach éinfir;
sé ar fine Duinn ag déanaimh—
file ar bhféaghainn Fúinn Éibhir. 160
- 41 Móid Chon Chonnacht dá gcomhdha
'na gCollaibh ar gcor bhfeadhma;
léigthear géill a bhfeair bhfaghla
ar feadh Banbha ó féin Eamhna. 165
- 42 Géill Fódla a haithle an ágha
dá bhfógra ar faithche a dhúna;
i dtigh na ngiall do-ghéabha
sgéala gach fir d'Fiadh Úna.
- 43 Gan ghuais foghla um chígh gcalaidh,
comhla ní bhí le bruidhin; 170
maor í Chuinn is teann tobhaigh
i mbonaibh beann Fúinn Fúnidh.
- 44 Caor cheardcha i mbeól a bruithne—
teó gach dearna iná [a] drithle;
ar triall ón chath budh coirthé
troighthe fian Rath 'sa righthé. 175

TEALLACH

155 dhó 156 norrda 158 einigh 161 con connacht; gcoimhdhe
163 f. b. 166 f. ar f. 168 fir diath úna 169 gu. 173 cerdeha
175 curthi 176 troighthi; righthi

INIS CEITHLEANN

- 1 Mairg fíeagas ar Inis Ceithleann
 na gcuán n-éadrocht, na n-eas mbinn;
 guais dúinn, 'snách féadair a fágbháil,
 fíeagain an mhúir fádbháin finn.
- 2 I bhfad riámh suil ráinig mise 5
 mún taoibhgheal na dtulach ngorm,
 dá roicheadh leam triall don teaghsoin —
 dar leam ní bhiadh easbhaidh orm.
- 3 Do-chuala mé — mairg do-chualaidh —
 do chlú ar síothbhrugh na séad mbuadh, 10
 mo bhréagadh mar do bhí i gcinneadh,
 ní as nár féadadh m'filleadh uadh.
- 4 Teaghdhais lonnreach leóghain Éirne —
 dob é riomsa rádh gach fir —
 nocha bhfaca fear san Bhanbha 15
 teagh a maca samhla sin.

MSS.: Book of O'Conor Don (Bk.) f. 238a, 23 F 16 (F) p. 101, *ibid.*
 p. 127 (Ff), 23 L 17 (L) f. 146b, 23 D 4 (D) p. 296, Civil (C) f. 140 (30),
 24 P 12 (P) p. 120 (contains only §§ 1-29 inclus.), Advocates' Lib. Edinb.
 No. XLIV (Ed.) f. 80a (contains only §§ 1-27 inclus.). See O'Grady, Cat.
 p. 430.

Headings: in tadg .c. na (*follows* 9) Bk. tadhg dall ua higin cc. L
 tadhg dall o huiginn cc. D an tadg cc. (*follows* 17) F tadhg dall ua huigginn
 cc. Ff an fer cetna cct. (*follows* 9) C om. PEd.

Variants: 1 fecas C féuchas, féuchas *cet.* (*cf.* l. 160); ceithlionn D
 cuillion with ceithlionn written above in another hand L 2 ar chuan é. L
 3 feidir CF feadar Ff bfeidir P; fá, Bk.CFF 4 fegad Ed. séachain DL
 5 sul FCLP 6 muir L; taobhghlan F 7 dá soitheadh F dá roiseadh L
 da stroith' Ff; san teachsoin F san teghsoin Ed.CDP 9 m. dochuala Ed.
 10 mbuaidh FLDPCCF 12 ag om. Bk.D; uaidh FPDLCCF 13 loinn-
 reach Ed.CD loinreach P 14 fir Bk.FfDLFC 15 n. bhfaca LDF/
 nach faca F n. nfaca *cet.*; mbanbha FFFBk.CP 16 treabh a m. LCP;
 mhaca Bk.CLDFF

- 5 Adeirdis bhós gi bé ad-chífeadh
an choill lúbtha nó an learg thais,
an trácht réidh nó an t-achadh uaine
níach rachadh céim uaidhe ar ais. 20

6 Fios a theasda an tráth fa n-uáras,
tar éis gcodail go ceann trill
ní faca ní oile d'aisling
acht lí an toighe fairsing finn.

7 Gluaisim romham, ránag ainnséin
Inis Ceithleann fa gclaoon dair;
tre chlár bhfionn na bhfeirfleasg dtaraidh
fa neimhleasg liom aghaidh air. 25

8 Suil tánag re taobh an bhaile
do bhiodhg mé le a méad do gháir;
nuall a gcon meardha 'sa míolchon,
ag cor ealbha a diothroibh dháibh. 30

9 Do bhí an trácht re taobh na cúirte,
fa chuan síthe na sruth mbalbh—
gur foiligh a trágh 'sa tonna—
lán do dhoiribh corra carbh. 35

10 Do-chím láimh risin lios gcéadna
clár aoibhinn dob órtha lí,
faithche bharrais an dúin daithghil,
úir Pharthais nó a haithghin í. 40

17 adeardaois Bk.FFf. adeirdaois C; bhós *om.* Bk.; gidh bé FLD
 18 co. Bk.PCF; l. na leng ttais Bk. 19 no an tr. DFf; an tech u. L
 20 ná r. L 21 thesdo Bk. tteasda D; ón tr. LFfPC ón ttr. D; fa
 bhfu. MSS. 22 cho. CP co Bk FfFL; a gcionn Ed.FFf 23 ráinic C
 26 far cl. F fa cl. CL ba gcl. Ed. 27 fi. C fi. P; bferlesg Bk.
 bfeirlesg PCD bhfaileasg L 28 niaimhleasg L; maghaidh PC 29 sul
 FLPC; tánuig Bk.; taoibh D 30 lé méid angáir BkFf.PC lé méid a
 gháir L re m. anáir F 31 nuail L 32 diothruibh DC dtiotraibh Bk.
 ttiorthoibh L diotrub Ed. diothrabh P 33 le taoibh Bk. 34 um
 ch. FFf; sr. marbh LDPC 35 tráigh Bk.L; thonna P 36 do
 ghairibh Bk. 37-40 *om.* L 37 do chiu PFDCFF; céadna Bk. chéadna CP
 39 saighthe D saighthi Ed.; ba. FDPFf 40 spa. Ff pa. *cet.*

- 11 Amhlaidh fuanas faithche an dúnaidh —
druim ar ais ó ingnibh greagh;
ní fás luibh a húir fan orluinn
ó lúidh sguir ag comhruinn chean.
- 12 Eich an dúin ag dol i gcoimhling, 45
do-chiú arís a rioth fa seach,
gur ceileadh leó tolcha an talaimh —
gan cheó ortha acht aghaidh each.
- 13 Do-ním romham san raon díreach
ar dhún gcúplach craobh Liag; 50
a rabha rem ucht san fionnbhragh
mar lucht mbragha is iongnadh iad.
- 14 Fuanas maithe mhaicne Cholla
san chuírt daoinigh ag dáil šead,
lucht foilgheasa sgéal do sgaoileadh 55
fréamh gcoibhneasa Ghaoideal nGréag.
- 15 Fuanas fós ar feadh an longphuirt
a lán d'éigsibh is d'aos fuinn,
ón tslios gheal fionnbhán go 'roile —
mo chean orlár toighe i dtuill. 60
- 16 Fuanas a lán san leith oile
d'ainnribh béaltana brat sróil,
i mór chonchair na gcon bhfionnbhláith
ag cor chorthair iongnáith óir.

41-4 om. Bk. 41 samhla L; faighthe D 42 tar ais LD; ingnibh
sgor F 43 a hairlinn F an orluinn L 44 re luigh F ó lúth D
ó lúdh Ed.PC; a eomhroind chean D ó chomhruinn chen L agcomhroinn
c(h)en Ed.PC agcoimhling con F 45 ag c. FLED. a cc. DPC do
ch. Bk.Ff 46 ag ri(o)th Ed.FPDCFf 49 sa raon d. Bk.D san rian d. L
san raon dh. F san raon nd. Ed. 50 chúplach LBk. cúplach DPCF;
chr. FL cr. D cr. cet. 51 a raibhe Bk.D; san f. DED. sa(n) bhf. cet.
52 mbr. D br. cet.; iongnam Bk. 54 geúirt F; daingin F dhaoinigh Bk.
d(h)aoinighsi CPD; dal F; tséd Ed.PC séd cet. 56 prem co. Bk.
fremh co. DF frémh cho. LPC 58 is daos fu. Bk.DL is daois fu. C
is dāo fu. P sdo lucht fu. F 59 tslios Bk. 60 thoige F an toighe PC
61 sa leath L 62 bhé. C; bhr. C mbr. F (*evidently taking -na, which*
is added above the line, as gp. of art.) 63 a mór MSS.; conchair Bk.FD
conch(h)air CP 64 chorrtar iomšnáith L

- 17 A lán féinneadh feadh an tighe,
tríd siar ar na sleasaibh taoibh,
airm chorra ag na hamhsaibh uaisdibh —
gasraidh Droma cnuaisdigh Caoin. 65
- 18 Buidhean mhór do mhacraidh síthe,
ó Síth Bhuidhbh nó ó Bhruidhin Lir; 70
nár lámh súil le a n-áille d'féagain,
ar tháille an mhúir ghéagaigh gil.
- 19 Buidhean cheard ag ceangal bhleidheadh,
buidhean ghaibhneadh ag gléas arm;
buidhean shaor nách d'éanfonnuirre —
néamhonn chaomh na mbuinne mbalbh. 75
- 20 Bruit dá gcorcradh, cuilg dá ngormad,
gaoi dá n-ionnsma, eich dá ngniomh;
bráighde i ngioll, comha dá gcuma,
sgola os cionn an rulla ríogh. 80
- 21 Géill dá ngabháil, géill dá léigean;
laoich dá leigheas, laoich dá nguin;
seoid dá siorchur inn is uadha —
an siothbhrugh slim cuanna cuir.
- 22 Do-bheireadh siad seal don lósain
ar luadh n-éacht, ar iomrádh ngleóidh;
do-beirthé seal ag slógh Uisnigh
ar ól bhfleadh, ar chluinsin gceóil. 85

65 feinne ar f. F; toighe FDPC 67 corra Bk.D; uaisde L 68 dhroma
chnuaisde L; caomh Bk. chaoin LC dhóibh (*sic*) F 69 sithe F síthe L
70 ó síth bú. Bk. ó síth baidhbhe L a sith bo. F o shioth bu. D; a br. C
a mbr. F a bhr. P 71 re anaille FPCBk. 72 thaibhle F; gil P ghil *cet*.
73-6 *om.* Bk. 75 shaor PC tsaor *cet*. 76 nemhfonn L; caol Ed.
77 cult C 78 nionnsmadh PCD 79 da cumha F ga cuma Ed.
da cuma D da coma P 81 ga ng. Ed.D; ga leigen Ed.D
da ligen Bk.F 82 ga l. Bk. ga l. D; gha ng. D ga ng. Bk.Ed.
83 ga s. Ed.D 84 an *om.* Bk. san F; s. ch. ch. C 85 dobhéradh Bk.
dobheirid FLD dobeired Ed. 86 ar l. néchta LD ar l. éacht Bk. acc l.
éacht F ar l. eachtra CP; ar *om.* F i. ngaoil F i. gl. CP 87 dobeirthi Bk.D
dobhearar F do doberthaoi L dobeirthé P dobeirte C 88 ag ól fl. ag
cl. ch. Bk. ar ol fl. ar cl. ch. F ar ol bf. ar cl. gc. Ed. ar luadh cen
ar cl. ch. CP ar ól fl. ar ch. ce. L

- 23 Rugsam as go haimsir gcaithmhe,
car an chaomhlaoi do chaith sinn
san mhúr gheal fíearuaine fásaign,
feadh éanuaire an lásoin linn. 90
- 24 Gabhaid cách 'ga gcur 'na suidhe
ar sleasaibh míne an mhúir ghil;
tearc i mbruidhin a séad samhla—
méad an mhuirir tarla astigh. 95
- 25 Cú Chonnacht Óg mhac Con Chonnacht,
cneas leabhar dá leanann dé—
ar suidhe dá mbíodh 'na bhruidhin
'na suidhe riogh suidhidih sé. 100
- 26 Suidhimse ar deis dreagain Teamhrach,
go dtairnig dhúin dálí na gcorn;
gé tharla a díol uirre d'uaislibh
uille an riogh níor uaisligh orm.
- 27 I gcionn aimsire an uair tainig
tráth luighe do lucht an dúin,
roighne an tslóigh mhóirfeithmhígh mhúinte —
cóirighthir dhóibh cùilte clúimh. 105
- 28 Suil rug an lá ar lucht na bruidhne
buidhean aca ag ionnsma sleagh;
craoithe astigh dá gcur re camháir,
fir ag dul do ghabháil ghreagh. 110

89 cca. Ed.D ca. F cha. *cet.* 90 gur chaith L 91 mór ngeal FL
 93 da gur F da ceur L da ccor DPC 97-100 om. D 97 cu co. Bk.FC
 cu con. P; con (con P) co. all save FCL 98 leabhair FL; leannán L
 99 dá mbi Bk.L; san mb. FPC ina bhr. L 101 dheis FC
 102 ttairnic(c) PCF; dú. LDFP; gcorm FDCP 103 tarla FBk.;
 dhiol C; duaisle F 104 uaisle F 105 a ccend PC; an uair thá. CLD
 an tan tanicc F *here* Ed. *breaks off through loss of folio.* 107 mhóir-
 feithmhígh L 108 cóimhreighther L coirighthear D; cuilce L culite *cet.*
 109-112 om. Bk. 109 suil PD sul *cet.* 110 ionnsmadh CDP; a s. F
 111 da gcur le comhair F 112 laoiche ag dul L

- 29 Aimsir aithghearr tar éis gcodail
do-chiú um šeabhadh Síthe Truim
forgla cáich 'na dtrealmhuibh tachair, 115
san ráith neamhdhuibh chlachaigh cuir.
- 30 Gluaisid uainn ré n-éirghe mhaidne
macraídha chródha chuirte an riogh;
'na mbróin mhóir leabhairthigh laighnigh;
neamhaithnidh dóibh snáidhmidh síodh. 120
- 31 Gearr arís go rugsad oruinn
aicme Cholla na gcuach n-óir;
ar gcur gach téire ar feadh fúthaibh;
mo chean ríge is dúthaigh dhóibh.
- 32 Dob iomdha an láso um Loch nÉirne 125
aoighe mná nách mair a fear;
's dob iomdha aighthe giall ngonta
d'aithe ghliadh ag tochta asteagh.
- 33 Seoid bhuadha do bhí san toighsin
i dtús an laoi nár leó féin; 130
's do bhí cradh do chóir an bhaile
i ngar dhóibh nách raibh aréir.
- 34 Éigse an dúin do díoladh ainnséin
le hua nEachach nár ob gleó,
beag an dioth daoire na n-éigseadh,
fríoth maoine nár léigsean leó. 135

113-16 om. D 113 co. Bk. L cho. cet. 115 forghla ch. L; ttrealmhuibh L;
tochair FLPC 116 mun r. F a r. L; gcl. F chalúich L; gcuirr F choir L
chuirr P chuir cet. 117 gluais7 uainne F; re heirghe maidne F ar
neirge maidne L 118 macradh Bk. marcruidh LF 119 fa br. Bk. C
na mbr. F; fa bhr. cet.; leabharthe lugnadh F 120 neamhaithne F;
dhóibh C; snadhmadh FDPC 122 cholla LC colla cet. 124 dóibh DC
125 néirne LD éirne cet. 126 faoidhe F oigidih L aoidhe CPBk.;
mhná C; nar m(h)air CPD 127 's om. LDFCP; aitche P áithghe C;
ghi. PCL 128 gl. Bk. FDC here P breaks off 129 seoide buaidh L
séoid iomdha C; do om. C do bhaoi F; sa teachsoin L is an mbruighin C
130 a ttús laioch nachar Bk. 131 's om. LD 132 dóibh LDF
134 neathach FD 135 na néigse (-i) FD a néigsedh Bk. 136 mháoine F;
leigsi F leigsiom C

- 35 Ar Mhág Uidhir d'iarraidh ceada
do-chuaidh mise ameasg na sgol;
ó ráith aird an eagair nútide
mairg do cheadaigh dhúinne dol. 140
- 36 Ag deadhail riom do ráidh seision,
ag snighe déar re a dhreich nduinn,
dá mbeith nár ghar mé don mhíldh,
nár sgar sé dá ríribh ruinn.
- 37 Cumhain leam an lá do chuireas 145
cúl re teaghlaich thighe an ríogh,
gur luigh do cheas ortha uile
nár bhfeas orchra dhuine dhíobh.
- 38 Ní fearr dhamhsa i ndiaidh an teaghlaigh,
truagh nár chaitheas ceann mo ré 150
suil bhus saoghlach inn dá aithle;
baoghlach linn go mairfe mé.
- 39 Ní chuala comhmaith an teaghlaigh
atá san dún — dia do bhail —
fa neach dár chin ó na Collaibh, 155
ag sin breath gach ollaimh air.

137 ma. L; di. séda Bk. 139 a. r. L; naird Bk.; na negar Bk.
angar L; nuaidhe F 140 uaidhe dol F du. dol LD dh. a dhol C
141 ar nde. Bk. ar de. D ar ndeaghait F 142 ar sni Bk.; a dhéar
dá dhr. dh. L dér le dr. nd. C 143 da mbeath D ma tá FBk.C
144 om. D ní(o)r sg. FBk. 146 thoighe F tighe L toighe D
148 nach feas Bk.FD; o. ar du. di. Bk. o. du. dh. C o. dh. dh. LF
o. du. di. D 149 nior bf. C; damhsa Bk.LD 150 ceann om. F
151 bús F bhús L budh DBk.C; sinn dá naithle FLC 154 do bhi
san C 155 do chin Bk. 156 ollaibh L *The copy in Bk. ends with*
this line, after which the scribe has written his name in 'ogham'
writing, as follows: mn̄gsng bhsd̄l dd̄l sḡngob, i. e. misi Aodh do
sgriobh

40 Baile Lithbhír na learg nuidhe —
 neach uaidhe ní fill dá thail;
 fear gach aird don bhaile ó bhréagas,
 baile 'gar maирg féagas air.

160

MAIRG FÉAGAS

157-60 *only in LCD* 157 liser L leibhtear D láithfir C; noidhe D
 nuaidhe C 159-60 fear gach aird ó bhaile brégaidh baile gar. maирg
 féagain air L 159 an bhaile bréagus C 160 mha. C; feachos D

Order of stanzas in Bk.: 1, 2, 5, 6, 4, 3, 7, 8, 12, 9, 10 (11 om.), 13-18
 (19 om.), 20-27 (28 om.), 29-39 (40 om.).

" " " " L: 1-9 (10 om.), 11-27, 29, 28, 30-40.

" " " " F: 1-8, 12, 9, 10, 11, 13-27, 29, 28, 30-39 (40 om.)

" " " " D: 1-8, 12, 9, 10, 11, 13-24 (25 om.) 26-28 (29 om.),
 30-40.

" " " " P: 1-8, 12, 9, 10, 11, 13-27, 29, 28, 30-32 (*rest om.*)

" " " " C: 1-8, 12, 9, 10, 11, 13-27, 29, 28, 30-40.

" " " " Ff: 1-8, 12, 9, 10, *then breaks off, with the statement:* ta an dán so sgriobta a náit eile san
 leabhar so.

12

AODH MHÁG UIDHIR

- 1 Léigfead Aodh d'fearaibh Éireann,
lór don bhaisgheal bhairrseimhseang;
leision Éire acht meise amháin,
a seise, a céile compáin. 5
- 2 Ní fuighinn ionadh ag Aodh,
atáid uime ar gach éantaobh—
ní-m-léigse i gceann ó gCriomhthain—
na héigse is fearr d'Éirionnchuibh.
- an éigse*
- 3 Ní meisde, ní meisde sin,
féachfa mé re Mág Uidhir, 10
mo rí Gabhra an ngéabhadh lam
ó tharla um éanar agam.
- 4 Éigean dúinne déanamh air,
madh olc, airdrí an fuinn Mhanchaigh,
bas ghéigleabhar, taobh mar thuinn— 15
do céidgheabhadh Aodh oruinn.
- 5 Sgéal beag uaigneach uime sin
inneósad d'Aodh Mhág Uidhir—
gruaidh fionndaithgheal dá dtráigh tonn—
nách cáir iomaithbhear orom. 20

MSS.: Book of O'Conor Don (Bk.) f. 218a, 23 L 17 (L) 96a, 23 F 16 (F) p. 102, H 4 15 (H) p. 85, A iv 3 (A) p. 632.

Headings: tadhg dall o huiginn Bk. tadhg dall ec L. *om.* FH tadhg . . . remainder torn away A

Variants: 2 bhaisghil LBk; bhairrseimhseing Bk. 3 leisium H
4 a s. a ch. a ch. L a s. cé. co. H a s. cé. co. Bk. 5 ni bl. LFH
6 naontaoibh F 7 nioml. H 8 ineicsi F an éigsi H; dhé. L
10 lé H 11 riom H 13 e. damhsa F é. dúin Bk. 13-16 *om.* H
15 -leabhair F 16 chéidgheabhair' Bk. ceайдgeab' F 17 dhaodh Bk.
19 gruadh f. F; iondaithgheal Bk. 20 ionaithfear Bk.

- 6 Seacht bhfir dhéag d'éigsibh Uladh
do-chuaidh d'iarraidh ealadhan,
dál an chuaine finn Ultaigh
go Cill Chluaine i gConnachtaibh.
- 7 Do cheannchadar muc is mart, 25
gabhsad na dronga adubhart,
fioch troda ar gach droing don dáimh,
ag roinn a gcoda i gcéadáir.
- 8 Fiarfaighis fear an tighe
fan mart cia do cuirfidhe, 30
nó fan leabharhmuic dtruum dtigh,
don druing neamhordhruic náirigh.
- 9 Tiad fan muic d'aitheasg éinfir,
ní fríoth don druing dhíchéillidh
acht éinfear amháin fan mart,
a dhéineamh géar dháil deanacht. 35
- 10 "Nár thí mo bheó choidhche ar gcúl,"
do ráidh fear aca ag iompúdh,
"ón druing caradsa ro-m-chuir,
raghadsa fan gcuirr genámuigh." 40
- 11 Na seacht bhfir dhéag—díochra an cion—
ní dheachaidh diobh fa dheiriodh
fan mart bhforthaigseal acht fear,
smacht orthaibhsean níor éidear.
- 12 Smuainidh, a bhruinne bhántais,
mar thug iomad omhántais 45
an t-aonduine amháin ón mhuic,
a aoghuire Chláir Chorbmuiic.

21 fir Bk. 22 tainigh di. L tainicci di. F tiagaid di. H 23 dála LFH
26 gab(h)aid FH 33 tiaid L téid FH 36 i deiniomh F ag déanamh H;
dennacht L 37 ná tí LF 38 neach aca F 39 romcuir Bk.
romchair F 40 fan om. Bk. 42 dhíobh Bk. 43 bfortuilgeal Bk.
44 nir bfeider F ní héider L 45 smuainsi i brunne bá. F 46 mar
rucc F; ómántais L óm antais H omhaintais F 47 muic MSS.

- 13 Tusa aniú, a mheic Mhég Uidhir,
ní guth orm gan t'ionnsuighidh;
do chomhmoladh is leasg leam
ameasg ollamhan Éireann. 50
- 14 Ní tásg cruais, ní cogadh ruibh,
ní fuath, ní héadóigh asuibh,
atá, a mhíonghrauidh sídhe šeang,
dot šiorbhuan dinne, acht doicheall. 55
- 15 Giodh maith tú, ní thréigfinn ort
mo dhuine féin Cú Chonnacht,
mo threise, mo ghrádh, mo ghean,
meise fa lár ní léigfeadh. 60

LÉIGFEAD

49 sic leg.? tusa an mhuc a mhég u. Bk. tusa aniogh *míc* mheg uibhir L
tusa aniogh a mheic meaguidhrlr F tusa aniúgh a mc mhéig guidhir H
53 cruas Bk.; ní co geadh cruidh H 55 at a mi. H 56 do sí. H
57 gé LHF trú LF 59 šeise HFL 60 meisí ar lan ni leighiobh F
misi ar do láimh ní léigfeadh H

13

BRIAN MHÁG UIDHIR

- 1 Pardhas Fódla Fir Mhanach,
clár téiglidhe torcharach;
tír na ngort dtirmghléigheal dtais,
ar imdhéineamh port bParthais.
- 2 Ceól neamhdhuidhe nuall a tonn,
bláth forórdha ar a fearann;
taidhbhse mheala millse a sreabh,
trillse a feadha gá bhfilleadh. 5
- 3 Gleannta míne ós moighibh cuir,
srotha gorma ós na gleanntuibh;
fiodh cnóbhuidhe ar cún na sgoth,
clúmh órdhuidhe gá folach. 10
- 4 Lór do bhuan fiabhrusa dh'fior
duinne a géag, guirme a huisgiodh,
deirge a clúimh, neamhdhuibhe a néall;
neamhdhuidhe a húir 'sa haiéar. 15
- 5 Cosmhail re ceólaibh Pardhais
mon gcrích dtaidhiúir dtobarghlais
fuaim a sruth ngainmhidhe nglan,
tre ghuth ainglidhe a healtan. 20

MSS.: A IV 3 (A) p. 623, 24 P 12 (P) p. 106.

Headings: tadhg dall A om. P

Variants: 1 parrtas P 3 ttirghleigheal A 4 ph. bp. A po. pa. P
 5 neamhdhuighi A nemhdhucche P 6 ar om. A 8 a om. P; da P
 9 muicchibh scuir P 10 os na gl. P sna gl. A 11 scooth P sgoth A
 leg. sroth? 12 órruidhe MSS. 16 neamhdhuighi A nemhghuidhe P;
 haidhér A haiger P 18 san gc. P 20 no guth A

- 6 Ní féad teanga — gá dtám ris? —
leath a haoibhniosa dh'aithris,
críoch mhaothbharrchas na sreabh seang —
ceadh acht aonpharthaas Éireann? 25
- 7 Ní bhean neach re neach oilé
san pharthas te thalmhoidhe;
ní fuil fear éadála ann,
ná fear éagára d'fulang.
- 8 Do-geibhtheair fós le gach fear
tibhre seirce 'na silleadh,
nách bí ar tí dioghbhála dhí
fiornáma dá dtí thrithi. 30
- 9 Ní bhí sliocht foghlaidhe i bhféar,
ná lorg arracht i n-aiéar,
ná raon tarathar i dtuinn,
mon gcladhachadh saor séaghuinn. 35
- 10 Ní bhíd fuatha ina feadhaibh,
ná ilphiast 'na hinbhearaibh;
ní bhí torbhaidb ar tí a cruidh,
ní bhí foghlaidh gá foghail. 40
- 11 Ní lamhaid tadhall trithe,
tar a cladhaibh coigeríche;
beag suim an ghormoirir ghil
i bhfoghloidhibh Fuinn Éibhir.
- 12 Fuair an chríochsa um ghort nGabhra
d'anchumhachtaibh éagsamhla —
tar nách éidir í d'faghala —
ní éigin dá hanaghala. 45

26 san parrhas A sa p. P; the ta. A te ta. P 28 na MSS.
30 tibhredh A 33 only first three words legible A foccl' P 34 ná
haidhér A 35 no P 37 ni bhi suath A 38 no P 39 a om. A
40 da f. P 41 trithi P thrithe A 42 a cloichethibh P 45 gabra P
47 dfoghal A dfocchall P 48 hanagall P

- 13 Ní buadha cloch, ní féigh fiagh
chaomhnus cuanta a críoch n-imchian; 50
ní learga foirbhthe, ní fiadh,
ní cearda doilbhthe draoitheadh.
- 14 Atá aca éinní is fearr
do dhíon na gcrioch go coitcheann;
díol cáigh d'aoghuire san fior— 55
aonduine dhaíbh is dídion.
- 15 Brian Mhág Uidhir na n-arm nocht,
mac Donnchaidh mheic Con Chonnacht;
sgiatr caomhanta Críche Duinn,
aondalta Síthe Sioghmuill. 60
- 16 Dromchla aigéin re hUltaibh,
múr cloiche re Connachtaibh;
céile bhan mboighbhithe mBreagh,
cladh coigcríche an dá chuígeadh.
- 17 Luibh íocsláinte d'fuil Eachaidh,
doras bás do Bhréifneachaibh;
an chaor neimhe don Niallfail,
's don taobh eile d'Oirghiallaibh. 65
- 18 Pardhas Ádhaimh Inse Fáil,
Fir Mhanach na már gconáigh:
ua na ndeighfear ó Dhún Bhreagh
mar mhúr teineadh 'na timcheal. 70
- 19 Dá mbeantaoi éinchreach d'fuil Chuinn
ó Éirne go hÁth gConuill—
'na n-airgnibh do-geabhtha geall
a ceathra hairdibh Éireann. 75

49 ní se P 50 caomhnus MSS. 51 soirfe A; no fiadh P 52 doilfi A
53 eini P aoinigh A 58 m̄c d. m̄c con co. MSS. 60 sioghmoill A
siodhmuill P 62 chloiche A 66 breitneachaibh P 67 caor P
68 's om. A 69 parrias P 71 bregh MSS. 72 mur P 74 conuill A
75 na haircce do geibhthi angeall P 76 fa ceithre hairde P

- 20 Ní fúigfeadh teach gan toghail
um Bóinn an bhruaigh thorchoraidh,
nó mon Muaidh dtírimghil dtais,
nó um firimlibh bruaign Bhearnais. 80
- 21 Comhmór do hairgfidhe uaidh
na tolcha corra um Chraobhruaidh,
'san eang síthe ó Chruachain Chuinn
go bruachaibh chríche Coruinn.
- 22 Tabhairt aighthe ar adhbhaidh mbeach,
nó is cor láimhe i niod naithreach —
tír a sean d'faghail ón fíor,
nó is aghaidh ar theagh dteineadh. 85
- 23 Atá le fada ag feithimh
le Brian féin dá fóirithin,
'sgach fádh ag tairngire a thocht
don chlár ainglidhe éadrocht. 90
- 24 Fuilngid Gréagaigh eacht eile
beith mar so seal d'áiridhe,
fa chiaigh mhóir dhocrachta dháibh,
i ndóigh fortachta d'fagháil. 95
- 25 Gluaisid forgla bhfear ndomhain
fan nGréig n-éacthaigh n-iorghalaigh,
gur bhean siad a draoidheacht dí
do-niad i n-aoinfeacht uirri. 100
- 26 Ó nách fuairsiod cead catha
na gasraidhe Gréagacha,
rí an tsluaigh rachalma do ráidh
a n-athardha ar n-uair d'fágbháil.

77 fúigfeadh A suicse P 78 um bhoinn A fa boinn P; an bruig P
79 no fa mh. P; bernais MSS. 80 no fa P 81 as commór do
hairgfidheth A 84 sgo b. c. in c. P 85 bheach P 86, 88 no MSS.
(87-8 = 18 . 131-2) 88 teg P 89 re P lé (*altered from ré*) A; no
fe. P 90 re brian P 94 seal airidhe P 95 mho. ndo. MSS
97 gluaisis P 101 bf. MSS.

- 27 "Ná fágbhaidh," ar fáidhe Gréag, 105
 "fearr dhaobh bhur gcríoch do choimhéad;
 lucht bhur n-oirbhearta is ní náir
 ar tí a n-oighreachta d'fágbháil."
- 28 Draoi dhíbhséin arís do ráidh:
 "córáide an chrioch do chongbháil, 110
 atá aonduine i ndán dí
 bhus aoghuire ar clár chruinni."
- 29 "Atá 'na naoidhin aniogh
 fear ar saoraidhne," ar seision; 115
 "dá bhfoilngeam a bhfoigheam dh'ulc
 roighearr go bhfoighbheam fortacht."
- 30 "Sloinn dúinn ní is soillse iná sin,"
 do ráidh cách d'aithiosg aoinfir,
 "cia hé, nó an mbéarthaoi go a bhun,
 an té adéarthaoi dá dhéanamh?" 120
- 31 Do ráidh an draoi—dia do rath—
 "Earcoil mór, mílidh Gréagach,
 is é adubhart do dhíon cháigh,
 do bhriogh cumhacht is chonáigh."
- 32 "Beid," ar sé, "slóigh an domhain 125
 mon ndraig n-uathmhair n-éagsamhail,
 gnúis roithneach dán hainm Earcoil,
 an phailm thoirtheach thairngeartaídh."
- 33 "Ní bhia i n-ilphiasdaibh oile,
 ní bhia i ndúilibh daonnaidhe, 130
 neart ó bhfuighbheadh righe ris,
 tuillmheadh a fine dh'aithris."

106 dhibh P 107 is om. P 109 diobh sin P 110 conmhail MSS.
 112 gcrúinni A ccrúinne P 114 saoraini ar seisiún P 115 bfoilgem,
 bfoigbem (*in the latter word the second b added above the line by the*
scribe) P 117 dhú, A; no sin P 119 co bun P 123 gcáigh A
 caich P 124 chu, A 126 fan draig P; nuathní A 127 danbainn P
 128 sic leg.? t(h)airrngert MSS. 129, 130 bi P 129 ele P
 132 tuillmigh P

- 34 Cinnis an draoi adubhairt sin,
mar chomhairle dá chairdibh,
go dtí a dhreach chaomhšoilleir chorr, 135
breath gach aonoiléin d'fulong.
- 35 "Dá ndearntaoi a ráidhimse ruibh,"
ar an fáidh, "go fás Earcoil,
'nar thaibhgheadar na trí roinn
ní bhí acht airleagadh orainn." 140 X
- 36 "Cead linn a n-uighbheam d'olcaibh,
do ghábhthaibh, do ghuasachtaibh,
is dáil gcabhartha 'nár gcionn—"
labhartha cáigh go coitchionn.
- 37 Fuilngis gach breath dá mbíoth air, 145
iomthús an airdríogh Gréagaigh—
gruaidh doinnghealais nár chleacht coir—
go teacht oirbheartais Earcoil.
- 38 Téid naonbhar ban dá bhranar,
d'aindeithbhír lé apghaghadh, 150
do mhnáibh ríogh gasraidhe Gréag,
lón dar chasmhaile a choimhéad.
- 39 Ní théigheadh, bhós, tre bhiot sior
do ghlún nó d'ucht an airdríogh,
lé mbíoth d'forcoimhéad uaidh air, 155
ní drochcoimhéad fuair Earcail.
- 40 Gairid d'Earcoil dá éis soin
gur chuir faoi forgla an domhain;
gá dás luadh imdheachta an fir—?
tinghealta an druadh do dheimhnigh. 160

134 ciness P 135 comsoileir P 137 -se om. A 138 faith P
 139 nár thaibhghiodar A ar taibhgedar P 140 airlegan P 141 bfuighim A
 bfuichcbem P 142 gab² P 143 ó ata d. c. ar ccenn P 145 suilccus P;
 mbi P 147 dho. MSS. 149 naonmar A naomar P 150 lén apghad A
 re apuccadh P 151 gha, A 153 bhith MSS. 154 no MSS. 155 re
 mbiodh P; d'orchoimhd A 156 drochchoimhd A

- 41 Lingtheар leis lucht an bheatha,
dioghlais orra a n-ainbhreatha;
seóid Ghréag ón domhan 'na dhál
'na dtoradh chéad ag claochládh.
- 42 Maith do-chuaidh dá chairdibh gaoil 165
anmhain ris i méad macaoimh;
gá dú — acht ní hinleanta air —
clú na himdheachta ar Earcoil.
- 43 Mar sin do bhádar fa Bhrian 170
siol gColla na gcreach n-imchian,
go haipgheaghadh dá ghruaidh ghil,
'na mhaicleanabh uair éigin.
- 44 Gur chaithsiod fós Fir Mhanach,
go himšníomhach urchradhach,
seal ag sírfeithimh mar sin 175
le ríbheithir fear nOiligh.
- 45 Gur leasoigheadh — lór do rath —
ar ghlún airdríogh Fear Manach,
'sle mnáibh breachtšoilse glac ngeal,
an tEarcoilse Mac Míleadh. 180
- 46 Gur líon fós do mhéad meanma
ar feabhas a oileamhna —
gnúis chorcra ón soidhearaidh siodh —
's d'oileamhain ochta an airdríogh. X
- 47 Go rug orra dá éis sin 185
mac Donnchaidh mheic Mhéig Uidhir,
re béal a dtabhartha i dtír,
ar séan gcabhartha a chiníl.

161 lingter MSS. 164 na to. MSS.; ag claochládh A on claochlágh P
166 a m̄y MSS. 168 no imdechta earcall P 171 haipgheadh' A
haipciucchadh P; ngil P 178 airdrigh is ardflath A 179 's om. P;
briochtšoilse A; ghlaic A 181 mb̄y MSS. 182 o f. P 184 's d' om. P;
an om. A 188 c. a cinil P ḡe. a cheinil A

- 48 Síol gColla, cinéal Eóghain,
do thabhaigh is taibheóghaigh
a bhfuil orra re hathaigh
ag ful Cholla i gcartachaibh. 190
- 49 Ag síol gColla Chláir Dá Thí
do bhí gach breath dá mbeirthi
'na cuid rúin ag rioghaibh Breagh
súil re a dioghail fa dheireadh. 195
- 50 Fa cead leó a n-aghaibhdís d'ulc
ó Ultaibh, ó chrích Connacht,
ó tharla cobhair 'na gcionn
fa chomhair faghla Éirionn. 200
- 51 Fóchtaid feasda dá bhfoltaibh
d'Ultaibh, don chrích Connachtaigh;
ó tá an Brian tarngaire ar dteacht
faghlaidhe ag triall ón tuaisgeart.
- 52 I dtús cháiigh tiocfa ar tosaigh
mac inghine an Aodhasoin;
bas neartmhar le niamhthair ga,
Earcal iarthair na hÉórpa. 205

PARDHAS

190 taibheóghaigh A toibheoghuigh P 191 re hat A le hath* P
 192 ag om. A ac P 193-6 om. A 197 sic leg. P a bsaghdaois MSS.
 199 ccend P 201 ... chtaid A fochtait P 202 dulta P 205 cáigh A
 chaich P; ttosuig P

CATHAL Ó CONCHOBHAIR

- 1 Déanam cunntus, a Chathail,
d'ionnmhus agus d'ealàthain;
cúis a dhéanta is crádh croidhe,
a réalta ó chlár Chalroighe.
- 2 Briathar ghnáth, a ghnúis fáilidh,
“deireadh cumainn comháirimh;”
ní hé an glór nách doiligh dhamh,
a rómh oinigh na n-ughdar.
- 3 Mithigh dhúinn déanamh cunntais,
gidh eadh, a rosg réaltunntais,
a ghruadh frithir, a rún ban,
níor mhithigh dhún a dhéanamh.
- 4 Moch dúinn do dheónaigh tusa
dhól i gceann an chunntusa;
críoch m'anosa is adhbhar cumhadh,
amhgar dhamhsa an deónughadh.
- 5 Cunnradh duas agus dána
do-ninn red dhreich ndonnmhálla,
mar budh dual duidse agus damh;
truagh mo chuidse don chunnradh.

MSS.: Book of O'Conor Don (Bk.) f. 332a, 23 F 16 (F) p. 129, 23 D 4 (D) p. 333, TCD H. 6. 7 (H) p. 488, 23 G 24 (G) p. 259, F vi 2 (St.) p. 293. See O'Grady, Cat. 434. GSt. are late and inaccurate and present no variants worth recording, save the reading of 131, which shows their kinship with HBk.

Headings: tadg dall .cc. Bk. tadhg dall .cc. FH tadg dall o huiginn .cc. D an fer cedna cc. do ó conchúbhair *connacht* (follows 20) G tadhg dall ó huigin cct. do chathal ó chonchubhair .i. righ *connacht* St.

Variants: 5 b. gn. HD; failghen D ailgen Bk. ailghean H 6 d. cunntais Bk.; comhaireamh Bk. FH 7 sni F; gloir Bk. 8 róimh Bk. H 9 denaimh Bk. 11 ghruaidh F 36-40 follow 12 in D 13 dhúinn HF 14 dol D dul HF 15 mha. FD 16 a dhe. FDH 18 do neasinn F 19 budh buadh dhuitse H

- 6 Ní dheachaidh dár gceirdne i gcruth
nár chumas dod chúl ghéagach,
ón duain go haonrann d'fighe,
a shaorbharr sluaigh Sligighe.
- 7 Ní raibhe ó šeinm na ggraobh gciúil
go sgaoileadh na sgéal dtaidhiúir, 25
's uaidh sin go huaisle t'fola,
nár libh uaimse an ealodha.
- 8 Déanam cunntus go nuaanois;
fionnam uait mar do íocuis
gach cáil 'na ndeachamair dhuit, 30
a chreachurraidh Chláir Chormuic.
- 9 Créad an tost atá oraibh,
a Chathail Í Chonchobhair,
gi bé do dáileadh damhsa 35
gan é d'aireamh oramsa?
- 10 Créad nách maoiðhise, a mheic Taidhg,
a bhfuaras ód ghnúis ghealaírd,
do luagh mo rachunntais ruibh,
a sduagh bhachalltais Bheannchuir? 40
- 11 Gach breath dúinn dár dháil tusa
dá gcurthaoi san gcuunntussa,
a dhamh ré an bhróghasa Breagh,
níorbh orasa é d'aireamh.
- 12 Do-geibhthi uaid iall an sbuir, 45
do-geibhthi an crios, a Chathuil;
do-geabhhtha an brat 'san bleidhe,
'san eachra, a šlat Śligighe.

21 dár ccéird a cruth H 22 gé. Bk.FD; nár dod chúl cumhaidh
bachluch H 27 's om. FHD is Bk. 28 am ealadha D mealadha H
30 fionnaim F 31 a nde. D; duit Bk. doit D 33 créad é an D;
tocht H 35 dhamhsa Bk.F 36-40 follow 12 in D 37 maoiðhise D
41 dhu. Bk.HF 42 da ecuirthi san ch. FD dá ecuirthi san cc. H
43 bħre. H 44 ní horusa FII 45 do geibhthi here and elsewhere H
47 bléidhe l. corrann (= corn) H 48 sl. sl. Bk.

- 13 Ochán! och! do-geibhthi an ghroigh,
 'san chaor bhuaidha ód bhais leabhair; 50
 'san bheann órdhaidhe 'san fail,
 a cheann mórmhaighe Murbhaigh.
- 14 Do-geibhthi an crodh ód chúl fann,
 do-geibhthi fós an fearann,
 a sgiath chosnaimh chuain Duibhe, 55
 'san crodhsoin uaibh d'ionghuire.
- 15 A chéad urdail dá n-aghbhoinn
 uaid, a bhéildeirg bhriatharmhoill,
 a bhfuair mé d'iolmhaoinibh ann,
 ní hé is ionmhaoidhimh oram. 60
- 16 Córá do mhuirn do mhaoeidhimh,
 'sdo rún fáthach forbhfaoilidh;
 a bhrágha fionnmhoighe Fáil,
 cára h'ionmhoine is t'anáir.
- 17 Do-gheibhinnse, a ghéag Luighne, 65
 do chogar, do chomhuirle,
 t'uille agus leath do leabtha,
 breath nár thruime toirbhearta.
- 18 Cóir a bhuidhe do bhreith ruibh —
 fuaras ó chách, a Chathail, 70
 na haisgeadha fa lór linn,
 do lógh m'faigseana ar h'uillinn.
- 19 Ní féadfamaois, a ghruadh gheal,
 leath a n-uaramar d'aireamh,
 idir šluagh finntighe Fáil, 75
 do luagh impidhē it anáir.

49 ochón F uchán D; do geibhthi F 50 bhuaidh D; san chaor
 bhuaidh i. caingealli šoilseach do šior H 51 ce. Bk. 53 fann MSS.
 55 co.cu. Bk. 57 dá naghainn H da bhsaghbhoinn D dá bhsaghainn cet.
 59 da bf. Bk.H 60 nach é D 61-4 follow 68 in H 61 mhaoi-
 dhemh Bk.F 63 braighe Bk. bhrágha ghill f. H 64 cáire Bk. córá FD
 om. H which reads: sin (?) tionnmhuine is tanár 65 dogheibhmisne D
 68 thr. ar tto. D 70 a bf. Bk.H 71 budh lór D 72 bhfaicseana D
 mfaisdine H 73 ghruaidh F 74 leath om. H; bfu. MSS.

- 20 Fuaras tríod don taoibhse aniar
mo cheannach ó Chloinn Uilliam,
'só chath Bhréifne uair eile,
a féithle sluaigh Sligighe. 80
- 21 Fuair mise, is ní mé do thuill,
mo chuid d'ionnmhus chlann gConuill,
's d'éadálaibh ó Néill anoir,
ód chéibh ghéagánaigh gabhláigh.
- 22 Do saorthaoi ar son mo cheannaigh
clann Ghoisdealbhaigh, Gaileangaigh,
do Chloinn Chubháin, do Cheara,
níorbh fuláir ar n-aisceadha. 85
- 23 Im' thuilleamh buidhe do bhíodh
gach rí, gach adhbhar airdríogh,
ó chuan Eirne go hEachtgha;
ní tuar éirghe aigeanta. 90
- 24 Ní fuair file romham riamb
maca samhla dáir soimhiadh,
um Thealaigh bhféirmhín na bhFionn,
ó éinrigh d'fearaibh Éirionn. 95
- 25 Ní raibhe ag Cunn na gcéad dtreas
d'onóir ar Eochaíd Éigeas,
a šlat bhagair Bhanbha Cuinn,
a dtarla agaibh oruinn. 100
- 26 Giordh é Fítheal, fáidh Cormaic,
frioth liomsa as do leabharaghlaic,
a rí sluaigh bhastana Bhreagh,
asgadha nách fuair Fítheal.

77 triot D 79 sa ca. D só ca. F; br. MSS. 80 seithle i. coimirce,
suaimhneas 7 fós e (?) adlaidh H 81 is ní om. F 82 cl. Bk.D 84 ng.
ng. Bk. gh. gh. DH 85 do ch. H 86 gh. gh. H go. ga. cel.
87 cùdháin D chomáin *with dot under m and bh above it* Bk. 88 nior
bhfuráil H nir fulair F 92 dteirge mhaigeanta D 93 ni bl. Bk.FD
95 ba the. D 96 ag éinrigh D 97-100 follow 104 in H 97 conn Bk.F
99 chu. H 101 cho. FH 103 ba. br. MSS.

- 27 Níor chleacht Torna — gá dtám ribh —
re linn Néill ná Cuirc Caisil —
oide suadhollamh bhfear bhFáil —
meadh a n-uaromar d'fagháil. 105
- 28 Muirn Mheic Coise, cian ó šoin,
re linn Taidhg Mhór mheic Cathail,
dom chionsa ní séad samhail,
ionsa h'éag ót ollamhain. 110
- 29 Muirn Mheic Liag i Leith Mogha,
i n-aimsir Bhriain Bhóromha,
gér mhaith rí fionntolcha Fáil,
níorbh ionchomtha í is m'anáir. 115
- 30 D'ollamhnaibh Banbha na mbeann
ní thug airdrioghraíd Éireann
leith ar bhfaghála ód dhreich dhil,
ná leith m'anára i n-aointigh. 120
- 31 Ó nách féadaim teacht thoraibh,
a Cháthail Í Chonchobhair,
bheith 'god luadh is doiligh dhamh;
truagh gan m'oidhidh it fáradh.
- 32 Níor šaoil neach ar dhruim dhomhain
mé tar h'éise d'anamhain; 125
nár dhamhsa gan dol red chois
ar son t'annsa agus t'ionnmhois.
- 33 Deacair d'uaislibh Inse Fáil
ó mhair mise is tú ar dteasdáil,
a sghath Ghaoidheal Chláir Chonnla,
dáigh a haoinfíor ealodhna. 130

105 li chl. D; gá tláim H ga attam F 106 no DF 1.ó H na Bk.; ch. ch. H 108 da bhf. D a bfu. *cet.*; danáir H 111 do cionnsa Bk. do chionsa H 112 thég Bk. teag F téig H 113 a le. Bk.D o le. HF 115 f. táil D 116 is mha. D 118 ní tugsat airdriogha Bk. ni thug airdígh H 119 ndil Bk. 120 no F na *cet.* 123 dod l. D dá l. H; damh Bk.D 124 mo. at a. F mho. at f. D mho, ar a. H 125 ní š. F; dr. do. H 126 tar teaissi F dot éisi D 127 da. Bk.FD 128 ha. 7 hi. D 130 o mhairimsi F o mhairim D ó mhaireas H 131 a sghath ga. D a sgaith gha. F esga gaoidhil Bk. easga gaoidheal HGSt

- 34 Minic do širthea ar Dhia dhamh
ré budh sia 'ná do ſaoghal;
a lámh thilte bhraonchláir Bhreagh, 135
do chlaochláidh h'itche m'aigeadh.
- 35 Tánuig h'itche, fa ríor ruinn;
fuarais ó Dhia, a dhreach séaghuinn,
bheith ſaoghlach dúinn id dheaghaidh,
a aonbhrath Múir Mhuireadhaigh. 140
- 36 Níorbh iongnadh h'itche d'faghbháil
duit, a bhaisgil bhriatharnáir;
níor éimdhéabhair neach fa nimh,
a dhreach séimhleabhair ſuilbhir.
- 37 H'itche féin, fearg an Choimheadh, 145
ro-m-chráidh, a chruth séaghoinngeal;
i n-aghaidh mo dhísle dhuid
m'faghail is tríbhse tánuig.

TÁNUIG

133 do sirthe F do shiortha Bk. budh sirthe H 134 bú F; sia MSS.;
ina bhur sa. D ina sa. H 136 do mhaothchráidh FH; mha. H
137 tainic Bk. tainig FD tainigh H; itche i. athchuinge *Request add.*
lower marg. H fa raor Bk. 138 suaras F 139 a bheith Bk.
142 bhaisgeal H 143 eimhgheabhair F 147 duit Bk. doit D dhuit F
148 tánuic Bk. F tainig H

MÓR INGHEAN BHRIAIN BHALLAIGH

- 1 A Mhór cuimhnigh an comann,
gá dtám dhó, a dhearc fochondonn?
ní budh cás réidhiughadh roinn
ór fás d'éiliughadh eadroinn.
- 2 Ós dá chasaoid red chéibh mbuig,
tarla dhamh—dia do neamhchuid—
biodh nách foilcheas an fissin,
gníomh nách oircheas d'innisin. 5
- 3 Fa ríor, do-rinne mise
rem thighearna tairise,
a shubh chraobh ó chathraighe Bhreagh,
taom asar athraighe aigneadh. 10
- 4 Do-roinneas damhna diomdha
ar tosach rem thighearna,
's rem lucht oileamhna, a ghrudh gheal,
fa tuar doimheanma a dhéineamh. 15

MSS.: Book of O'Conor Don (Bk.) f. 277 a, Franciscan A 34 (Fr.) p. 106, 23 F 16 (F) p. 37, 23 L 17 (L) f. 54 b, Advocates' Lib. No. LII (Ed.) (see Mackinnon p. 127), 23 H 8 (H) f. 50a (only contains ll. 153-216), C i 1 (C) p. 32, written by Charles O'Conor, who has added marginal variants. See also O'Grady, Cat. 411. The copy in Adv. Lib. No. XLIV (Mackinnon p. 123) only comprises the opening lines.

Headings: tadhg dall o huiginn .cc. Bk. an fear .c. na .cc. Fr. tadhg dall ua huigginn cc. F tadhg dall o huigin cc. L tadhg dall úa higinn cc. do mhóir ni ruairc *inghin briain bhallaigh mhoir* C om. Ed.

Variants: 2 gá L ga cet.; dú C ttú L; dhó om. I. 3 ní cas a r. with budh added in later hand Fr. ni cás a r. F; rom L 4 ar fás Fr. far fás LC; orom L oruinn nó edruinn C 5 ós lá C 9 fa raor C 11 a súgh cr. Bk. a sugh cr. F a shubh cr. C; a ca, L o ca. F; br. F mbr. Fr. 12 asar a. ma. L dar a. a a. Ed. léar a. g a C 13 dorinnes L do rinnas F 15 ghruidh LF

- 5 Do dhearbhadsad dó — gá dám ris — ?
 drong lónmhar do lucht aimhlis
 ar sduaigh n-úir mbionnfoclaigh mBreagh
iomarcaidh dúinn do dhéineamh. 20
- 6 Atáid daoine dá rádh ruinn
 gur chum mé i ndán d'Ó Dhomhnuill
 ✓ leattrom, más fíor, 'na n-aghaidh
 ar síol gceanntrom gConchobhair.
- 7 Mór do-rinne rí Sligigh 25
 riom fan amsoin d'foidhidin,
 rí an tsluaigh ón chlaidhliossoin Chuinn,
 'sa bhfuair d'aimhliosoibh oruinn.
- 8 Atá sinn ó sin i le
 dá sheachna ón chrích go 'chéile, 30
 tre feirg bhfrithir chloinne Cuinn,
 's do bhithin doirre Domhnuill.
- 9 Ar son nár fógradh mé, a Mhór,
 do dhruim a feirge d'fadódh,
 mar táim do hionnarbadh inn 35
 tre Chlár bhfionnardghlan bhFéilim.
- 10 Ré bliadhna agus beagán lais
 dúinn gan teacht dár dtír dhúthchais —
 céad bliadhain ní buaine liom —
 uaidhe idir fiadhaibh Éirionn. 40

17 dó om. L dhó FFr.; ttám L 19 síú LED.C ar stuagh úr bfonnfocl' bhr. Bk. a sduaigh ur bhionnfocl br. Fr. a sduaigh úr bionnfoclaich bhr. F 20 iomarcuigh L iomarcoch Fr. iomarchach F iomarc- cet.; dhún Bk. dhúinn LC; a dhenamh F 21 atá L; daoine adéradh FLC but the reading above is given as a variant in C daoine adearaidd Ed. 22 go dtug mé LC 23 fíor MSS. 26 rinn L; mánamsoin C 28 fá bhf. L. fa blí F 29-32 om. in orig. text of C but added in lower marg. 29 sín F 30 on gc. C 31 ír. cl. F ír. chl. C 32 sdo L. do cet.; doire F 33 mhe L. 34 a om. C 35 táim FL. 38 dhuinn Bk.; thecht L; gan techt (dúinn om.) inar dtír C; dhúthchais L. ndúthchais cet. 39 linn F 40 eireind F idir iadhuibh oile é. Bk. and as var. in C

- 11 Atá ar gcion bhós re bliadhain
idir chloinn Néill Naoighiallaigh,
idir siol gConuill ag clódh,
an tsíon oruinn ag iompódh.
- 12 Drong ó bhfuighinn riamh reimhe
sgoth mhuirne ar feadh m'aimsire—
caithid saorflaithe fear bhFáil
ar feadh n-aonlaithe mh'anáir. 45
- 13 Ní bhí oruinn 'nar n-áit féin,
an treimhse atámaoid aimhreidh
le rígh mhuighe saoir Suca,
acht aoibh dhuine dheórata. 50
- 14 Muna thí do Dhia agus diod
mo dhionsa, a chiabh na gcaimdhíog,
neart m'anacailní ful ann
lér luigh d'anacair oram. 55
- 15 Dá saora tú, a thaobh gealtas,
meise i n-aimsir m'éigeantais—
breath sin do dhearbh gach duine—
libh ar sealbh go siorruidhe. 60
- 16 Córí dhúinn bheith do bhreith dligidh,
dá dtí dhíot inn d'fóiridhin,
a bhas šliom bhanamhail bhog,
do chionn mh'anaghail agod. X

41-4 om. F 41 ar ccionn Bk. 43 feidir C; siol C; ag cló Fr.
agcló Bk. a clógh L acc clódh C 45 d. ó bhsaghuinn r. L do bhaoi
aguinn r. C with reading of text as var. 46 sg. mu. seadh ma. Bk.
sg. murrni ar feadh mha. F sg. mu. ar fedh mha. C sg. mhuiri ar feadh
mha. L 47 a fear F fer L bsear Bk.; bhFáil om. F 48 ar fedh a. C
ar seadh a. Bk.L; dsaghail nō manáir Bk. 50 treimisi F tréimhse L
treimhsí C; ittámuid F atámuid LC 51 ag rígh L re i F a i C;
mu. caoi F mu. s. C 52 duine Fr. 53-6 om. F 53 titi Bk.Fr.
thi altered to titi C 55 mha. L 56 ór loidh L lér luidh Bk.; dha. L
57 a chiabh Bk. a thaobhgeal C 58 anuair mhe. with anaimsir added
above by a later hand Fr. a na. mhé. C ar uair megintais F 59 breith Bk.
60 sioruidhe Bk. sioruidi F siordhuaidhe C 61-4 only in L 61 duinn MS.
dhl. MS. 62 inn fóirighin MS. 63 taliom MS.

- 17 An geuala tú na trí heóin 65
 d'éanlaith iongantaigh aineóil,
 a ghéag abhla ó finnTigh Fáil,
 tarla d'impír san Eadáil.
- 18 Do bhídís tre bhiútha sior 70
 gach laoi ar aghaidh an airdriogh,
 ós a chionn ag teachta asteagh,
 's ós cionn na leabha i luigheadh.
- 19 Seacht mbliadhna do bhádar soin 75
 do ló is d'oidhche 'na fochoir,
 gan teacht na héanlaithe ar ais
 feacht éanlaithe 'na éagmáis.
- 20 Mar sin dóibh — dia do phudhar —
 gan chodladh gan chomhsanadh;
 ní lór ceólchuire a geomhráidh,
sódh eólchuire a n-iomarbháigh. 80
- 21 Tairgtheár uaidh a oighreacht féin,
 tairgtheár a inghean ainnséin,
 d'fíor aitheanta na healta,
 dárbh aitheanta a n-imtheachta.
- 22 Labhráis macaomh ameasg cáigh, 85
 geallais do chách i gcéadáir,
 tar a mbí dá dhocracht dó
 an rí d'fortacht ón iarghnó.

67 fionntoigh Fr.; f. bfáil Bk. f. tráil F f. tháil with bfáil as var. C
 f. tháil L 68 easpáinn with deletion marks, followed by eadail C
 69 bhídís L dobbidis F; bhithi sior Bk. bhithi sior F bhiútha sior C
 bioth- sior Fr. 71 sósa chionn LC; go t. L 72 sás cenn F
 sósa na l. (cionn om.) L 74 an fochoir L ionfochair F 76 f. énoidhche L;
 egmhais Fr. égmáis Bk. éghmais F 77 mar soin L 78 gau
 chodhal gan chomhsanadh L 79 nír leor LF níor lór C 81 a inghen FL
 82 a oirecht F a oighreacht L 84 dar a. L. dar bha. F 85 macamh Fr.
 86 cách F 87 tara a L 88 on iargnó Bk. da iargno F

- 23 Adubhairt 'na dheaghaidh soin:
"toisg na dtrí n-éansa it fochoir,
gi bé ara bhfoil ainbhfios ann
ní foil 'na failgheas oram." 90
- 24 "Atá cúis réna cóir sgáth,
a impir," ar an t-óglach,
"leis na trí héanaibh dot fíos,
déanaidh í mar is oirchios." 95
- 25 "Cúis chórá re cian d'aimsir
atá ag na trí héanaibhsin,
ó tá an chóir d'oirichil ort
roimhithigh dhóibh a dúsocht." X 100
- 26 "Bainéan diobh agus dias fear
na trí heóinsi atá id thimcheal;
sgéal bhus cúis iomráith orra
'na chuíis iongnáith eatorra."
- 27 "Innis dúinn mar is dearbh libh,
a ógláich," ar an t-impír,
"sgéala gach eóin don ealta,
fréamha a n-eóil 'sa n-imtheachta." 105
- 28 "Ná ceil oram, innsidh damh,
an treimhse atáid im fárradh,
ciodh dob fáth dona héanaibh,
aniogh tráth a theisbéanaidh." X 110

90 t. na henlaithe C 91 giodeh bé Fr. gidh be Bk.FL gi be C; ainmhes corr. in marg. to ainbhes Bk. ainmhes Fr. ainmhes L 92 ainchios C in Fr. § 35 was written next but crossed out by a later scribe, who substituted § 26 in the top marg. 93-100 om. Fr.F 93 re budh c. L 95 ris na t. L 99 ala C; a chóir L 100 a dhú. LC 101 see note on l. 92; dibh F 102 heoinsin L heoin C 103 bù c. F; iomráidh Bk.FL 104 na cúis Bk.FC da cúis Fr. dhá chuíis L; iongnáidh Bk. 105 foillsigh dhuinn más deimhin libh L innis dhúinn más deimhin libh C 106 óglaoich L oglaoigh C ógl- cet., cf. l. 94 107 sic L sgéal (scel, sgéul) cet. sgéil gacha heón F 108 sic L fréimh F fréamh cet. 109-112 only in L 109 dhamh MS. 111 fáith MS. 112 tráth a theisbénigh MS.

- 29 "Táinig, a rí, roimhe so,
gorta," ar sé, "re seal mbliadhna,
don bhioth uile do gheabh greim,
ar feadh na cruinne i gcoitchinn." 115
- 30 "Do bhí sí ar an ealtain éán,
do bhí ar éignibh an aigéan;
do bhí ar thréadaibh an talaimh,
sí ar fíeagain dob éagsamhail." 120
- 31 "An dara héan don dá éan —
aige ar túis do bhí an bainéan,
sí ar feadh na gorta níor gheabh,
an seal fa docra a dídean." 125
- 32 "Fuair sí ón firéan oilé,
feadh na bliadhna baoghloighe,
gach ní dhá n-uair 'na heasbhaidh,
mar fuair í san éigeansain." 130
- 33 "An céideán, dá dtarla ar túis,
dol 'na seilbh dob é a iomthús,
do cheart dob áil a hiarraidh,
ar dteacht dáibh ón doibhliadhain." 135
- 34 "An firéan oilé is é adir:
sealbh na mná gur dhó dhlightír,
ós é tug í as an aimsin
go rug sí ar an soaimsir." 140
- 35 "Ráite an chéideón ó chianaibh,
do dhiúlt dí san doibhliadhain:
gi bé céidfear 'ga mbí bean
nách éidear dhí é d'éimdhéadh." X 140

113 tainigh L tainice F táinic C 114 gorta mhór re seal F 115 bhith FL
 118 eigneadhuibh Bk.Fr.; aigéin FC 119 sdo C; ar tr. Bk. 120 ar
 fech- Fr. ar íéaghain (-éu-) cet.; éxamí F 122 an bha. F 123 g(h)abh LEC
 124 budh docra L bù docra C; a dhenamh F a dhiultadh L a díultadh C
 125 firén L feiren C 127 d(h)a bf. mss.; hesbuigh L heasb' FC
 128 fuair mss.; sí L 129 ga dtarla Fr. 130 asé FLC 133 firén LC
 134 dhó Fr. do C dó cet.; dhl. Fr.L dl. cet. 135 thug L; ar an F
 137 radh C with var. ráite 138 dhi sa dh. Fr. 139 giodhbe FL giodh
 bé Bk.; ceidsir Bk. 140 édir mss.; é deigheadh Fr.; nách é. i dá
 éimdhéagh L nach e. i é deimhgheadh C

36 "Sibhse féin do bhreith bhreithe
dhoíbh tar gach n-aon d'áirithe,
crioch a n-adhbhair is í soin,
a rí, d'anmhain it fochoir."

37 Rug an rí do bhreith bhunaidh
sealbh an eóinsin d'anamhain,
ar dteacht ón ré dhocruidh dhi,
don té do fortuigh uirthi.

38 Atá sí fo séala ó shin,
an bhreathsoin bheóil an impir;
breath i ararbh éigin anadh,
ní héidir i d'athraghadh.

39 A inghean Bhriain, a bharr lag,
mar sin bhias m'orláimh agad,
ar gclódh mo dhocracha dhíom,
do lógh m'fortachta óm imsníomh.

40 Ní féadaim dol ód dhreich mhoill,
ní rachuinn fós dá bhféaduinn,
tre bhioth sior, a ghruaидh ghealtais,
's mo dhíon i n-uair mh'éigeantais.

41 Déana dhíom duine dhuit féin,
a rioghan Rátha saoirNéill;
ní foláir dhamhsa agus duit
m'annsa d'fogháil 'na éaruic.

141 ribhse L ribhsí FC ribhsí with no s before r in marg. Fr.; breithe L
breithi F bhréithre C 142 daoibh F do L; aon Bk.CFr.L 143 cúis
an á. C 147 ttocht L ts F 148 fúrtáicc uirre F 149 fa š. Fr.F
fá š. C na s. L; o sin L o šoin F 151 sic L arar beidir Bk.Fr.Ed.
airabéidir F arab éigin C 153-6 om. L 153 Here H begins; an
bhairr H 154 mar súd F; mho. H mhu. FC 156 mf. a hi. II
157 fèdfuinn LC; dheirc HL derc F; nduinn C 159 bhith FL! sior C
160 fam dh. H; ar uair L 162 rioghain H 163 nir faláir H;
dam(h)sa LFHBk. 164 mhannsa df. C saghaíl mhannsa F

- 42 Cuir rem dhíon, a dhreach séanta,
dá mbeith go mbeith doidhéanta,
red chéibh ndlúithslim, red ghlaic ngil,
do mhúinfinn dait a dhéinimh. 165
- 43 Ná tógaibh ris an rosg mall
go beith réidh dúinn 's do Dhomhnall; 170
ná caith, ná cagail a chrodh,
ná habair maith do mhóradh.
- 44 Ná tuill clú, ná cosain guth
d'Ú Chonchobhair chláir Theamhrach;
bí duilbhír ar feadh bhfleidhe, 175
ná cuimhnigh fear d'áirimh.
- 45 Ná heirg i slánaibh síotha,
ná ceannsaigh na coigcrioche,
a rún céillidh, a ghnúis gheal,
ná réidhigh cúis ná caingean. 180
- 46 Ná hionnail bais ná bruinne,
ná an déad ar dath néamhuinne;
ná tarr i gceann slóigh Sligigh
fa cheann óil ná oirfididh.
- 47 Ná daingnigh riaghail ná reacht,
ná bac easaonta h'oireacht,
 to tréidhe in marg. by another hand G) cet. 43 rí nuaidhe HG1
 44 a hi. G a i. cet. 45 ré cunga F 46 nó G 47-50 om. HG1
 48 nách ec. Hl; coisfidhe F

- 13 Ní mó is guais d'fíeinnnidh Eacla,
giodh lór airde a aigeanta,
sé d'foghaile dá mhéad meanma,
an ghéag thoraídh thighearna. 50
- 14 Fuair mílidh a mhac samhla
luach a mhéine measardha,
oighre ríogh gasraidhe Gréag,
gniomh is cashmaile ar coimhéad. 55
- 15 Don mhac soin is eadh dob ainm
Déadhsolus mór mhac Sádairn;
éinmhílíd na nGréag ar ghoil
an ghéag mhéirdhíllidh mhiochoir. 60
- 16 Inghean imípír na cruinne
meallais — gár mhó ionmhuine? —
ar athadh ó mhoir go moir,
gan toil a hathar d'iarraidh.
- 17 Re a chois féin feedh a thurais
dias dearbhráthar Déadhsolais
rug an foighéag abhla ós fiadh,
do choimhéad anma an fíeinniodh. 65
- 18 Seóltar é i n-oiléan diamhair,
d'éis na gcríoch do choimhiarraidh,
nách raibhe duine ar domhan
don uile dá átughadh. 70
- 19 Ar mbeith seal ann dá n-aimsir
don chuideachtain cheathrairsín,
téid an inghean uaidhe féin
go hinbhear uaine an oiléin. 75

50 go leor G gé lór F gé leor Hl 51 sé difogair HG; mhéid G
 *52 an ngéig G 54 mbeasardha HG 57 mhac sin HHG; as edh
 dob G as é rob cet. 58 sadairn H iáduirn Hl 62 car mo Hl
 66 dias dh. G; de. dhé. Hl dhe. dhé. G 67 fiadh G fiadh cet.
 68 anma a neinnmheadh G 69 é om. HG iad F 70 na criche FG
 72 dá hátughadh H dá háitíoghadh G agá áitioghadh G gá áitiúghadh Hl
 dá áitioghadh F 73 a mbeith HG; don a. FHG 74 cheatharsín F
 76 himlibh uaine an algéin Hl

- 20 I gcionn tréimhse tig 'na ceann
óglách dob iongnadh inneall;
seal dá féaghadh do bhí an bhean,
'sí 'na héanar 'gun inbhear. 80
- 21 Níor cruthaigheadh riamh roimhe
dona dúilibh daonnaidhe—
gnúis mar ré, bráighe mar bhláth—
cré budh áille 'ná an t-óglách. 85
- 22 Beannaighis don mhnaoi mhálla
an t-óglách óg iondána,
nách tug sí freagra ar an bhfear,
do bhí d'eagla 'na haigneadh. 90
- 23 Fiarfaighis 'na dheaghaidh dí
“Cia hé an fearannso i bhfuilí,
nó cia is dual d'aitreabhadh air,
a sduagh glaicleabhar gheanmnaidh?” 95
- 24 “Clann riogh Gréag nár ghrádhaigh crodh,
Déadsholus 'sa dhias bhráthar,
aca,” ar sí, “tarla an talamh,
na trí habhla a haontamhan.” 100
- 25 “Béaradsa tusa ón triúr laoch,
a inghean,” ar an t-óglaoch;
“glór truagh do bhriathra,” ar an bhean,
“budh tuar cliachdha dá gcluintear.” 105
- 26 “Dá ndearnta sin,” ar sise,
“riom tar ceann mo chéilise,
budh snaidhm don domhan do dhíon,
ar omhan aimh an airdríogh.”

77 tréimsi FHl tréimhsí HG treimhse Gl 78 óglach F óglaoch HHG Gl
 79 féachain HHG Gl féaghuin F 80 héanuir F haonar *cet.* 84 búdh F
 dob *cet.* 85-8 *om.* GHl 87 ttug F 89 dhí FG dhi Gl
 91 daitreabh FG Gl daitreabh Hl daitreabhadh H 92 gl. F ghl. *cet.*;
 g. leabhair Hl 93 nar ghráidh FH nar ghráidh Gl nár choigil *cet.*
 94 br. mss. 96 tamhan i. corp no bronn *marg. note* HG Gl 97 triúr F
 ttriár HG Gl triar GHl 101-104 *om.* H 101-108 *om.* Gl 101 ndearnthá G
 ndearntá Hl 102 cheann mss.

- 27 "Béaradsa liom long na bhfear, 105
 beid san chrichse i gceas naoidhean
 na trí deighfir atá astoigh,
 go lá deiridh an domhain."
- 28 Beiris an bhean san loing leis, 110
 fágbhais iaramh an inis,
 ar Dhéadsholus mar fuair faill
 an sduaigh dhéadsholus dioghainn.
- 29 Guiltear léisi ag triall ón tráigh, 115
 lingidsean chuice i gcéadáir,
 dá fios créad budh damhna dhi,
 nó créad ma dtarla a tuisri.
- 30 Do-chí laoidheang fa lán seóil, 120
 feadh radhairc ón iath aineóil,
 ag téarnamh san mhuir amach;
 do chluin éanghul san arthrach.
- 31 Seacht lá, mar aithrisdear air,
 do Dhéadsholus 'na dheaghaidh,
 'san bhuideansoin do bhí astoigh,
 gan mhnaoi, i n-uireasbhaidh arthraigh.
- 32 "A bhráithre, is droichmheisneach dhún," 125
 do ráidh Déadsholus dreachúr,
 "gan dul slán re heitibh éan,
 tar sál d'beitil ón oiléan."
- 33 Sgiathán eóin d'uillinn gach fir
 greamaighid le gliú ndaingin; 130
 tógbhaid ortha ó bhonaibh beann
 tar dromchla ndomhain ndíleann.

105 béradsa thusa ón triar fear Hl 106 tarsi altered to chrichsi Hl
 chrichso G crichsi H; gceas nuidhgeadh F 108 dhe. FHHl 109 san
 loing Gl sa(n) long FHHl 112 dhi. MSS. 113 ar tr. H ar ttr. FGl
 114 chuirgthe F chúiche Gl 116 ma tt. F fá tt. HHIG fa tt. cet.; an
 tu. HGl ag tóirsi G 117 laoidhing Hl 119 muir all save F
 124 gan mhnaoi duiresba orthuibh HGl; artoigh F 125 droichmheas-
 nach HGl 127 slán le HHIGGl 128 deitill F and, with second 1
 deleted, G deitil san aidhéar HGl 129 fir MSS. 132 dhr. HF

- 34 Éirghis le hairde meanma
sósar na laoch loinneardha;
téid ón fairrge i ngar don ghréin,
gur ghabh i n-airde an aiéir. 135
- 35 Leaghais an ghrian an ghliú mbáin,
do sgaoileadar na sgiathán;
torchuir gan choimhdhe ar a chionn
fa tholchuibh doimhne dílionn. 140
- 36 Láimh re muinchibh na mórsroth
gabhas an mac meadhónach,
go buain a dheighceangail de
d'eiteallaigh fuair an uisge.
- 37 Ar sgothadh na sgiathán dtrom
d'ímlibh garbha na nglastonn,
tig bás an féinnidh oile;
cás fár éirigh eólchoire. 145
- 38 Sinsear na mac bhfaoilidh bhfionn,
idir bheith ard is ísioll,
do-chuaidh gan orchra d'faghbháil
tar dromchla an chuain chubharbháin. 150
- 39 An uair fá dtáinig i dtír
gabhthar ainnséin don airdrígh
colg is bánómhna 'na bhais,
lorg na lánamhna leanais. 155
- 40 Iarrais an uile dhomhan
ag leanmhain na lánamhan;
mar rug orra as a haithle
tug a gcolla ciorrbaighthe. 160

133 haoirde H; a mh. G 134 soiser Hl 137 léagas Hl leargas *cet.*; gliú HH!Gl 138 dar sgaoileadar G do sgaoileadh H dáir sgaoil* Hl 139 cionn FGIH 141 lámh re HGI; muincibh Hl 144 deitealluibh F deitioll* GlG 148 eirg F 149 bhfaoiligh HGl 151 orchradh G (dh added) 152 dhr. F dromchladh GGl; an om. FHGl; cuain Gl cuan H 154 gabhas a. an ta. HGl gabhthar a. gon a. GGl 155 HGl add the gloss omhna i. sleagh nó gai 157 iarras MSS.

- 41 Gonais an mnaoi ndéidghil nduinn,
marbhais fós a fear cumuinn;
tug a luagh d'aithmhéile air—
a bhainchéile uadh d'iarraidh.
- 42 Slat na ríge an inghean óg, 165
duitse ar túis tarla an bheanód;
ná bí id chadal, a ghruaidh gheal,
do gadadh uaibh an inghean.
- 43 Is í an long bhós, a bharr tais,
puirtaireachais síl Séarlais, 170
do beanadh diot, mar deirthir,
dleaghan ioc sna haindlighthibh.
- 44 Is é an t-oiléan 'nar an sibh,
ar n-imtheacht uaibh don inghin,
a lámh gan locadh n-ágha, 175
clár socar na siothchána.
- 45 Is iad eiteadha na n-éan,
noch léar fágbhais an t-oiléan,
lucht tuilmhe Banbha na mbeann
'sna buidhne tarla' id thimcheall. 180
- 46 Is í an gliú chéadna cheanglas
riotsa an ógbhaidh éideadhghlas,
a cheann slóigh bhuanasdraigh Bhreagh,
na tuarasdail dóibh dáltear.
- 47 Is é an bráthair óg eile, 185
do bháidh méad a mheisníghe,
na daoine is lucht righe ribh,
'san fine as t'ucht do éirigh.

161 goinis Hl 163 tug a luach da. air Hl tug luadh a. air H tug
luagh (-dh) a a. air FGGl 166 duhtsi F; ttúis HH|Gl ttúis G 167 a
cha. H 170 port Hl; sil sé. FHGl siol sé. Hl 171 dhiot F;
deirir G derthar Gl 174 uait G 178 neach G neoch Hl 181 as
é an gliú cé. HGl 182 r. togbhadh HGl 183 chinn G 184 an
tu. dhoibh F 189-192 precede 185 in HGl 186 bháith HH|Gl;
mhesnoighe F 187 ruibh Gl 188 éaraigh H éaruig Gl éirghidh H

- 48 Is é fós an dara fear,
do bháidh an t-aigneadh íseal,
an chuid díobh adéaradh ruibh
síodh do dhéanamh fad dhúthaigh. 190
- 49 Tú táinig, a thuir Chonga,
san inmheadhón eatorra,
tú an sinsear do-ghéabha geall,
a réalla inseadh nÉireann. 195
- 50 Do bhean ghrádha, a ghnúis chrithreach,
rugadh uait go haindlightheach,
dá mbeith sí 'ga hathchor ort
ná gabhthar í le humhlacht. 200
- 51 Gluais romhad, a rí Ceara,
daingnigh ort na heiteadha
do bhuaín na hinghine ar ais,
a finnbhile bhruaigh Bhearnais.
- 52 Atá an ingheanso ó aois leinb
ag suirghe ribh, a Risdeird,
an chrioch mhín treabharsaidh tais,
an fearannsoin síl Séarlais. 205
- 53 Tú féin díol is fíearr uirthe,
mórr n-adhbhar fár bh aontuighthe,
a sduagh cathardha chnuic Bhreagh,
t'athardha dhuit do dhligheadh. 210
- 54 Tú is líonmhaire lucht toighe,
tú is lia airsídhe iorghoile;
deacair d'aoinfear cora id cheann,
a thogha aoigheadh nÉireann. 215

190 bháith HHGI 193 thé. MSS. 195 sinnsior gebé gheall G
 196 raolta HGI rellann (*altered fr. rellainn*) siodha (ha *add.*) G; éireann FHG
 197 H adds the gloss: crithre i.e. teine nó splangca lonnrasach 198 uaid F
 199 mbeath G; ga da ha. F; dá ha. H dá ha. G gá ha. Hl 200 pi
 g. HGI 201 reomhad HGI; ceathra FH 202 daingnidh MSS.
 203 tar ais Hl 205 leinbh MSS. 207 tr. th. Hl thr. ta. Gl th. sh. *cet.*
 208 si. sé. HHGGI 210 fár HG far FHGI; niowntuigthe G 211 ch.
 ch. MSS. 213 l. laith ngoile G 214 airsi F áirsig H áirsigh HG
 áirsigh Gl; niorghoile G

- 55 Líontar um chomhól ndeoch ndearg
do šuidhe riogh, a Risdeard,
lion caomhanta bhruaigh Bhanbha,
sluaigh ſaoghalta ſiodhamhla. 220
- 56 Líontar an ſlios tuaidh don toigh
fa Šile inghean Eóghain
do thréad finngheanmnaidh ghlac ngeal,
nách d'ingheanraidh Mhac Mileadh.
- 57 Roighne ban Ghaoidheal is Ghall 225
lionaid an teagh 'na tiomchall;
bró għruaidhgħeal nách cogail crodh,
buaidħreadh codail na gcuradħ.
- 58 Budh iomdha fán ól re a hais —
inghean riogh rátha Durlais — 230
sduagh bhéaltana go ngruaidh ghil,
mar réaltana i n-uair oighridh.
- 59 Sgaoith dháileamhan gcuach gcorcra,
go dtéid tar tráth codolta,
ag dálí fineamhna as a hucht 235
ar rígħealbha chláir Chonnacht.
- 60 A hoirfidigh, a haos fuinn,
teagaid chuice i gcionn tamaill;
fiodbhaidh chrann dtéidbhinn dtuirseach,
fa a barr ngéigħlim ngruadhluisneach. 240
- 61 Teagħlach rioghna chláir Chonga,—
gairid aimsior eatorra;
drong nár dár neimħiongnadh tol,
lán do cheiliobhradh chiallmhor.

MÓR

217 over dheoch ndearg another hand has written digh ndeirg G;
 chuach ndearg Hl 219 br. ba. GIHII 221-4 om. FH 223 ng.
 ng. HGħ 224 Hl breaks off here 225 ga. is H; here C begins
 226 lionuidh G; thi. HGħ 227 bredħ għr. F; nár choigil C nár choigill G
 nách coigil GI 228 coidil C choduil F 231 ngil MSS. 233 sgaoiħ G;
 dħaileamħuin FH dáileamħain GGħC; chu. cho. F cu. cc. HGħI chu. cc. G
 234 sul ttéid G; thr. cho. F thr. co. G 237-40 om. C 238 tiagħid
 chuige HGħI 239 fiodbħadħ G; cr. HGħI 240 bbarr HGħI; gh. gh. HGħI
 gé. gr. FG 241 riogħan F; cl. HGħI 242 aimsir HGħC 244 ch. cheolmhor C

MAOILIR BÚRC

- 1 Ísligh dò mheanma, a Mhaoilir,
léig diot, a dhreach forbhaoilidh,
bheith ag siorfaghail chlann gCuinn,
a bharr siodhamhail séaghuinn.
- 2 Atáid imriosna Ultach,
atáid cogtha Connachtach,
fa seach 'gá n-iomaithbhear ort,
a dhreach fionndaithgheal éadrocht. 5
- 3 An mhéid loittior i Laighnibh,
nó i gerích Mhumhan míonaibhnigh,
ort liamhnaighthior leath ar leath,
a folt fiarbhairrthiogh fáinneach. 10
- 4 Meinic bhíos, is tú id thoirrchim,
ód ghruaidh leathain leabhairthim,
teichmhe ót airgnibh ceann i gceann,
i gceithre hairdibh Éireann. 15
- 5 Le cleachtadh bhur bhfoghsa féin
ort maoit tear, a mheic Uáitéis —
fónn saor na mbailbhlinnteadh mbinn —
'sgach taobh aidhmilltear d'Éirinn. 20
- 6 Líodh cean ní hiongnadh ortha —
an bhuidhean óg allmhortha
bhíos iomod i n-am feadhma,
a bharr sliombog soidhealbha.

MSS.: RIA A iv 3 (A) p. 645, Advocates' Library No. XLIV (Ed.) f. 14 a.

Headings: tadhg dall A an fer cedna (*follows* 25) Ed.

Variants: 2 dhiod A 9 mhéid A meid Ed. 10 *muman* MSS.

21 liogh MSS. 22 allmurcha A allmortha Ed.

- 7 Fir lén clúmh culte sneachta, 25
gasradh šuirgheach šoileaptha,
drong naoidhe šeadarsaidh šeang,
daoine is éagasmhail inneall.
- 8 Áit is sia i mbíd do bhunadh,
an damhradh óg easumhal, 30
cnuic roidhiamhra bheann mBanbha,
dream dhoiriaghla dhanardha.
- 9 Mairg is rí orra ar féagsain,
an drong aisdreach uiréasgaidh,
fear a gcult, fuaruisge a bhfleadh, 35
na sluaghaidhse Ghuirt Ghaoideal.
- 10 Beag nách rochosmhail ribh féin
do mhuintear, a mheic Uáitéir;
fir bhuidhirthe is baoth meanma,
sluaighširthe laoch loinneardha. 40
- 11 Ní chodlaid, ní chaithid proinn
gan luadh gcatha nó comhloinn;
geal a ngriosghruaidheadh do dhubh
siorsmuaineadh cean is cogthadh.
- 12 Biaidh aimsir bhus aithreach libh
béas do mhuintire, a Mhaoilir;
laoich na reann gcréachtThoiligh gcorr,
dream nách bhféadfaidhir d'fulong. 45
- 13 Ríge Connacht na gcuán ngeal
beánfa tú, mar tá i gcinneadh,
ar thairngire más cáir cion,
a láimh ainbhfine ar éigion. 50
- 14 Leanfuid do lorg a gcleachtaidh,
ar chogthaibh, ar choirrbheartaibh,
ar anachain, a ghruadh ghlan,
tar sluagh gcladhachaidh Chruachan. 55

33 fecain Ed. íéchsoin A 39 bhuidhiortha A 40 sluaighšiortha A;
loinneirdha Ed. 42 catha A gcatha (*the g added later*) Ed. 45 aimser Ed.
53 leanfa A 56 él. cl. A; cr. A ecr. Ed.

- 15 Ní féadfa tusa is tú id rígh
fulang ainbhreath nó eissídh;
ann bhus aithreach réd dhreich ndil
do bheith maithmheach dod mhuintir. 60
- 16 Tú sguirfeas cách dá gcogthaibh,
tú choisgfeas do Chonnachtaibh
neart faghluidheadh, a chiabh cham,
is anmhuirear fian n-eachtrann.
- 17 Do bhádar fáidhe Fódla
dot athair dá furfógra —
clár toinnmhilis Teamhra Breagh —
sealbha ar ghoirminis Ghaoideal. 65
- 18 Tú choimhlíonfas ar chansad
na draoidhe, a dhreach šolasbhog;
tú fóirfeas ar fiadh mBanbha
ó mhóircheas fian n-allmhardha. 70
- 19 Daoibh tiorchantar, a thaobh seang,
an ní do fáisdin Aoibheall —
trí caomhchroinn a crialdh Logha —
do šaorchloinn Bhriain Bhóromha. 75
- 20 Triúr mac do bhádar ag Brian,
trí leomhain Mhumhan Maicniadh,
trí ríodhamhna ó Thigh Theamhra,
fir šíodhamhla šoidhealbha. 80
- 21 Murchadh mhac Briain an bhairr ghloin,
Tadhg mhac Briain, bráthair Murchaidh —
toghthar aonphlanda tar fiodh —
Donnchadh saorchlannda a sinsior.
- 22 Murchadh mhac Briain is Brian féin
tuitid i n-aoineacht ainnséin,
fa Chliaigh maothghlain na gclach gcorr
i gcath re laochraidih Lochlann. 85

- 23 Do chleachtdaois an chlannsoin Bhriain,
bláth na fineamhna a finnChliaigh, 90
lucht leasa don bhanfáidh bhinn,
feasa d'fagháil ó Aoibhill.
- 24 I gcionn treimhse téid roimhe
Donnchadh mhac Briain Bhóroimhe
re hAoibhill i gcóir chomhráith 95
fan mBóinn n-aoibhinn n-iobharbhláith.
- 25 "A bhean," ar Donnchadh, "reac riom,
tar éis Briain, ardflaith Éirionn,
cia bhus rí ar fionnMhagh Fuinidh,
ní nach iongnadh d'fiarfuighidh?" 100
- 26 "Tadhg mhac Briain, do bhráthair féin,
ádubhairt Aoibheall ainnséin,
"dó do gealladh Teagh Teamhrach
treabh na n-earradh n-ildealbhach."
- 27 Lónais tnúth re Tadhg mBanbha 105
Donnchadh d'éis na hagallmha,
deacaír srian re baothghlór mban,
do claochlódh ciall an churadh.
- 28 Marbhais Donnchadh dá dhruim soin
adhbhar riogh Fódla i bhfionghoil; 110
fa ua dTáil is Éibhir Finn
do ráidh gur éiligh Aoibhill.
- 29 Tig Aoibheall d'iomardadh air,
leis féin ar bhfágáil Donnchaidh,
fán mór fionn ghormaibhneach ghlan, 115
i gCionn chomhraidhneach Coradh.
- 30 "Éagóir dhuid a rádha riom
nár bhíor mh'fáisdine," ar Aoibhioll,
"fa cheann deighfir bhruidhne Breagh,
deimhin m'fuighle," ar an inghean. 120

95 chomhráidh MSS. 99 bhús A 107 ban MSS. 112 gur feil' Ed.
116 comhraidhchoich A comhraighneach Ed. 117 rádha MSS. 119 bruighne
breagh MSS.

- 31 "Ionann fáisdine, más fíor,
do mhac is d'adhbhar airdríogh,
fán gclár sídh mboigiobhrach mbláth
bídh croidiomhnach dom chomhráth." 121
- 32 "Ar gheall mé do Thadhg Theamhrach
géabhaidh mac Taidhg, Toirdhealbhach;
damh ríghealbha chaomhchlann gCais,
aonchrann fineamhna Forghais." 125
- 33 Gabhais Toirdhealbhach mhac Taidhg
neart Éireann do gach éanaird,
inis fionnbhláith na sruth seang,
san chruth ar iomráith Aoibheall. 130
- 34 Mar sin imdhéabhas oraibh
fán gcríchse, a chruth síodhamhail;
géabha orláimh Fóid Mheadhbha,
a bhonnbháin óig oireaghdha. 135
- 35 Do gheall Aoibheall Iath Logha
do Thadhg mhac Briain Bhóromha—
orsa chomhdha Craoi Theamhrach—
's do bhaoi a thorbha ag Toirdhealbhach. 140
- 36 Draoithe Banbha do bhí riámh
do Uáitéal mhac Meic Uilliam—
fónn símh na gcaillbheile gcuir—
ag tairngire Chláir Chobhthuigh.
- 37 Fuair Bháitéar, a bhéal corcra,
bás re béal a rioghochta;
a lámh chabhra chnuic Mhidhe,
dhuit bhus tarbha an tairngire. 145
- 38 Do bhí an cúigeadh, a chruth séimh,
lán d'easaonta d'éis Uáitéis,
lán do chogthaibh 'sdo chathaibh,
lán d'olcaibh is d'anachain. 150

121 f. f. MSS. 124 comhrádh MSS. 126 gebaíd MSS. 130 da
gach A 132 cruth MSS.; nar i. Ed. 133 imdebas Ed. imghébhuis A
135 geba MSS. 140 tarbha MSS. 150 baiteir Ed.

- 39 Níor lámh cách cuimhne a bhfaladh
airm laoich ón ló fuarabhar,
luadh cagaidh ná cur bhfeadhma, 155
a shubh abaigh fineamhna.
- 40 Bás th'athar is é do cheil
tairthe fiodh, iasg an inbhir;
an ré 'san ghrian i ngeimheal
is é is ciall fár cuimhrigheadh. 160
- 41 Tig libh, mar tháinig tusa,
bláth na gcoillteadh gcéadnasa:
ioth an túir, tairthe na sreabh,
gach dúil ag aithne th'airdheadh.
- 42 Ag so an t-ioth ar n-éirghe anos, 165
ag so an ré 'na ré šolus;
créad fa mbiadh amharus ort
fa fiadh geladhšolus gConnacht?
- 43 Idir éasga is ghaoith is ghréin,
reanna nimhe, neóill aiéir, 170
ag diall ruibh a ri Garmna,
muir ar tí do thogharma.

153 lamh MSS. 154 arm A 157 as é do bhir A in Ed. do beir
was written first then beir was crossed out and ceil written after it.
158 neinbhír A 159 sa grian MSS. 160 cuibhíghedh MSS. 161 tainig MSS.
164 thairrdheadh A taighedh Ed. 167 mbiath Ed. 168 ba iath Ed.
169 esg A 170 aidhéir A *This piece is not 'closed', cf. p. 119 supra.*

gleicher, nunmehr mit

22

IOMCHASAOID

- 1 A theachtaire théid ar sliabh—
labhair thiar le hUilliam Búrc,
innis dó mo bheith mar táin,
gan dáil chabhra i ndán dúnn.
- 2 Innis dó fa rún arís—
nách díon damh ar tir nó ar muir,
nách raibh ar éinneach romham riámh
leath mo chlampair nó trian m'uile. 5
- 3 Ag díol mo choda do síor
ré dá bhliadhuin nó trí táin,
beantar dhíom 'na dheaghaidh soin
an mhéid fiach do luigh ar chách. 10
- 4 Mar do-chonnarc fiacha cháigh
dá mbuain as mo láimh go léir,
d'fios an bhfuighinn ceart nó cóir
go tigh cúirte do-chóidh mé. 15
- 5 Ag dol don chuírt caithim féin—
dom dhonus é—'sní hé amháin,
ag cur an dochairsin diom—
gi bé beagán do bhí im' láimh. 20

MS: Book of O'Conor Don f. 351b.

Heading: an tadg céadna .cc. (*follows 23*).

Ms. Readings: 1 téid 3 do ~ 4 duinn 7 romam 12 luidh
17 sic leg.? or ar dol? Ag not in MS. 20 gidh bé

- 6 Tuguim liom barántus maith,
tillim tar m'ais lán do ghlóir,
šíos féin gur dhaingion dúinn
tar éis ar gcuarta san chuírt mhóir.
- 7 Taisbéanuim mo phaiteinsi féin 25
do lucht séirbhisi is é ' chríoch—
tar éis léaghta mo litreach dhóibh
is romhóide ronnadh dóigh dhíom
- 8 Mo chaiptín gach fear don dís
chum a déinsi arís ag gul— 30
do-bheir seision lámuinn Chríosd
nách aige féin bhíos a gcusg.
- 9 Sirriam do bhí ós ar gcionn,
'sé adeir mo ghrádh riom arís:
"bísi i leith lucht na bhfiach 35
ní hé an saighdiúir bhias gan ní."
- 10 Éngheall abháin do bhuan diom
níor lór le duine dhiobh sin
beantar dhiom i bhfiachoibh cáigh
dá gheall nó trí a láimh gach fir. 40
- 11 Aimsir fada i ndiaidh an ghill
caitear liom ó thír go tir
maille rém gheall do bhuan diom
fuasgluim é dhá uair nó' tri.
- 12 Tar éis fuasgalte an ghill do-nínn 45
ón chéidfeart 'ga mbíonn a sealbh
do-bheir an fear a ndéantar tó dhó as
don fear is goire dhó an geall.

23 da. 24 read d'éis or t'r éis? 26 asé críoch 27, 45 read d'éis
or t'r éis? 28 romhoide; leg. rinneadh dóigh? 30 déinsi = dtéighinnsi?
31 criosd 39 diom 43 ré mo g. 44 da 47 an leg. a ndéantar
tó 'at whom the start was made'?

- 13 Leanuimisi i gcéadóir an geall,
ma fada gearr beirthear é, 50
gur chaithios sé luach an ghill
don bhaile riamh níor phill mé.
- 14 Dála an Uachtaráin ann sin,
chum a déinsi ag reic mo sgéal,
misi is mo dheór ar mo ghruaidh,
do-nínn casaoide chruaidh ghéar. 55
- 15 Adeir seision, lán do ghruaim,
nách béarthaoi geall uaim dá dheóin,
gidh eadh fós, is éidir dhamh
díol do thabhairt as fa dheóidh. 60
- 16 Ní hí ar maoin budh measa linn,
acht mar cuireadh sinn dár sódh,
níor an duine fam thóin féin
mar fríoth falamh mé fa dheóidh.
- 17 Giolla an eich, buachoill na mbó,
caile na brón, bean na gcíor—
téid uile i n-aoineacht uaim
lé cois tsaighdiúir, truagh an gníomh. 65
- 18 Sé adeir buachoill mo bhó féin,
tar gach duine dá dtéid uaim,
ag cur na teineadh ann m'ucht—
“créad do-bheir ort gan drud suas?” 70
- 19 Atámaoid —ní fuil fáth 'ga cheilt—
le trí bliadhnoibh fan mbreith truim,
[ag] síul ré teacht Uilliam Búrc
níor chuiriomar súd i sujm. 75
- 20 Mallacht Dé do lucht na mbréag,
nách gcuirionn a sgéal go bun;
adeirid cách liom tré rún
go bhfuil Uilliam Búrc i bhus. 80

51 chaithis 52 pfill 54 a. r. 56 cruaidh 58 berthaoi 61 ar
mhaoin 62 sic leg. P mar chuireadar 63 fa mo 71 a cur 73 read
atám or nil? 80 a uilliam

- 21 A theachtaire théid 'na cheann,
ná bioth th'aire ar ghreann nó ar spóirt:
labhair rém chompánach féin,
's féacha a dtáinig sé fós.
- 22 Cuiléan leóghain Locha Con, 85
maighre Sionna na sruth ngeal,
éanchú inbhir Easa Ruaidh—
is mór atá uaim ar a theacht.

A THEACHT

81 téid 88 *om. is or read tá or 's mór?; teacht*

RIOCARD ÓG BÚRC

- 1 T'aire riot, a Riocaird Óig,
ná tabhair cún red chéadmhóid;
má tá ar bhreith a rádha ruibh,
cára bheith mar do bhábhair.
- 2 San ríocht i rabhabhair riamh
bí id Riocard mhac Mheic Uilliam;
mairg do ghlac aoinchéim oilé,
a slat mhaioithréidh Mhucroimhe. 5
- 3 Olc do-ghéabhadha, a ghnúis iodhan,
an céadainm úd d'aithrioghadh,
d'éis ar buadhaigh dod bhais ghil,
lais do-chuabhair i gcéimibh. 10
- 4 An brat as a bhfaghann fear
sláinte ghnáth, a ghnúis áilghean,
a dhámh ré bhánoirir Bhreagh,
grádhoighidh é mar eirreadh. 15
- 5 An t-ionadh i n-éir le neach
a mhaoin do bheith ar biseach,
a phosd cothaighthe is sé sin,
dochuirthe é dá imlibh. 20

MSS.: Book of O'Conor Don (Bk.) f. 349b, Franciscan A 34 (Fr.) p. 132, 23 F 16 (F) p. 143, 23 L 17 (L) f. 75a. §§ 1, 2, 9-11, 15, 18, 19, 23, 47, 50, 54, 56, 57 are edited and translated by O'Grady, Cat. 401-4.

Headings: tadg dall ó huiginn .cc. Bk. *om.* Fr. brian mc eaoghuin mháoil i domhnallain .cc. F brian mc eogain mháoil ui dhomhnalláin .cc. L.

Variants: 1 ricoíd Fr. 2 cún red LF 3 br. Fr.; a *om.* L 6 riocaird Bk.; mc mc Bk. mhc mhic Fr. mc mic L bidh a r. mc. u. F 11 do bhais L 14 ail ghen Fr. ailg F

- 6 An mac cuirtear dá chrích fén
ón tir i n-oiltear eiséin,
d'éis a oileamhna, a ghlac geal,
doidheaghla an mac 'sa mhuintear.
- 7 Mar sin nár dhealoighthe dhoit 25
ret ainm ngnáth, red ghníomh n-ordhruic,
ris gach mbuaidh dá mbioth oraibh,
ós uaidh fríoth a bhfuarabhair.
- 8 A mheic Riocaird, a rún tais,
an t-ainm iasachta uarais, 30
níor thárraidh tú dá tharbha
nár sháraigh clú an chéadanma.
- 9 Dá bhfaghthá ceannus Chláir Floinn,
níorbh fiú dhuit, a dhreach séaghoinn,
ainm allmharda dá rádh ruibh 35
fa chlár ndaghBhanbha id dhúthaigh.
- 10 Gidh mise fén—níorbh fiú dhuid,
ar ainm nguasachtach ngaruid,
a ghriobh thadhaill bhruaigh Bhanbha,
nach faghaim uain th'agallma. 40
- 11 Nách mó lámhaim a rádh ruibh,
gémadh éiric im' aghaidh,
a ghéag oirnidhe ós ful Chuinn,
go bhfuil oirbhire eadruinn?
- 12 Mairg fuair an t-aoighidh anma, 45
nó an reacht uathmhar allmharda,
fá bhfuil sionn éadána ort,
a mhionn céaddhála Connacht.

21 chu. L 23 tar éis L; gbe. LF 26 let Bk. Fr.; gn. Bk. ghn. Fr.
 27 riots F leis Bk. Fr.; bu. LF 30 fuaraíos Bk. Fr. LF 31 tharthaigh L
 32 nach tarthaigh L 33 fl. LF 35 do radh F 37 meise riots L;
 nír bhiu Bk.; dheit L 38 gh. gh. Fr. ngaireit L ngaireid F 40 bhf. Bk.
 42 dá madh é. LF 43 a g. o. df. L 45 taoidh' Bk. taoidheidh Fr.
 aoirde L taoidhe F 47 ó bhf. LF

- 13 Gi bé tir i dtuitfeadh sionn
fa rígh do rioghaibh Éirionn,
biodh nách sirfinn íoc im' fuil,
do dhlightfinn diot mo dhíoghuil. 50
- 14 Do leith féin dá ndeachadh dhíom,
biaidh ort, a ua na n-airdriogh,
leith na rioghna ó ghurt Ghaillmhe
re lucht dioghla ar ndiomdhaidhne. 55
- 15 Dob annamh leinne is libh féin,
fuil Bhúrcach na mbreacht soilléir,
laoich dá reich Éire d'faire,
bheith ré chéile ag corrughe. 60
- 16 A ndéandaois ar ndaoine riamh
do chiontaibh ar Chloinn Uilliam,
dúin do bhíodh eineaclann ann,
a ghríobh meidheatrom Manann.
- 17 Ní cosmhail, dá leantaoi libh
lorg a bhfileadh re a bhflaithibh,
a mhíonn séanta a Síodh Chnodhbha,
gan diól éarca mh'ionnshamhla. 65
- 18 Mar do-nídís romhaibh riamh
sgotha cumhra Clann Uilliam
déana, a choillbheile bheann mBreagh,
um cheann oirbhire t'fileadh. 70
- 19 Crosmaoidne h'iomlaoid anma
ort a hucht na healadhna;
cóir car an athanma ar ais
suil rabh h'athardha it éagmáis. 75

49 na tt. F a ttuitf' Bk.Fr. 50 connocht no éirionn Bk. 52 diot
a dh. L 53 leth L leth F; ndech' Bk.Fr.F nd-cha L 55 leth L
leth F; gailbhe Bk. 57 7 libh L 58 mbeart F 60 le L; a
ccorraigh F ag corraidhe L 62 re cl. LF 64 mh. mb. Bk.
65-8 om. L 69-72 om. Fr. 69 romhuinn L roimhe F 71 déin L
72 fa ch. FL 73-6 follow 80 L 73 crosmaoid i. ha. Bk.Fr. 75 searr
cur LF

- 20 Faghaim arís id riocht féin
sibh, a chuinghidh Chláir ríNéill,
caite dheid roidhithneas roinn,
leig dod choimhightheas chugoinn. 80
- 21 Tú dob féathluinn d'iath Bhanbha
go bhfuair tú an t-ainm allmhardha;
níorbh fiú sirriamhdhacht síl Chuinn
finnfiadhGhort Ír gan féathluinn.
- 22 Do-rinnis malairt mheallta
d'iomlaoid ar nách inleanta,
a sduagh caithréimeach cnuic Bhreagh,
aithmhéileach duit a dhéineamh. 85
- 23 Meisque thú nách tarla ruibh
mac an ridire Frangcaigh,
lá an athanma dhaoibh do dháil,
do thaoibh h'athardha d'fagháil. 90
- 24 Súr an domhain eacht eile
measais mac an ridire,
ar bhfionnachtain lúidh 'na láimh,
suíl re hióngantaibh d'fagháil. 95
- 25 Triallais tar toil a athar
an mac, gar mhó mearachadh?
gnúis mhear fa rodhaingne rún,
níor gheabh comhairle um chlaochlúdh. 100
- 26 Liog lóghmhar dár lán a ghlac
tug an t-athair don ógmhac;
fa lór a huaisle dh'obar,
a hór fuairse a fothagadh.

77-80 om. F	78 chlann r. L	80 leig ad L	81 feithlenn L;
ba. LF	82 gur ghabh tú LF	83 sirriamhacht Bk.F	sirriamhacht L;
ccu. LFBk.Fr.;	84 finniathghort Bk.Fr.		85 dorinneas Bk.
87 ch. ch. Fr.LF	88 dhuit L	89 tarla Bk.	93 oilé LBk.
94 riodeire L	97 thoil Bk.F	98 don mhac FL	99 gn. gheal FL
100 ní gheabh L	nír ghabh cet.	103 d(h)obair MSS.	104 fothaguin L

- 27 "Sir an bioth ó mhuiр go muir rem líг n-órtha," ar an t-athair; "tabhair í, a ghéigmhiolla ghil, don tí is éigrionna n-aignidh." 105
- 28 Ceileabhras dá chairdibh gaoil, dob é iomthús an mhacaoimh, rún cathardha gan chéim dtais, a athardha féin fágbhais. 110
- 29 Tarla an macaomh, gar mhó neart? i ndiaidh an domhain d'imtheacht dá ghnúis bhionnfoclaigh mhín mhir, i dtír iongantaigh éigin. 115
- 30 Do-chí uadha iolar slóigh, do-chí an rioghcaethroigh romhóir, lán d'iolgháirthibh cháich do-chluin fán ráith slionnbláithghil sochruidh. 120
- 31 Do-chluin ortha as a haithle — fán gcathraigh gcaoimh gumhdaighthe — na tolcha láimh ris an lios, gach re ngáir d'orchra is d'aoibhnios. 125
- 32 Fiarfaighis i bhfad amach, ré ndul i gceann na cathrach, don fíor dá dtarla ar tosoigh, ciadh damhna na dálasoin.
- 33 An fear céadna ris do ráidh: "siad an lucht ad-chí id chomhdháil, 'na n-aicmeadhaibh druim ar dhruim, lucht aitreabhaidh an fearuinn." 130

106 lém 1. F red 1. L 108 n- om. L 110 iomthusa F
 113 macámh FL; fa mó FL 115 a ghnúis Bk.Fr.; mbionnfoclaigh Bk.
 mbionnfoclaigh Fr.F; mi. mi. F 117 uaídhe F 118 an om. FL;
 riochathruigh L ricghchathraigh F 119 cá. F 120 shl. F sliombhl. Bk.Fr.;
 šo. F 121 do chí Bk.Fr. 122 man cc. FL; ccaoin F 126 ar
 nd. FL 127 dhá L; itto. L 130 asé an 1. FL; do chí F
 132 aitreabhoig Fr.

- 34 "Béas coimhidheach ren cóir sgáth
atá is téar," ar an t-óglách,
"bíodh nách bloghfa rí a riaghail,
ní bhí ortha acht aoinbhliadhain." 135
- 35 "I gceann bhliadhna amuigh ar muir
fágbhaid é i n-oileán diamhair,
mairg rígh dan hathardha í—
an tir chathardha ad-chíthí." 140
- 36 "Feadh a saoghail ó so amach
biaidh gan charaid gan chumthach,
féach an truaighe ní fa nimh,
gach rí uaine dár imthigh." 145
- 37 "Ag déanamh ríogh nuaidhe anioigh
atá an tionólsa id thimchiol,
d'éis diochuirthe an ríogh roimhe,
gniomh siodhaighthe sochaidhe." 150
- 38 "Rí nuaidhe dá dhéanamh dhóibh,
is é fós fáth a dtionól,
na sluaighse red thaoibh tarla,
do thaoibh uaisle is athardha." 155
- 39 "Na gáirthe do-chluine ag cách,
a n-iomthús," ar an t-óglách,
"rí dá mhaoidhimh ag druing dhíobh
ar druim chaoinidh an chéidriogh." 155
- 40 Gluaisis an t-ógmhac ann soin
i gceann cháigh le a chloich n-uasoil;
an sduagh šuilbhír ghairthe ghlan
do chuimhnigh aithne an athar. 160

133 comhnuigteach F comhoighech L comhaighth- Bk.; réar ch. Bk.

134 istírsi Bk. astírsi Fr.F sa téarsa L 135 bláidhfe L 136 oirthe L

149-52 follow 132 in FL 137 ecionn FL 141 ó soin Bk.Fr.

as so L o so F 142 biadh F 150 a tt. FL an ti. cet. 151 re

ta. FL 153 guilsi Bk.Fr. gartha L; ad chl. Bk.Fr. do chluintí F

155 ga mhaoidheamh F dhá mhaoidhemh L 156 do dhoim chaoinedh L

157 gluaisidh FL 158 re LF; n. om. L 160 a a. FL

- 41 An lásoin i láimh an ríogh
tug an mac, gar mhó dimbriogh?
fás imreasain tríd do thuill,
an líg n-ilgheasaigh n-áluinn.
- 42 "Créad an fáth fá dtug tusa
im' láimh an líg mbuadhasa,
nó an é a reic is damhna dhí,
a mheic amhra?" ar an t-airdri. 165
- 43 "M'athair," ar sé, "riom do ráidh,—
tabhair ar thúr an domhnáin,
a mheic, don óinmhid is fearr
an óirlig deit do dháilseam." 170
- 44 "Do-roinneadh leat go nuaanois—
an chloich is uime fhuarois—
beart is neimhghiglioca fa nimh,
a dhearc oighreata faoilidh." 175
- 45 "Do ré fada is th'oighreacht féin
do-rad tú, dia do dhíchéill,
a ghnúis šaoirniamhdha ós chionn cháigh,
do chionn aoinbhliadhna d'fagháil." 180
- 46 Do-bheir an t-airdri dá aoidh
comhráite millse an mhacaoimh,
an t-iúl fire mar fuair soin,
an righe uaidh do fogaír.
- 47 Do-bhéarainn í dod ghnúis ghil
dámadh liom cloch an chéidfir,
a bhláth abhla Chinn Choradh,
re linn th'anma d'athrughadh. 185

163 fáth i. Bk.Fr. 170 tabair ar sé (*sé del.*) sur Bk. tabhoir ar tur Fr.
tabhair ar tthúr F tobhair ar tús L 171 óinbhid L 172 orleic F
173 dorinneadh LF 174 cloch Bk. 178 dhíthchéill Bk. dicteill Fr.
179 os chi. Bk. os ci. Fr.FL 181 dobheire Fr. do rad FL

- 48 Do dháilis, a chruth corcra,
ainm síor ar ainm n-iasachta; 190
a námha chnuic bhaillbhric Bhreagh,
dob aimhghlic dhuit·a dhéineamh.
- 49 Dob fiú a dtárrais ó thosaigh
don mhionn oirdhreic anmasoin
a chlaochládh nár dhéanta dhuit, 195
a réalta ó chaomhChlár Chormuic.
- 50 Tugais ris id Riocard Óg,
i n-aois naoidheanta i n-allód,
seal is tarbhaighe tug fear
ar fud ghlanmhaighe Ghaoidheal. 200
- 51 Do caithtí leat eacht oilé
lá ag argoin bhruaich Bhóroimhe,
lá fán mBúill dtirm̄sreabhaigh dtais,
lá ag inbhearaibh bhrúigh Bhearnais.
- 52 Lá i mBuanaid na mbuinneadh mbalbh, 205
lá eile i nIorrus Domhnann;
lá le taobh Theamhrach Midhe,
'sfa SeanLoch saor Seimhdidhe.
- 53 Comhmór do cuartaigheadh libh
bruach Forbhair, imle Sligigh; 210
uatha soin go Cruachain Chuinn,
'só Chruchain soir go Sionuinn.
- 54 Do leanfaidhe lorg bhur n-each
ó rinn Eacla go hUisneach
gan duine do dhul dá šliocht 215
ó Bhun Duibhe go Deirgiort.

189 dhreach cho. F dherc cho. L

193 a ttaroiris Bk. Fr. a ttarthuis L

196 ós ca. L

197 a riocaird óig Bk.

ng. ng. F ng. gh. L

201 dochaithti Bk.

202 bhrúig Fr. brúidh F

203 bhan mb. F

206 i. domhnuill L

208 's om. L

210 forbais Bk.

190 tainm F hainm L; n-om. Bk. Fr. L

194 ordhraic F ordruic L

200 seadh L; gl. ga. Bk.

204 br. Bk.

205-8 om. F

205 a mbuannaíd Bk.

ag buannaíd L; mb. mall Fr.

an bhuinne mhuill L

209 cuartuighthe F cuarduighthi L

chuartoighe Fr.

214 eachla Bk.

215 sl. L

- 55 Adéardaois cách, a chruth fial,
nách fuightheá id mhac Mheic Uilliam,
bíoth gan ainm n-anaithnidh ort,
sbairn fa n-aghaibhthir t'umhlocht. 220
- 56 An t-ainm roimhe, a rí Cunga,
maith fuerais é d'athchuma
má fríoth cúis imdheargaidh uaidh
dod ghnúis finnleargaigh fionnuair.
- 57 Slán th'éolach ó aois leanaibh
ní ar thalmhain gur thaidhleabhair
do ní budh ionghotha d'fior,
a rí fionnLocha Oirbsion. 225
- 58 A mheic Siobhán a Síoth Truim,
dá mbeith aimhréiteach eadruinn,
gearr bhus inleanta uain air,
finnleargtha an ghruaidh suil ghriostair. 230

TAIRE RIOT

218 nach bf. Bk.Fr. faghthá L 219 n- om. FL 220 fa bía. MSS.;
t' om. Bk.Fr. d cet. 223 ni fr. Bk. *illeg.* Fr.; imdeargtha Fr.L; uadh Fr.
224 bhfinnlergaigh Bk. lindlearctha Fr.L; fionnuar Fr. bhfionnuair Bk.
225 teoluigh L; leinibh Bk.FL leinimh Fr. 226 taighlimir Bk.
taighleabhoir Fr. taighleibhir L 227 b' hi. Bk. bus i. Fr. 228 fi. MSS.;
oirbhsean FL 231 b' i. Bk. bus i. Fr. as FL 232 an om. FL;
sul griostar Bk. suil griostair F sul ngriostair L suil griosfair Fr.

UILLIAM BÚRC

- 1 Cóir Dé eadram is Uilliam!
olc fuair an saor séaghuinnfíal—
sioth gémadh ionšnadhma ann—
dioth ar n-ionnamhla d'fulang.
- 2 Níorbh fiú dhó duine ar domhan
dá bhfuair sé ar seilbh n-ealadhan,
'sa dhíol faghlaigh 'ga ghnúis ghloin,
gan chuíos gan adhbhar d'argoin. 5
- 3 Dá mbeith go mbiadh a bhas šeang
ag síorlot éigeas Éireann—
bláth na dtamhansa ó Bhóinn Bhreagh—
mh'faghalsa is dóigh nách dligheadh. 10
- 4 Ní dubhradh páirt romham riamh
nách raibh eadram is Uilliam;
gé gur cinneadh dá ghruaidh ghil
mo mhilleadh uaidh ar-íribh. 15
- 5 Do bhí mé im' ollamh aige,
buain rem chuid níor chóraide—
fear leanamhna dá rádh ruinn,
's bág na healadhna eadruinn. 20
- 6 Do bhádhus fós fad ó riamh
im' dhalta im' oide ag Uilliam,
do-nínn dá ghruaidh dílis duinn,
'sdo-nímis uaidh an foghluim.

MSS.: Bk. of O'Conor Don (Bk.) f. 351a, Advocates' Library, Edinburgh,
No. XLIV (Ed.) f. 22b.

Headings: in fer cedna (*follows 22a*) Bk. an fer cedna (*follows 28*) Ed.

Variants: 3 iontánadhma MSS. 6 ealadhan MSS. 7 faghla MSS.
8 cuíos MSS. 14 sa uilliam Bk. 15 ge do cinneadh Ed. 16 dáiríribh MSS.
23 ndilis nduinn MSS.

- 7 An rolla foghlama ar fad,
an adhbhann chiúil, an comhad—
do bhínn dá n-aiteacht don fíor
gach aiceacht díbh dá ndéiniodh. 25
- 8 An leabhar nách léighinn féin,
do-níodh damhsa a dhreach šoilléir,
gurbh é ar ndaghoide a ghlac gheal,
brat is tanoide a thilleadh. 30
- 9 Tárraigh díom d'foghlum is d'fios
gurbh é mo dhalta dílicos;
breath bhroide é dom foghail—
dob é m'oide ar adhbhoraibh. 35
- 10 Mé a mhaighistir, mé a dhalta,
mé a chompán 'sa chomhalta;
olc fuair i gcéadóir mo chradh,
éagóir do-chuaidh dom chreachadh. 40
- 11 Olc nár smuain re hucht m'faghla
mé aige im' fíor leanamhna,
's bheith ar éinleabhar riom riamh
don mhéirleabhar fionn, d'Uilliam.
- 12 Im' dhalta dá mbeth nách beinn,
aige fós mar go bhfuilim—
níor ghniomh cóir dá chéibh . . .
béin a hóir don ealadhain. 45
- 13 Dá mbeth nách b[e]inn um' oide
a[g] gríbh échtaigh Fánaide 50
-

26 adbann Ed. adhmad Bk. 27 gun fíor Ed. *The order in Ed. is §§ 7, 9-11, 8, 12-15, 17, 18 etc.* 28 dhibh Bk. 30 dhamhsa Bk.
31 ndeaghoide Bk. dagoide Ed. 32 an brat Bk. 33 tarrth' dhiom Bk.
tarr- diom Ed. 45-56 only in Ed.; accents and leniting dots are wanting
in the Ms.; the dots denote illegible portions.

- 14
 gruaid airig focal tair (?)
 [m]airg do cosnaideas mo cr[odh] 55
 gcosmhaleas bo bo biom
- 15 Do bhí mise — maирg do bhí,
 san uile chruth ad-chluintí,
 griobh Éirne aniodh gidh námha —
 d'fior dhéinmhe mo dhioghbhála. 60
- 16 Dul fúinne níorbh feirrde a chiall —
 go raibh à fios ag Uilliam
 nach dighéalainn m'fioch nó m'olc
 ar rírealainn chrioch Chonnacht.
- 17 Do bhí a fios aigesion féin 65
 nach gríosfainn a ghruaidh šoilléir —
 maирg do-chí ar bhfoghal don fior —
 fa ní ar domhan dá ndingniodh.
- 18 Ní aorfuinn, níorbh aortha dhamh,
 déar aille d'fuil na n-iarladh, 70
 planda do phór chéibhfionn Chuinn
 ar ór nÉirionn ní aorfuinn.
- 19 Ní aorfainn, níor aortha dhamh,
 griobh do chloinn Chonaill Ghulban,
 ní aorfainn, níor eagal lais, 75
 dreagan do šaorchlainn Séarlais.
- 20 Ní aorfainnse an neimh naithreach
 d'fuil Bhriain na mbreath neamhmaithmheach,
 ná an ghnúis ríleóghain ngéir ngloin
 d'firfeólfuil í Néill nároigh. 80

56 leg. bó do bhiomar? 58 cruth MSS. 59 ag griobh Bk.

60 déinmhe MSS. 63 no msfolc Bk. 67 ar bfoghaill Bk. msagoil Ed.

69, 73 nir aorta Ed. 72 ór é. MSS. 73-6 om. Bk. 74 co. MSS.

77 ní aorfuinn a nimh Bk. 78 nemhmaithsech MSS. 79 géir gloin Ed.

21 Ní cháinfinn um cheann ealluigh
an bheithir mbuirb mbéimeannaigh
d'iarスマ šíl chranngħailte Chuirc,
'sdo chlannmhaicne Ír ordhuirc.

22 Tuigim nách anfadh aguinn
aoradh an óig abhraduinn —
a fogħail giodh fairbríogh liom —
ó folaibh airdriogh Éirionn.

85

23 Dá mbeth gan duine ar domhan
oramsa dá anaghah —
barr truimfiar na ngéigfeadh nglan —
níorbh éidear Uilliam d'aoradh.

90

CÓIR DÉ.

83 ccr. ccu. Bk. cr. cu. Ed. 85-8 om. Ed. 87 sic leg. ^p tfogħail ms.
91 ngéigfidh Bk. illeg. Ed. 92 nixbheidir Bk. illeg. Ed.

SOMHAIRLE MHAC DOMHNUILL

- 1 Fada cóir Fódla ar Albain,
anois am a hiomardaith,
a cóir féine acht go bhfagha
ní dóigh Éire i n-aontamha.

2 Atá re hathaigh d'aimsir
cóir ag an chrích Albainsin
ó Ráth chneasaolta Chobhthaigh,
fáth easaonta d'Albanchaibh.

3 Tugtha d'Albain na sreabh seang
a cóir féin d'inis Éireann,
críoch aimhréidh na n-eas mbanna,
suil bheas aimhréidh eatarra.

4 Créad an chóir nuaidhese aniodh
atá ag críoch cloinne Míliodh,
má tá aguibh innis damh,
fa n-aguir inis Alban?

5 An cháin trom do bhí ag Balor
ar Éirinn dá hátaghadh—
dúsgadh faghla dí a dhéanamh —
Banbha an i do aigéaradh?

MS.: 23 E 16 (E) p. 323, 23 N 11 (N) p. 73, F vi 2 (F) p. 275.

Headings: tadhg dall ó huigin .cc. do Samhairle mc domhnailli .i. mc domhnuill na halban E tadhg dall .h. uiginn cett N tadhg dall ó huigin .cct. d'iarla anntrum i. samhuirle mc dómhnuill F.

Variants: 3 séin EF 4 dóih EF 5 hathⁿ N hata EF 6 ag crích MSS.
 7 ráith cn. co. MSS. 8 fáth MSS. 10, 16 innis MSS. 11 mbana EF
 12 bhias EF; eatartha MSS. 13 sic leg.[?] nuadh-o EF nuaidhsí N
 14 crioch EN; chl. EF 18 ar É. om. N 19 sic leg.[?] tala MSS.
 20 sic leg.[?] banba nis do a. MSS.

6 NÓ an iad na hoileínse thoir
atá idir Fódla is Alboin,
'sgach eang bha fionnmhagh Íle,
nó Ceann sriobhghlan seinTíre?

7 NÍ héinní dá saoileann sibh
atá ar cuimhne ag crích Éibhir,
acht ní is truime re a thabhadh,
sí uime dob easbhadhach.

8 NA tri' Colla, críoch a sgéal,
clann Eochaídh diomsoigh Dhoimléan,
déanamh dóibh ar fiadh n'Alban,
triar ris nár chóir comhardadh.

9 DIAS don triúr do theacht i lle
go crích Bhreagh na mbeann sídhe;
rogha an tsluaigh i Moigh Mhonaíd
ó šoin uainn ar n-anamhain.

10 IONGNA do fuilngeadar féin,
fir mhaordha na n-arm n-aighmhéil,
Colla 'sa šeinšliocht ó šoin,
a n-eighriocht orra d'easbhoidh.

11 CRÉAD fa dtiobhradh clann Cholla,
ar son ar fás eatorrá,
tar magh mbar्रúrchas mBanbha
tal d'andúthchas allmhardha?

12 CIA an rí ar a bhfuil Banbha ag brath
d'fuil Cholla na gcolg bhfaobhrach?
má rug rogha d'fóir Alban,
cóir a cora ó chomhardadh.

23 e. blia E e. bl' F 30 doimhlén MSS. 33 alle EN ale F
 34 c. br. E c. bhr N c. bhriain F; na mbrog F 35 a mo. mo. EF
 a mo. mho. N 37 do fuilngeadar NF do fuilingedh cet. 38 naigh-
 bhéil F 43 tar másh E tar mhadh N 44 doil da. MSS. 45 ag brath
 om. F 46 d'fuil eoch' F 48 a chora F; ó co. N a céomhardach F

- 13 Rogha leannáin Leasa Cuinn,
Somhairle mhac Meic Domhnuill; 50
brath céile do Mhoigh Mhonaidh
's re bhfoil Éire ag anamhain.
- 14 Géag thoraidh Teamhrach na bhFionn,
grian gheal i ndeaghaidh dílionn;
craobh séanta d'abhlaiibh Íle, 55
réalta shamhraidh šoisíne.
- 15 Éinghein ſochair šíl gColla,
lámh ionnarbas eachtronna;
toradh abhallphóir fóid Bhreagh,
cabharthóir na gcóig gcóigeadh. 60
- 16 cúis doilghe,
gur aguir sí Samhairle,
críoch Bhanbha fa bhrón Danar
tarla a gcóir gan chriochnaghadh.
- 17 Deileóchaidh Éire is é a šuim 65
roighne curadh chlann nDomhnuill
re siothmhagh n-arsaidh nAlban
gasraidh fíochmhar fionnardghlan.
- 18 Sgéal bheanas le crú Cholla
do léigh sinn i seanrolla, 70
budh naoidhe um' dheóidh fa dheireadh
an t-aoighe sgeóil sgaoilfidhear.
- 19 Urra an sgeóil sgaoilfidhear duit —
Séasar an t-airdri ordhruic, 75
re lion gliadh d'ágaibh áille
do fágaibh fiadh Eadáille.

50 mheic F 53 the. MSS. 56 sa. so. EF 58 ionnarbha F
ionnnurbais N 59 abhallphór MSS. 61 *the right reading is doubtful:*
cré is cúis d. E o ré is cúis d. N o re Rughá is cuiis d. F; *leg.* ó ré
Cholla is c. d.? 64 accoir E 65 su. E 66 curr cl. EF cur cl. N
67 siothmhadh na reacht MSS. 69 re F ré N 70 do léig E 73 *sic*
leg.? urradh E; na sgéol MSS. 74 saesar E 75 re linn MSS. 76 iadh
e. N iath iadáille E iath iodáille F

- 20 Gluaisid reompa ón Róimh anoir
go hEasbán an fóid iobhraigh;
lón eachtra dob fearr obar,
ní ar cheann teachta tángadar. 80
- 21 Grádhaighis iartha Eórpa
Séasar na sluagh ndíleonta;
ón Róimh do aontaigh anadh,
'sníor aontoil dóibh dealaghadh.
- 22 I gcionn aimsire ar n-anmhain,
lá éigin d'éis tionnabhraíd —
dáil chabhra an rí dhá rochtain —
do-chí amhra n-iongontaigh. 85
- 23 Dar leis fén fuair 'na fochair,
'na mnaoi álúinn iolchrothaigh,
an Róimh ag riomh a dochar,
gníomh budh cóir do chronochadh. 90
- 24 Frais do dhéaraibh re a dreich ngil,
fuit sgaoilte go sgéimh thuirsgigh
'gun Róimh ag éagcaoine a huilc,
cóir éagcaoine fá n-éabhuirt. 95
- 25 "Níor chubhaidh riot," ar an Róimh
"mo bheith mar bhím i gcéadóir;
id dheaghaidh gan dál gcaibhра
fám lán d'fearaibh allmhardha." 100
- 26 "Caomhna longphuirt nách libh fén,
iongna dhuit, a óig airmghéir,
'sdo thír fén arna faghuil,
dá béim dhíbh ag danaruibh."

77 rompa N 78 sic leg.^p crich oaspa EN go críoch neorp F
 82 saesar E 83 aonta E 87 da E dha N dá F; cca. EN ca. F
 89 lais N 92 do chríochnughadh F 93 ndil N 94 sg. tu. MSS.
 96 neabhuirt EN néobhuit (u above line) F 97 chuibhe MSS. 99 dáil
 ca. MSS. 101 longpt E 104 bh. dibh MSS.

- 27 Dob iad orfuighle Séasair: 105
 "a Róimh an mhúir mhínghréasaigh,
 fár mbreith soir nó ar mbeith i bhus,
 bheith ar do thoil do thriallus."
- 28 "Adéaruinn riot," ar an Róimh, 110
 "tabhair leat líon do thionól,
 tiomsuighidh bhur n-óig áille,
 d'ionnsuighidh fóid Eadáille."
- 29 "Ná bí ní as faide ag anmhain,
 nár dhuit do theagh tionnabhraíd — 115
 giodh eagail aighthe orthuibh —
 d'aithle a eagair d'allmhorchuibh."
- 30 Laochradh Ghréag, gasradh Eórpa
 rug leis, fa tráth taisbeonta,
 do dhíon na siothRómha soir,
 gniomh dob fíorchóra ar féachoin. 120
- 31 Do shaor Séasar, is sé a suim,
 d'éis na n-ainbhreadh do fuluing,
 ó neart saobhchath slóigh dhanar
 Róimh na n-aolchloch n-éagsamhal.
- 32 Do-bhéara Banbha, bean Chuinn, 125
 do bhreith na Rómha romhuinn,
 a fear fein ó Mhoigh Mhonaidh,
 ag soin céill a gcualabhair.
- 33 Ar aghaidh mheic Mheic Domhnuill,
 feadh éagcaoine a hanforluinn, 130
 do-chí an Bhanbha bhfaersing bhfinn
 d'aisling suil tarla i dtoirchim.

106 sic leg. 2 a riom an MSS.

111 bhúr nóg E bhúr nóga F

112 iodáille F 114 duit N dt cet.

115 ḡ eagal EF 117 grecc N

gréag E greag F; neórpa F 118 tráith EF

121 saesar EF

122 na om. MSS. 123 slóigh dhanar EN saobhélógh duare dhanar (chath

om.) F leg. §. §.? 124 neagsamhui MSS.

127 mogh mo. EN

mhóigh mo. F 129 dho. F 132 a ttoircim EF a ttorchim N

- 34 Mac Alastoir d'furtacht cháigh
tiocfa, mar tháinig Séasáir,
dón dulasa fa Bhóinn Bhreagh,
slóigh nách urusa d'aireamh. 135
- 35 Sluagh Séasair mar rug fan Róimh—
tre Ghort Luirc, líon a dtionól,
tiocfa Séasair clann Cholla,
barr do dhéasaibh dioghloma. 140
- 36 Fásfaidh coill a ciomhsaibh trácht
do chrannaibh seólta síothbhárc,
ó Mhuaidh séadoirdhreic bhinn bhaoith
go Binn Éadoirmheic Éadghaoith.
- 37 Diolfaidh a gcóir re crích Bhreagh,
géabhráthar leis lorg a shinsear
thort soir go seanráith dTeamhrach
don mhoigh eangbhláith ildionnach. 145
- 38 Don Cholla Uais ór fás sibh
má tá nár chreid Críoch Éibhir,
do bhí sí ag seinslíocht Cholla,
eighriocht i nách ionronna. 150
- 39 Cia an t-éinrí áirimhthear lionn
nár ghabh airdcheannas Éirionn,
ó Cholla go Gaoidheal nGlas,
más laoidheadh orra an t-eolas? 155
- 40 Na trí Cholla, gan chead dúin,
tugsad Éirinn tre iomthnúidh—
curaidh glanchuin bhréidghil Bhaoi—
ar chathbhuaidh éignigh éanlaoi. 160

134 sáeser EF 135 d' dulso EF; br. MSS. 136 urrasa EN
 139 co. N 141 fásfaidh EF fasadh N 143 s. mb. mb. MSS.
 145 diolfaidh N; crioch br. MSS. 147 te. FE 148 :sic leg.? ioldionach E
 ildionach N ildiánach F; ildealbhach is also a possible reading 153 libh FE
 linn N 154 ghaibh EF 157 co. MSS.

- 41 Cuirfidh Samhoirle 'sé a am,
ní choimheóla um chrích bhFréamhann,
crois orra go horlamh uaidh,
connradh na gColla an chéaduair.
- 42 Fa Chaisiol, fa Chruachain Aoi, 165
fa Almhain an fuinn ghéagnaoi,
'sfa ráith n-eachradhghlan nOiligh
seanchonnradh cháich crosfoidhir.
- 43 Críoch Bhanbha i mbun na suirghe
don chrois chuirfeas Samhoirle, 170
fuair anois tóir dá tabhach,
Bóinn don chrois budh céadfadhach.

FADA

162 co. MSS. 167 sfra r. N is fria (*ri doubtful*) EF

MAOL MÓRDHA MHAC SUIBHNE

- 1 Tánag adhaigh go hEas gCaoille
 bhus cumhain liom go ló an bhráith;
 méaraidh choidhche ar ndol don dúnsa
 cor na hoidhche is cúrsa cáich.
- 2 Samhail na bhfear fuanas romham 5
 san ráith foirfe dob úr niamh,
 ar sleasaibh data an dúin chorcrá,
 ní faca súil rompa riamh.
- 3 Beag mhaireas don mhuintir ionmhuin
 uaras romham san ráith ghloin; 10
 teacht ón chás níor bhreathnaigh Banbha—
 bás an cheathair tarla astoigh.
- 4 Fuanas Maol Mórdha Mhac Suibhne
 ar slíos meadhóin an mhúir chuirr,
 fear na modh saoghalta síthe,
 aondalta sgol Chríche Cuinn. 15
- 5 Mh'anam an fear fuanas romham
 i ráith chúplaigh na gcolg ndéad;
 fríoth a dhá luagh an sóidh eisde—
 mh'anóir uadh gur meisde a méad. 20

MSS.: Bk. of O'Conor Don (Bk.) f. 389a, 23 F 16 (F) p. 96, Advocates' Lib., Edinb. No. XLIV (Ed.) f. 12a. See also O'Grady, Cat. 423.

Headings: tadg dall ó huiginn .cc. Bk.F (úa F) an fer cedna (*follows 20*) Ed.

Variants: 1 oidhce F; ca. F 2 budh F 3 or ndol Ed. 7 dhuin Ed.
10 fu. MSS.; san r. gil F 12 cethair Bk.F; astigh F 13-16 *follow 8* in Ed., and 28 in F 14 a mhúir Ed. 15 f. na sgor F 16 críche MSS.
17-20 *only in F* 17 ma. MSS. 18 cupl? MS.

- 6 Dalta is oide d'éigsibh Banbha
branán Finne ar feadh a ré;
ar bhfáth tnúidh, ar n-aisgidh ollamh,
taisgidh rúin na n-ollamh é.
- 7 Ar luibh íce, ar n-órtha chodail, 25
ar geraobh thoraidh, ar dteach séad;
mír cruadha nár éimdhidh aoinfear
éinghein bhuadha Gaoideal nGréag.
- 8 Fuaras timchiol mheic Mhaoil Mhuire
móráin d'éigsibh dob fiú a riár, 30
re sgaith gach ceirde san chruinne,
fa flaithe nDeirge ag suidhe siar.
- 9 Ni rug lá go laithe éaga
ar éigsibh slóigh Thighe Truim
gan bheith lucht catha nó coinne x 35
re hucht flatha cloinne Cuinn.
- 10 Do bhí an uairsin seach gach aimsir
ar uillinn laoich Locha Cé—
maith sgiamh a n-ollamhnaidh ortha—
triar d'ollamhnaibh Tholcha Té. 40
- 11 Do bhí ollamh Iarla Búrcach,
do bhí bhós re a bhruinne séimh
file dob orradh re a áirimh,
ollamh fine náirigh Néill.
- 12 Do bhí ollamh airdriogh Muaidhe, 45
Meic Uilliam Búrc na mbreach bhfior—
dia do neamhghhlór car na cruinne,
seanmóir nách mar duine dhíobh.

22 fine Bk.F 24 nolladh F 26 ttoraidh Bk. toraidh Ed.
27 eimhgídh F éimhgídh Bk. 28 bu. F; ng. ng. Bk. 30 nar fiú Ed.
31 do sg. F; gce. (g later) Ed. 33-36 only in F 38 re hucht
leoghuin l. F 40 tolcha F 41-4 om. F 42 fós Bk.; bru. MSS.
Séimh Bk. 44 fine Ed. 45 bmuaidhe, with punctum delens under
the b, Bk. burcach with a deleting stroke, followed by muaidhe Ed.
46 sic Ed.; mac Bk.F; na mbhriathur F

- compared to'
- 13 Brian Ó Domhnalláin, dreach faoilidh,
ollamh leómhain Locha Raoibh; 50
sé ag sgolaibh 'na ré ós réalluinn,
soraidh dá ghné séaghuinn sáoir.
- 14 Brian Mhac Con Midhe, mac Aonghuis,
ollamh í Néill na Naoi nGlas;
fear a aoise dob fíarr n-iomchuir, 55
geall gaoise dob ionchuir as.
- X 15 Conchobhar mhac Mheic Í Uiginn,
ollamh airdríogh Inse Cé,
beag nár gheall re flaithe an file,
ceann ar mhaith dá fine é. 60
- 16 An triúr fileadh fuanas romham,
fa réaltainn chorcrá an chnis ghil—
faghar aca fa fiadh mBanbha
triar a maca samhla sin.
- 17 Éirghid romham do rún aoinfir 65
d'uillinn an riogh fa rí dhún;
minic bhím dá gcuimhne im' chridhe—
fuighle an trír ag snighe ar súl.
- 18 Foghar taidhiúir na dtéad meannchrot,
milse meala, meisge chorm— 70
truagh nách mar an tí dá dtáireas—
do bhí dhamh 'na n-áineas orm.
- 19 Gabhaid oram ag ól chorma
go ceann treimse ar dteacht 'na gceann—
fa lucht freasdail dóibh na deighfir— 75
d'easgraibh óir, do bhleidhibh beann.

49-52 follow 56 in F 49 faoilliadh Bk. 50 leoghain Bk.F
 52 tsaor Bk. 60 maith Ed. 61 triar f. ainsean F 62 fa onchoin
 chliach F; ba rellain gcliach Ed. 63 ni mhair aca F; fagtar aca Ed.;
 iath MSS. 65 eirgid Bk.Ed. eirged F 66 duillinn righ fa rí don
 dún Bk. 69-72 follow 144 F 69 a tead F; mbennchrot Bk.F
 70 meisge corn F 71 uch ni mhair an tí F 72 sic Ed. ag á. Bk.
 na á. F 75 dhoibh Bk.; a ndeaighfir F

- 20 Mar thairnig dhúinn dul do thoirchim
ré dtocht laoi dár leabthaibh suain,
ní chreidfeadh sé nár bhreathe bhoide,
gi bé neach dob fóide uaim. 80
- 21 Do luigheas ar lár an cheathrair,
ceithre taoibh fa tocha leam,
tri comthaigh do chráidh mo chroidhe,
láimh re honchoin Mhoighe Meann.
- 22 Innisim sgéal do sgoith Teamhra 85
'sdá thriúr chomthach do chionn luaigh;
mana teasda dhóibh a dhaoire,
fleasga óir an taoibhe thuaidh.
- 23 Ceithre seoid 'na séadaibh buadha
beanaim dhiobh i ndíol mo sgeoil; 90
gan mhac samhla na séad bhflatha
créad acht damhna datha ar dheoir!
- 24 Beanaim ainnséin an t-each ballach,
san breith ar dtús tugadh damh—
torchoir an féile arna oidhidh—
d'onchoin Šléibhe groighigh Gamh. 95
- 25 An t-each ballach do bhean mise
do Mhaol Mhórdha—mairg do bhean—
tearc i mbeathaidh a séad samhla,
sdéad ós eachaibh Banbha Breagh. 100
- 26 Do bheanas do Bhrian mhac Aonghuis
aonrogha chon Chláir Dá Thí;
dob fiú a maith a cor ós conaibh
do sgaithe chon an domhain dí.

77 tairnic MSS.; du. F; toircim Ed. toirrhim *cet.* 78 teacht Bk.;
dar lepuibh suain Bk. 79 nach br. Bk. F 81 do luidh sinn ar lár an
cheathair F 83 tri cumhthaigh F 84 le F; moighe mbenn Bk.
mbuige mbenn F 85 teamhrach F; themrach Ed. 86 t. co. Bk.
thriar cumhtach F; chenn Bk. 87 muna F; mo dha. F 88 na
ta. FEd.; th² Ed. tuaidh *cet.* 90 diob Ed. diabh F 94 tus Ed.;
dhamh Bk. 96 groidhe Bk. groidhigh FEd. 99 na bethaig Ed.
102, 104 con F

- 27 Seóid Éireann, dob usa leision
do léigion uaidh diaidh i ndiaidh —
créad nách maolfadh ar méad meanma? —
'ná séad saorchon breaghda Briain. 105
- 28 Ó Bhrian mhac Eóghain uair mise
mionn leabhair do luach mo sgeóil,
ré geodal don donnbhán díllidh,
tobar lomnán d'firshreibh eóil. 110
- 29 Tána, tochmhairc, toghla an bheatha
do bhí san aisgidh uair mé;
mineaghadh a gcath 'sa gceimeann,
sgath ríleabhar Éireann é. 115
- 30 Tug Conchobhar an gcruit sídhe,
séad buadha nách bronnadh rí;
fada is oighreacht bróin an bronnadh,
níor thoirbheart chóir d'ollamh í. 120
- 31 Cruit ollamhan fola Búrcach
tre bhioth síor budh séad fa chion;
teasda an tí ga bhfaghair uaidhe,
'smaraidh sí go nuaidhe aniogh.
- 32 Mairg dar leannáin lucht na dtoirbheart,
ó tharla i ndán deaghail rú;
fir nár bh fallsa i dtigh na togha,
fir rérbh annsa cora a gclú. 125
- 33 Ní mo chean dar gceathrar leannán,
mo lucht aoinleabha, mh'aos rúin;
ceithre tamhain do choill chnuasaigh,
croinn taraidh fa dhuasaibh dhúin. 130

109, 114 fuair MSS. 111 ar ceodal Bk. re geodl' F; don dh. dh. Bk.
112 lomlán F 113 torchmharc Bk. 117-128 *order of stt. in Bk.*
§§ 31, 30, 32 117 c. tsithe Bk. cer. sídhe F 120 ni th. Bk. nir
to. FEd. 122 tré a bh. Bk. 125-8 om. F 125 lennán Bk. lennainn Ed.
126 ó do bhi Bk. o tarla Ed.; riú Bk. 128 ler annsa Ed. 129 ceithre F
gceithre Ed.; leannain F 131 gcn. F 132 tho. F

- 34 Luaimneach mo chiall, corrach mh'íntinn,
d'éis na buidhne nách buan rug;
mairg tarla 'na ndiaidh ar dhomhan, 135
Banbha Briain gan toradh tug.
- 35 Briseadh croidhe ceann na buidhne
do bhí astoigh do theasdáil uainn;
níor theasda ó ollamh riamh roimhe,
bronnadh fial a chroidhe chruaidh. 140
- 36 Go n-ioca Dia le Maol Mórdha
an mhéid dá ionnmhus uair mé:
fear tiodhlaicthe ar dháil gach duine,
tiodhlaicthe cháigh uile é.
- 37 Fuighle milse, meanma ghruamhda, 145
gniomh foirniata, focal tláith;
feitheamh gach éinfir dá fine,
breitheamh, féinnidh, file, fáith.
- 38 Séad commórthais Chloinne Breóghain,
a mbreith chluiche, a gcosnamh gill; 150
sásadh meanman ná ndámh ndoiligh,
grádh na seangbhan mboilidh mbinn.
- 39 Teagar inill, aigneadh caithmheach,
comhall bréithre, briseadh siodh;
gruaidh úr rér dhoidheaghla dearca, 155
glún oileamhna an reachta riogh.
- 40 Fuasgladh na gceasd, cur na n-aithcheasd,
inneóní foruis Inse Fáil;
fuath síorchára, tol do throdaibh,
cor síothchána is cogaidh cáigh. 160

133 luaimhneach F .. uaimhneach Ed. 135 ar do. Bk.F 138 uaim F
139 ni Ed.F; tesda Ed. thesda Bk.F; ó om. Bk. on F 140 cruaidh Bk.
141 re F 142 a med F; fuair MSS. 143-4 tiodhlaice Ed.
143 ar dáiil Ed. 144 caich F 145 ghruama F gruamhda cet.
149 com(m)órtais MSS.; breoghaidh Bk. beog Ed. (*faint*) 153 innioll Bk.
innill FEd. 155 ren do. F ler do. Ed. 156 an om. F

- 41 Mac-Gormuidhe, géag ós fiadhbaidh,
aigneadh frithir, freagra mhall;
caidhe a chonchlann um dhuais ndoiligh?—
comhthrom cruais is oinigh ann.
- 42 Ón ló torchair gé 'tú i mbochtacht, 165
do bheinn ós chionn chríche Fáil—
cneas mar aol, aghadh mar ómra—
dá maradh Maol Mórdha amháin.
- 43 Cuimhne a n-uaras óm fíor chumainn
i gcionn treimse budh tuar sgís; 170
budh eagail damh méid mo mhoirne
do char 'na bhréig oirne arís.
- 44 Fa ríor, ní mór mhaireas agam
dom aos chomtha 'na gcruth féin;
do chuir an saoghal mé amogha, 175
sé m'aonar dom chora i gcéin.
- 45 Mairg ó dteasda mo thriúr cumthach,
clann Ghormuidhe ór ghairid lá,
re béal a cabhra don chloinnse,
Banbha fa néall toirse atá. 180

TÁNAG

162 mall Ed. 163 fear gan co. F fir can c. Ed. 165 mbochtach Ed.
 166 cr. F 167 aigheadh F; ómhra F 168 maireadh Bk.F
 169 bhfuaras MSS.; cumoinn MSS. 169-72 om. F 172 bréig Ed.
 174 cumtha, comtha MSS. 176 dom cor a gceim F 177 triar
 cumthach F 178 go. FEd. gormladha Bk.; gaired F gairid cet.
 180 fa nél Bk. fa len Ed.F

EÓGHAN ÓG MHAC SUIBHNE

- 1 Iad féin chinneas ar chloinn Néill,
rioghraidh Fódlar an fuinn fóidréidh;
re tnúth slóigh bheannórtha Breagh
do neamhmórtha glóir Ghaoideal.
- 2 Inis Fódlar an fuinn ghrianáigh,
ochtár mac Néill Naoighiallaigh
roinnid í ar n-éag a n-athar,
tréad do bhí arna mbaoghlachadh. 5
- 3 Cuid Mhaine is Laoghaire loinn,
Fiachaíd is Chonaill Criomhthoinn,
mín Moighe bleidheadhuinn Bhreagh,
seinfearuinn Thoighe Taillteann. 10
- 4 Do Chonall mhór fa mór bladh,
do Chairbre d'Éanna is d'Eóghan,
tugadh rílearga an taoibh thuaidh
ón chaoir dhileanda dhaghsluaigh. 15

MSS.: Book of O'Conor Don (**Bk.**) l. 390b, *ibid.* (**B**) p. 26 (ll. 1-2 missing),
23 F 16 (**F**) p. 58, 23 D 4 (**D**) p. 262, Advoc. Lib., Edinburgh No. XLIV
(**Ed.**) f. 21a (ll. 1-124 illegible). See also O'Gr., Cat. 420.

Headings: tadg dall o huiginn .cc. Bk.D (1610 added later in pencil
in D, while along the right margin a later hand has written: the change
of the monarchy from o Neile to o Connor. If this is intended to in-
dicate the subject of the poem it is incorrect. tadhg dall uath huiggin
.cc. F missing BEd.

Variants: 1 cl. F 2 minréidh F mhínréidh D 3 le FD; tnúdh B;
mb. mb. Bk. 4 ga. Bk.BF 7 rannaid F ronnaid D 8 gan
bhaoghlachadh Bk.B 10 fiach: Bk.B fiach: FD; is co. MSS.; is cr. F
11 mhuighe bhl. D 12 thoighe Bk.B thighe F toighthe D; tha. Bk.
16 dedhsluaigh F deaghsluaigh D daghsluaigh B

- 5 Do bhí dias do dhearsgnaigh dhíobh
do chloinn uaibhrigh an airdríogh,
nár shamhail do shaorchloinn Néill
gér thamhain aonchroinn iaidséin. 20
- 6 Eóghan mhac Néill na Naoi nGlas,
Conall Gulban, gríobh amhnas,
na meic oilé gídh iad ann—
siad re aroile níorbh ionann.
- 7 Dá mhac Néill mhóir mheic Eachach,
Eóghan 's Conall ceirtbhreacha,
meic riogh na réaltoinnchneas réidh,
éantoirrcheas, más fíor, iaidséin. 25
- 8 An dá leanbh i ló a mbeartha—
do-rala rún buaidhearthá
fan saorchloinn go méid meanma,
dá ghéig aonchroinn fineamhna. 30
- 9 Amlaith fríoth gach duine dhíobh
d'éis a dtuismidh—tuar eisiodh—
ceann a leathghuailleadh 'na láimh,
an dream dhreachnuraigheal dioghaír. 35
- 10 Dála chloinne Néill neartmhair,
Conaill 's Eóghain oirbheartaigh—
gan rún ngliaidh, gan ghoimh gcogaidh,
ó soin riamh ní rabhadair. 40
- 11 Do bhí a síol ó sin i le
ag leanmhain luirc na deise;
lán d'formad riamh ré 'roile
fa Fiadh gcollbhog gConoire.

17 dhearsgnaidh MSS.; diobh D 22 gniomh a. F 23 gérbh iad FD
25 ethach MSS. 26 's om. FD 28 déntoirrcheas F 29-32 om. F
29 na da D; mbeirthe D 31 ban s. D 33 dhíb F 34 thuismhidh D
36 dr. dr. FD; dhí Bk.B 37 cl. D 38 's om. FD 39 gon go.
gliaidh gan rún cc. Bk.B gan rún gl. gan gho. co. D 40 ó sin F o
soin D 41 ó soin Bk. 42 luirc a chéile D

- 12 Creach san chreich is goin san ghoin,
siol gConaill, cinéal Éoghain—
mór ndíoth dō fíonnmaoid orra—
do bhíoth d'iomlaoid eatorra. 45
- 13 Seal fada i gcomhthrom cogaidh
fa chlár Theamhrach tarladair:
siol dá churadh Chláir Ealga—
pudhar dháibh a ndíbhearga. 50
- 14 Gach ré seal d'éis aroile
i gceannas Chláir Úghoine
do bhí cnuas na gcraobh dtoraidh,
anuas go hAodh Athlamhain. 55
- 15 Sgaoilid siol Eóghain ag Aodh,
tarla dhóibh — dia do mhioghaol—
cuirid féine a gceart ar gcúl,
neart a chéile do chlaochlúdh. 60
- 16 Clann Šuibhne ór sín a rabhaidh
ag Aodh oirdheirc Athlamhain,
do-chódarsan ó chloinn Néill,
óggasradh nár thoill toibhéim.
- 17 Do cheangladar siol Suibhne
dá éis so ar séan gcomhairle,
báigh re saormhacraidih síl gCuinn
i dTír chraobhlachtmhair Chonuill. 65
- 18 A mbreach féin ó thuinn go tuinn
tug rioghraidih chineóil Chonuill
don chrích réidh thaoibhleathain te
do fréimh šaoirbhreathaigh Šuibhne. 70

49 ceothrom D 50 te. MSS.; tarladar F tarladair D tarradair Bk.B
 51 cl. FD 52 pudhair D 54 iúg(h)aíne MSS. 55 do bhioth F
 61 ſuibhne Bk.; robháidh FD 65 clann ts. D 67 saormhacraidih D;
 siol Bk.BF 68 co. MSS. 70 chinél Bk.B cineoil FD; conuill FD
 cconuill Bk.B 71 tta. Bk.BFD; tte Bk.BD 72 sa. su. D

- 19 Síol Suibhne ón lósóin i le
níor léig siad sealbh na ríge—
olc báigh do éirigh orthaibh—
ar láimh éinfir d'Éoghanchaibh. 75
- 20 Do thaibhghidis síol Suibhne
ó šoin dar gcloinn Chonuillne
ar feadh an chláir fíearaírd finn
cáir as gach éanaird d'Éirinn. 80
- 21 NÓ gur chuirsead síol Suibhne
fúthaiibh dar bhfuil Chonuillne—
slata réidhe Chraoi Cobhthaigh—
do bhaoi Éire ag Éoghanchaibh.
- 22 Ón lósóin gusan lá aniogh
atá ós ghasraidih Ghaoidhiol
buaidh gach aonchoinne um Iath bhFloinn
ag triath chaomhchloinne Conuill. 85
- 23 Do síol Šuibhne go nua anois,
d'aicme Chonaill chláir Bhearnois,
táinig lámh chongbhála a gceirt
fa chlár dtonnmhálla an tuaisgeirt. 90
- 24 Eóghan Óg mhac Mheic Suibhne,
sgiatr choimhghe chuain Mhodhuirne,
sás fighthe chogaidh ó gCuinn,
drithle i gcogail ó gConuill. 95
- 25 Maighre séanta a sruth Finne,
lá gréine i ndiaidh dílinne;
gnúis mhórdha is céimleasg i gcath,
éinfeasg órdha na nUltach. 100

76 a l. F 78 co. F cco. D 80 ccóir MSS.; a ccóir sgach F a ccóir
gach D 81 clann š. F clann ts. D 82 co. F cco. D 83 craoi
co. D craoidh gc. F 85 lá sin Bk. F lá soin B 86 o gh. gh. F
87 fl. MSS. 88 sic F caomhchloinne cet. 89 isuibhne Bk. B suibhne cet.
90 conaill MSS. cláir D 91 connmhála Bk. BF congmhala D; cheirt F
92 to. Bk. B tho. D 94 cuain FD; mo. all save B 95 fíchthe Bk. B
fithe F; co. FD 96 d. a cogail Bk. B d. coigill F crithre a ccogail D
97 assruth D; finne FD 98 doinimhe F dhoininne D 100 enlesc F
einleasg D

- 26 Urs a chatha chlann nDálaigh,
fear uaislighthe a n-annálaidh;
séad buaidhe caomhfuile Cuinn,
aoghuire cuaine Conuill.
- 27 Ag siol gConuill na gcolg dte, 105
an gcéin mhairfeas Mac Suibhne,
luadh gliadh budh éadtarbhach d'fior
fa fiadh ngéagabhlach nGaoidhiol.
- 28 Ní rabhadar riamh roimhe —
siol gConuill Chláir Úghoine, 110
uair budh neartmhoire iná anois
ó sduaigh bhreacmhaoighe Bearnois.
- 29 Re linn Eóghain an airm chuirr
ní fuighe rí chlann gConuill
triath le gcuirfidhear 'na cheann 115
i n-iath fuithnigheal Éirionn.
- 30 Claontar fiodh re fás a ghéag,
do-bearar le mac Mairgréag
géill gach Eóghonaigh re a ais
go féin mbeóghonaigh mBearnais. 120
- 31 Muna tigthi dá dfaoibh féin
re rioghraidh sleachta saoirNéill —
sgotha slóigh mhéirsing Mhonaidh —
níor dhóigh d'Éirinn Eóghonaigh.
- 32 Mar sin do toghladh an Traoi, 125
cathair bhuadha an bhruaigh géagnaoi,
learga mór n-aolta dob fíarr,
gaolta do thnúdh 'na timcheall.

101 ca. F 102 fear fuaslaicthe Bk.B; andbalaidh Bk.B anddálaidh D
 103 sic FD c(h)aoimhfine ó ccuinn Bk.B 104 aoidhire ch. Bk.B
 107 luagh Bk.BF; étarba Bk. 108 ngéagabhlach Bk.; ge. ga. D
 110 conuill Bk.B; chl. laoghaire FD chl. iugóine cet. 114 bfu. Bk.B
 bhfuighbhe D; cl. F 115 rígh le cc. D ré le gc. F 116 a ttir FD;
 foithnidhghil D fuithnegríghil F 117-20 om. F 117 le fás a géag D
 118 dobeartha D 119 re ais D 121 titathi F; tha. F 122 le
 r. 81. Bk. 123-4 om. Bk.B 125 here Ed. becomes legible; dho Bk.
 126 an buird FD an buird Ed. 127 mhúr Bk.F; aulta D 128 a
 gaolta ag tnúth F; thimcheall Bk.B

- 33 Gluaistear leis lion a thionóil,
an rí oirdhreic Áighmhionón,
go sluaghaibh Gréag dá gabháil,
tréad dob uamhain d'iongabháil. 130
- 34 Ár nuaidhe timcheal na Traoi
do cuirthi i gcionn gach éanlaoi,
d'amhsaibh ceachtardha an dá chath,
gasraidh neartchalma nárach. 135
- 35 Deich mbliadhna, gi bé re a chois,
do bhi an Traoi, truagh an forbhais —
buain dí dob anobair d'fior —
nár ghabhodair í ar éigion. 140
- 36 Dá mbeith siad ó sin anall
lion a dtionól 'na tiomchall,
ní dáich go ngéabhdais Gréagaigh
an ráith ngéagglais ngáiréadaigh. 145
- 37 Daoine astigh dá tabhairt dáibh
tarla dhí — dia do dhiombáidh —
i dtráth fillte don foghail,
'sgan cách impe ag anomhain. 150
- 38 Muna lingthi dá lár féin,
múr cuanna na gcladh soileir,
níor ghar dhóibh toghail na Traoi,
slóigh an domhain adéarthaoi. 155
- 39 Timcheal cheannais Chláir Lughaidh
tarla don féin Eóghanaigh
cúis a maca samhla soin,
na slata abhla a hEamhoin. 155

129 lais F; ttinól F thionol Ed. 130 orrdhuirc D oirdc Bk.B;
aigmenon Ed. aigmenón F edhmeanón D 131 ghabháil Bk.B
132 uamhan Bk.; diongabail Ed. diomgabail Bk. 133 a tti. FD
134 da ccuirthi Bk.B do curthaoi F 135 ceatharrda D ochtar (*next
letter illeg.*) dha. F 137 gi(o)dh bé FD 138 forbhas Bk.B 141 da
mbeth F; o soin D 142 tímchiall F 143 dáigh B dóigh *cet.*
144 ngáiréadaigh F ngoireadaigh D 145 astoigh DBEd.; tta. Bk.BEd.
tha. F 146 diombáidh F 150 múr cuaine na ccl. mínréidh D
153 ch. cl. FD 155 samhla Bk.; soin D

- 40 Cuid díbh féin gur fill orthaibh
críoch Bhreagh do bhí ag Eóghanchaibh;
gan rún troda, gan triall n-áigh,
gan oba gliadh ná a gabhláil. 160
- 41 Fir Éireann ó mhuir go muir,
dá gcuirdis ar chloinn Eóghain—
clann Suibhne féin ga a bhfoghaile,
duilghe don féin Eóghonaigh.
- 42 Olc an gaol do šiol Suibhne 165
tabhach Fódla féarghuimre
a láimh aicme Néill náraigh
do mhaicne réidh riogh Dhálaigh.
- 43 Síol Suibhne, síol nárach Néill,
dá choill fíneamhna a héinfréimh; 170
cna aonmhogail óir ós fiodh,
do chaomhnodair glóir Ghaoidhiol.
- 44 Ionann ful dáiibh adearair,
ionann géaga geinealaigh,
ionann flathamlacht a bhfeart, 175
ionann athardhacht aithreadh.
- 45 Dá bhféachdaois, níorbh fearr a gceart
ar Thoraigh thall san tuaisgeart—
ógbhadh mheanmnach síl Suibhne—
nó ar šeanšruth míín Modhuirne. 180
- 46 Nó ar Chraobhruaidh Chloinne Rosa,
nó ar Charraig bhfinn bhFearghosa—
cnuic úra na ngealffonn nglan—
nó ar fearonn Dúna Dealgan.

157 diob Ed D followed in Ed. by no for which sein has been substituted in a later hand 159 n- om. DF 160 gha. D 162 cl. F
163 da bhf. FD Ed. 165 dot šiol tš F do šiol s. cet. 166 fóldla ſ. F
167 as láimh FD 168 riadhálaigh F 169 siol eogain siol n. n. D
172 ga. FD 173 adearair D adearar cet. 175 flaitheamhnacht na
bf. F flaitheamhlacht a bf. Ed. 176 aitherdeacht Ed. 177 bfeasaídís F
bhfeasdaois D; ni fearr D 178 thall D tall cet. 179 ógbaidh D
ógb' cet.; šiol tš. F tsiol ts. D sil s. cet. 180 sengrut Ed. seannsruth D
182 charruic FB carriuc cet. 183 suinn úra na ngealfuinn ngl. Bk.B
184 fearuinn Bk.B

- 47 Ní foigse Conn na gcéad gcath,
ní neasa Niall mhac Eachach,
ní mó is goire Gaoidheal glan
d'aoinfear oilé 'ná d'Eóghan. 185
- 48 Créad do bhacfadh d'Eóghan Óg,
ar lorg šíl Néill anallód,
buain ghiall do bhracintealchaibh Breagh,
aointeanchair ghliadh na nGaoidheal? 190
- 49 Tighe falmha um Chruachain gCuinn
do ghuais airdríogh clann gConuill;
ar Mhac Suibhne is coír a chion —
'sna bruidhne um Bóin dá mbrisiodh. 195
- 50 Inghean Chuinnmheic an Chalbhaigh,
a dtéid uaithe d'ollamhnaibh —
tuar teisde síordháil na séad —
dioghbháil nách meisde Mairgréag. 200
- 51 An treas glún ó Chonn mhac Cuinn,
'só Mhaghnuis, rí clann gConuill —
fa iolmhaoinibh gidh í is fearr
ní hionmhaoidhimh dhí a ndéineann.
- 52 Rugadar na fréamha ó bhfuil,
fíonfuil Chonaill, clann Eóghain,
géall Chríche Néill gus anioigh,
a méin trithe dá dtísseadh. 205

IAD

186 eathach MSS. 191 ghi. DF gi. cet. 192 aointeancair F; gl. DF
 193 tighthe Bk.B; chu. Bk.B cui. FD ccu. Ed. 194 chlann BD
 clann F clann cet. 197-208 only in F 197 chuinn mhic MS. 198 uatha MS.
 199-200 teisde, meisde MS., eisd being represented by the compendium 2
 201 conn MS. 202 magnus MS. 203 as f. MS. 204 ndeanand MS.
 206 conail MS.

MAC SUIBHNE FÁNAD

- 1 Leithéid Almhan i nUltuibh,
ar bhuaidh chatha, ar chumhachtaibh;
ar dhíon Bhanbha na mbrugh bhfionn,
ar sgur faghla na hÉirionn.
- 2 Ar chur gcliathcha, ar chorcradh reann,
ar cheól, ar chluichibh fidhcheall:
ar súr éachta, ar súr seilge,
ar rún déanta díbheirge.
- 3 San chéidriocht i raibhe riámh
atá Almha Ghuit Ghailian
'na mionn toighe elaichthigh cuir,
nó a haithghin oilé i nUltuibh.
- 4 Seachnóní Éireann, Inis Bhreagh,
amuigh ó laochraíd Laighean,
go dtarla d'Fánuid Uladh,
tánuig Almha ar athrughadh.
- 5 An mór do bhí ag Fianuibh Fáil—
tarla arís i Ráith Maoláin,
nó ráith is casmhuil cuma
don ráith arsuidh Almhunda.

Ms.: RIA 24 P 25. p. 149.

Headings: tadg dall mhac mhathghamhna i uiginn.

Ms. Readings: 1 eitheid MS. the initial L is missing 3, 5, 6, 7 there
is no lenition after ar in the MS. and lenition is rarely shown throughout
3 ba 5 gcliachda 6 cluith- ficeall 7 seilgi 9 sa ch. 10 gáilian
11 cl-tigh 12 no; ullt- 13 br. 19 no

6 Samhuil d'Almhuin an feóir bhuiig
 • 'na reachtuibh féin i bhFánuid:
 samhuil d'féin Almhan inte—
 an tséimh armghlan innillte.

7 Dá dteagmhadh nách í Almha
 an mór éadrocht allmhardha,
cur gill san aitreachb oilé
re glainteach Finn Almhuite.

8 Gér dheacuir barr do bhuaín di—
 céad Almha Cloinne Baoisgne,
 ráth na mbeann geathardha gcuir—
 fearr an ath Almha ar féachuin.

9 Mó a líon do láthaibh goile,
 mó a macraíd, mó a banchuire;
 lia d'ollamhnaibh téid don toigh,
 fa ghéig mongabhraigh Murbhaigh.

10 Lia d'aithearrach aosa ciúil,
 do lucht sgaoilte sgéal dtaidhiúir,
 do mhnáibh ríosluaign mhóir mheanmnaigh,
 ag sioruaim óir ildealbhaigh.

11 Do dháileamhnaibh ag dáil fleadh,
 do chloinn riogh ag roinn gheimheal,
 do séadaibh cáich dá gcomhroinn,
 san ráithtréadaigh thobarmhoill.

12 Saoire teaghlaach an toighe
 ná muintear Finn Almhoine;
 geall ón Fionn roimhe rachaidh
 don Fionn oilé d'Ultachaibh.

25

30

35

40

45

21 sam 23 saṁ; alban inni 24 innillti 25 da dtegṁ nach hi
 31 cuir 32 ar fec 35 don tigh 38 sgoailti sg- ta. 39 mo. me.
 42 geimh- 43 tséduibh cáidh da comhráunn 44 sa. r. 45 tighe
 46 muint with compendium over the t which is used indifferently for er
 or ir

- 13 Tusa, a Dhomhnaill, a dhreach bhog,
it Fionn chéadna a crích Fánad—
clár srothmhaordha na sreabh nglan—
ag comhchaomhna fear nUladh. 50
- 14 Ní bheanfaidh duaigh ná dochair
re Tír Conuill chiúnshrothaigh
nách díbh dleaghair a diongbháil
don tir ealaigh imiolbháin. 55
- 15 Go Magh Luirg don leith eile,
go Finn, diot do d líghfidhe,
go bruach Toruighe, a ghruadh ghlan,
foruire a cuan 'sa caladh. 60
- 16 Faire leabtha ar luighe riogh,
réiteach caingean, cosg eissiodh;
dul dó i gcliathaibh tar a gceann,
mó dot fiachaibh nách áirmheam.
- 17 Deireadh i gclódh túis ag tocht—
siol gConuill na gcolg n-éadrocht—
i gerich námhad do-ní sibh,
a rí Fánad, dá bhflaithibh. 65
- 18 Le siol gConuill, dá chionn sin,
sochair nách éidir d'áireamh,
ar Crích mbuig bhfionnslaitghil bhFlóinn,
tiodhlaicthir dhuid, a Dhomhnaill. 70
- 19 Id láimh d líghtheар, a dhealbh sídh,
sealbh na ríge ar n-éag d'airdrígh,
rí oile nó go n-aghar,
ó bhfoighe sí a sealbhaghadh. 75
- 20 Do d líghfidhe dod dheirc mhoill
leathuille d heas í Dhomhnoill;
sibh, a rí,uirre dh'ionadh
do-ní an uille dh'uaislioghadh. 80

49 d̄ bog 50 atfionn c. na; fá nad 52 a comheaomhna f. . . 53 na
54 ciúinrot 62 reit 65 agcloch 66, 69 conuill 69 da ciond
71 crich 73 d líghter (sic); sídh 74 dairdri 75 bfa. 78 des hi do.

- 21 Mac Suibhne an tráth fa dtugthair
ort, a ghnúsnáir ghuasachtaigh,
téid beirt Í Dhomhnoill Doire
dod dheirc mhongmhoill mhaordhuidhe. 85
- 22 Atá id dhligiodh, a dhreach náir,
fear comairce do chongbháil,
gan chóir 'na ghníomh d'iarraidh air,
bliadhain dá dhíon id dhúthaigh.
- 23 Bó as gach seilbh, torc as gach trúad,
luach an chíogidh do choimhéad; 90
géag abuigh do lár lubhghoirt,
lán aguibh gach abhullghoirt.
- 24 Malairt innmhe ar h'aghaidh nduinn
dá sireadh rí clann gConuill,
is é do ionnmaoid oraibh
sé d'iomlaoid nár fórobhair. 95
- 25 Dá dtugdais clann Dálaigh duid
dá urdail nó a trí a dtuguid,
mó dh'anáir do thoill tusa
d'fagháil ón chloinn chéadnasa. 100
- 26 Tú gein sóchair šiol nDálaigh,
tú a n-éanoireas annálaidh,
tú dá dtuathaibh is teagh séad,
tú a mbuachail cean do choimhéad.
- 27 Tú radharc súl sluaigh Bhearnais,
tú taibhgeoir a dtighearnais,
tú an aonchnú do-chóidh ós choill
do fóir ar chaomhchrú Chonaill. 105

81 tugtair 82 gnuisnáir 83 bt hi do. 84 dē mo. maoruidhe
87 na gn. 93 indme 94 sir; *conail* 95 doiondmáid or 96 fórob-
100 .c. usa 101 tsocair s. 102 néoiris andal- 106 taibhgeoir a ti.
107 os co. 108 ca. *co.*

- 28 Tú a sgiath díona i ngurt ghábhaidh,
tú thaibhgheas an dtromchánaidh 110
do bhí ar Éirinn 'ga n-aithribh,
sí i ngach éineing átaighthir.
- 29 Tú codhnach cloinne Suibhne,
tú Fionn ar gCláir Chonuillne;
tú do-ní aithris ar Fionn, 115
a rí do aithris Aoibhioll.
- 30 Mór na tiorchanta atá lionn,
ó naomhaibh uaisle Éirionn,
fad chúl slim barrbhuidhe bog,
ar tharnguire an Finn Fánad. 120
- 31 Colum ar túis do thairngir
don chrích Ultaigh abhaillghil,
fa chlár bhfionn na bhfiobhadh lag
a ndiongnadh an Fionn Fánad.
- 32 Do gheall go gcuirfeadh i gcruth
crioch Laighean, Tuatha Teamhrach,
go rachadh cluain, d'eashbaidh fear,
gan bhuan fan Teaghsoin Tailtean. 125
- 33 Tar gach sgéal dár sgaoil Séadna,
'na naoidhin óig firéanda,
tig maicleanabh na mionn ngrod
tar Fionn bhfailtleabhar bhFánad. 130
- 34 "Diombáidh liomsa," arsin leanabh,
"a gcuirfe Fionn failtleabhar—
tug lán do mhaothchroidhe mé—
d'ár bhur laochroidhe, a Laighne." 135

109 ga. 110 taibhges 111 aitr 112 aitightir (*compendium as in*
46 above) 114 conuillne 117 lind 120 tairgur an fionn fa.
121 tarngair 125 geuirf 126 crích 127 coraē cluain 133 lenamh

- 35 "I gcrích Laighean — lór do bhroid —
ní fáigfe an Fionn a Fánoid
acht mná," ar Séadna, "ag ar gach fuinn;"
an chéadna do chan Coluim. 140
- 36 Tusa an Fionnsoin a Fánaid,
tú šaoilid do šeannámhaid
do chur na tairrngire asteach,
'sdo chur ainbhfine a hUisneach.
- 37 Cuirfidhir ár Laighneach libh,
do-bhéaruirse, a bhas dílligh,
lí an smóil ar geiltighibh Gall,
dom dhóigh creidfidhir Colam. 145
- 38 Gearr go maoidhfe, a Mheic Šuibhne,
ar thriath ar gcrú Conuillne,
faghail Fódla ó bheinn go beinn,
is danair d'fógra a hÉirinn. 150
- 39 A mheic Toirdhealbhaigh, tug sibh
comhardha dan cóir creidimh
anú ós Fánuid ealtaigh
go dtánuig tú id thairngeartaith. 155
- 40 Almha Laighean na learg mbog —
do thóghbuis, a Finn Fánod,
leithéid a crannghal 'sa cluidh,
leithéid Almhan i nUltuibh. 160

LEITHÉID

- 41 Rogha do rioghmnáibh Uladh
ruguis, a rosg abhradhubh;
mo chean fear tug ar tosaigh,
mo chean rug an roghasain.

137 I g om. 138 faicfe 140 cedna 141 fionnsin 142 saoilid
dotsennamhaid 143 tárrngaire 144 ainmine 145 cuirfidh- 147 gall
149 tsuibhne 150 dtríath 152 dogra a 154 dana 156 sic leg.?

a tairngertaigh

- 42 Rosg neamhluath ar néimh ghloine,¹⁶⁵
inghean riogh Beann mBaghoine:
béal ren samhalta snuadh subh,
gruadh adhanta nár hadhnadh.
- 43 Ní thiocfadh bean d'iath Uladh
d'fior Ghráinne do ghnáthughadh,¹⁷⁰
ní thiocfadh dí acht fear féile,
mo chean dan i is aoinchéile.

LE

165 nemhluat ar nemhghloine 166 bend mbaghuiue 167 sugh
 169 thiocf 170 gráine 171 tiocf 172 sic leg. # mo chen danbi as
 aoincheile

INIS EÓGHAIN

- 1 Innis ród, a Ráith Oiligh,
mór ní is éigin d'fiarfoighidh
diot, a threabh fódarsaidh fionn,
fa óggasraídh fear nÉirionn.
- 2 Fionnam uait, innis dúinne,
a ráith arsaídh fódnúidhe,
lucht gabhála Bhanbha Breagh,
faghla is gabhála Gaoidheal. 5
- 3 Do-ghéabhairt uaim, éistior rum,
gach ní is a fios foil agam,
dá nochtadh ca ham is fearr?
anall ó dhortadh díleann. 10
- 4 Atáid leamsa, ceann i gceann,
sé gabhála i ndiaidh díleann,
fan gclár bhfuairfliuch dtónnbhán dtais,
do ghobhlán uaingiuch eólais. 15
- 5 Tocht Phárthalóin ó ghurt Ghréag—
agam is fearr a gcoimhéad—
is Meic Neimhidh go Fiadh bhFáil
is trian deiridh an domhnáin. 20

MSS.: 24 L 36 (L) p. 131, Franciscan Coll. A 34 (Fr.) p. 103.

Headings: tadg dall o huigin .cc. L tadg dall o huiginn *in blacker ink than that in the poem Fr.*

Variants: 1 innis sin L innis rod Fr.; a rat Fr. 2 mór an ni L
3 diot L 5 fionnaim L 6 a rath Fr. 7 ba. L 9 do gheabhairt L
do geubhthor Fr.; eisdigh Fr.; liom L riom Fr. 10 ni fa bfuisil fios L
15 to. ta. L 16 uaigneach MSS. 17 teacht Fr.; ph. phuirt' gh. L
19 maca L; neimheadh MSS. 20 is trian L as triar Fr.; „deirinn“ L

- 6 Cionnus do bhí tú ar tosaigh,
a ráith aoibhinn anbhfosaidh,
ar dteacht Phárthaláin Phuirt Bhreagh,
do ghnáthghabháil Ghuirt Ghaoideal? 25
- 7 Do bhí mé ag iomchur m'ansóidh
san téar ar dteacht Phárthalón,
gan lios mbán, gan chloidhe gclach,
acht lán do dhoire dharach.
- 8 Créad é an ríocht i raibh sibh
i gcomhflaitheas Clann Neimhidh?
sloin dúinn, ar gclaochládh dot chruth,
a mhúir na n-aolchlár n-amhlach. 30
- 9 Do bhádhus im' mhín mhuighe,
gan foithre, gan fiódhbhuidhe,
slios mo bhánfuinn ghreaghaigh gloin
'na thealaigh álúinn aonuigh. 35
- 10 Níor fágadh fréamh i dtalmhain
dom fiódhbaidh chlaoine chorrabhlaigh —
beag teacht mo shaorchoille ó shin —
le neart naomh Chloinne Neimhidh. 40
- 11 Ca fad do bhí sibh mar soin,
i ndíoth tighe nó teaghlaigh,
id leirg bhláith ghnéanuaidhe ghil,
a Ráith Féaruaíne Oileigh?
- 12 Go Crích bhFódla na bhfeadh gcorr
go dtáinig Tuath Dé Danonn,
do bhádhus, mar nár bhean rom,
gan teagh, gan árus ionnam. 45

22 a rath Fr.; anbíocht L 23 purt L 24 gu. ga. L 27 lios
bhan Fr.; gan cl. cl. L fan cc. cc. Fr. 28 darach L 30 cloinne L
31 ar cc. dhuit (chruth om.) L 32 a uir Fr. a mhúr L; na na. noidse L
39 b. teagh L 40 o nert Fr. 41 fada L 42 ndith L; na L no Fr.
43 ghléanuaidh ghil L gnéanuaidhe gloin Fr. 44 f. fasaign Fr. 45 crioch
f. L 46 go teacht L; tuatha MSS. 47 do bhadhuis L; riom MSS.

- 13 Cia an chéiddream, an cumhain libh,
do Thuaith Dé na ndealbh bhfaoilidh,
a thuir na mbláthtamhan mibog,
do chuir átaghadh ionnad? 50
- 14 Clann Chearmada móir Mhirbhéal,
onchoin na n-arm bhfrithirghéar,
gasraidh éadrocht ó Bhóinn Bhreagh,
céadlucht do-chóidh im' chaidreabh. 55
- 15 Dom tholchaibh bláithe boga
do thréigsead clann Chearmoda —
athardha cathair don chloinn —
Cathair chathardha Chrōoinn. 60
- 16 I gcionn treimhse ar dtocht im' dháil,
beanaid Meic Míleadh Easbáin,
gan roinn do tharbha troda,
Banbha do chloinn Chearmoda.
- 17 Ón lósain gusan ló aniogh
atáid rioghraidih Mhac Míliodh,
sluagh bosghlan na mbéimeanp dtrom,
ag cosnamh Éireann ionnam. 65
- 18 Ní raibh sinn ó sin i le
gan airdrígh d'éis à chéile,
nó cóigeadhach do ghabh geall
tar magh n-óigealach nÉireann. 70
- 19 Do ghabh asum Teagh Dá Thi
cúigear ar fíchid airdrí,
do Chloinn ghuaisbheithrigh réidh Róigh,
céim le n-uaislighthir m'onóir. 75

50 *thuathaibh* L tuat Fr.; na ndbh bhfáil L 51 a thor na mblathneann L.
 52 *áitiughadh* L 53 mhór mhilbhéoil L moir mirbheul Fr. 54 bhfiarghéar L 56 chaidribh L 58 clanna MSS. 59 *sic leg. P* athardo cathoimh Fr.; ona ecl. L 60 chrobhuing L crodhoing Fr. 61 treimsi ar teacht um L 65 ló sin gus a ló L lasoin gusan la Fr. 67 sluaigh bh. na mb. corr Fr. 68 umam L 70 airdri éigein oilé L 72 ar magh Fr. tar mhagh L; noigearach Fr. 73 do ghabh an teagsin dá thi L

- 20 Rioghthar uaim dá aithle sin
sé rígh fíchead d'éis creidimh,
d'fuil chaomhChonaill, do chrú Néill,
cnú as gach aonchrobhaing i aidséin. 80
- 21 Eidir ſaorchlannaibh ſiol Néill
do bhínn ar uairibh ainnséin,
im' mhagh ... ſlatleabhair ſliom,
im' aith Teamhair fear nÉirionn." 85
- 22 Ós uait fríoth gach iúl eile,
ó thús go hearr aimsire,
a ráith na mbeann dtaobhdhonn dtais,
ca haondrong is fearr fuaraí? 90
- 23 Macraídh sídhe an fuinn Ultaigh,
ſiol bhFiamhain, ful Dochartaigh,
is í an dream naoidhe anallain,
daoine is fearr dá n-uaramair. 95
- 24 Ríoghradh ſleachta Fiamhain féin,
a thuir chuirr na gclár mínréidh,
cia haca le mbearthar barr,
na slata ó ... Fréamhann? 100
- 25 Dá meas go bráth dá mbiadh sinn,
is sé Seaán mhac Féilim,
ruisg thirmréidhe ón tana muir,
ragha finnfréimhe Fiamhain.

77 tig ionnam da Fr. 78 se rioga L naoi ri Fr. 81-4 om. Fr.
 83 élatleabhar Rím MS. *The line is short by a syllable, some word riming with fear (sean?) is required* 86 heirr Fr. 87 ta.ta. L 88 is f. f. MSS.
 89 ſiodha Fr. 90 fiamhuin L bhiabhbain Fr. 91 is f. d. naoidhe d(?)
 aoinmh fallain L 92 f. a fuaramar L da bſacumor Fr. 93-96 om. Fr.
 93 sl. MS. 94 aithar cuirr MS. 95 mbéarthar MS. 96 o chriochuibh
 treamhuión MS. 97 go bráth om. L 98 isé L ase Fr.; feidhlím MS.
 99 thirim réidh L; mhuir L 100 fiabain Fr.

- 26 Ó Dochartaigh Dhúin Oiligh —
créad dob áil dá fiarfoighidh —
gnúis taoibhneambán go ngné ghil,
m'aoinleannán é ina aimsir.
- 27 Fuil Fiamhain giadh iad is fearr
d'folaibh uaisle na hÉireann,
mar bhíd réaltana um ré láin,
a n-éantogha is sé Seaán. 105
- 28 Aige is mó atá do thoicibh,
é is mó tug do thiodhlaicibh;
'na thoirbheartaibh ní théid tráigh
ó ghéig oirbheartaigh Iomgháin. 110
- 29 Ní dóigh buain re breith a ghill —
teisd oinigh oighre Féilim;
mar bhíos magh thíos fa thulaigh
bhíos gach bladh 'na bharamhail. 115
- 30 Ar mhéid turchortha a thíre,
ar feabhas a airdríghe,
ní beitte d'fíor iongnadh ann,
ciodh nách diongnadh a ndéanann. 120
- 31 Parthas Éireann is ainm dhi,
an eang thíre atá aige;
níor šill súil oirear budh fearr —
úir a moigheadh 'sa maoileann.
- 32 Ó Fánaid fa n-iadhann muir
go Loch bhfionnshrothach bhFeabhail,
ó Mhálainn go míín Bearta,
tír álainn is oirdhearca. 125

103 g. tha. Fr. g. aodhbha L; ngne ngloin Fr. 104 e tar ultaibh Fr.
 105 siol bf. Fr.; ciodyn L 107 mar bhíos Fr. 108 maontogha L;
 isé L ase Fr. *The order in Fr. is §§ 27, 29, 28, 30 etc.* 114 t. o. o.
 feidhlím Fr. t. einigh ag in feidhlím L; 115 sios fa L 116 blath L
 117 mhín torchar L mhed thurchorta Fr. 118 a om. L 120 giodyn L
 124 sa maleannann L 126 l. fionn siothach f. L bfionnsrotha f. Fr.
 128 is om. L

- 33 Tír ina teirce tonna,
tir is airde iothlanna,
tir ainglidhe na sreabh seang,
tir thairngire fear nÉireann. 130
- , 34 Maith atá sí ina suidhe,
idir fairrge is fiodhbhuidhe;
tráicht mhíne ós mhoighibh leabhra,
oirir sídhe šoineamhla. 135
- 35 Sléibhte míne ameasg a feadh,
cnuic corra ar cùl na sléibteadh;
fiodh collbhuidhe fan gclár bhfionn,
fál tonnmhuire 'na thimchioll. 140
- 36 Maith atá an tírsi na . . .
fearr an té 'ga dtá a horláimh,
mairg do-chí ar éineing d'Ultaibh
rí ar Éirinn nárbh iomarcáidh.
- 37 Dá madh leis ceannas Chláir Bhreagh,
do choiseónadh 'sdo chaithfeadh;
rath do bhrígh caithmhe más cáir,
do rígh Faithne ní foláir. 145
- 38 Dá mbreachnoighthe a mbí 'na thoigh,
dá measda méad a theaghláigh,
ní barr budh ionmhaoídhimh air,
barr d'iolumhaoinibh ní haghair. 150
- 39 A fir mhaoídheas méad a bhfuil
ag airdrígh fola Fiamhuin,
ná maoidh é ar flaithbhole Fáil,
caithmhighe é 'ná a faghháil. 155

129 teirce over an erasure of hisle Fr. inarbh isle L 134 idir f. 7 f. L
 135 tracht min L; os MSS.; mongaibh L 136 s. s. L 137-144 om. Fr.
 137 measg MS. 138 cho. MS. 141 na bhám with a mark like the com-
 pendum for -r over the m 142 sic, leg. P té attá MS. 145 chlár br. MS.
 146 7 do chaithmheadh L sdo chaithmheadh Fr. 147 mdh agar L
 mas coir Fr. 148 faicle Fr.; ni fulair Fr. 149-52 om. L 149 mbreth-
 noidhe MS. 150 measdoide MS. 152 ni faghoir MS. 154 féile f. L
 sola t. Fr. 155 f. L 156 caithfidh é na fágail L caithmidhe e na
 faghail Fr.

- 40 Teach Oilligh, más fíor dá lán,
muna theagmhadh sé ag Seaán,
níor theach d'aoinneach i nUltaibh
teach daoineach í Dhochartaigh. 160
- 41 Lucht cuartaighthe chlár mBanbha
fa seach is é a n-urlabhra,
i gcraoibhlios na gceathra mbeann
do-geabhtha aoibhniós Éireann.
- 42 Múr Teamhrach re fearaibh Fáil
ón ló do ghabh geis Ruadháin—
atáid rioghradh Chríche Cuinn
san mhíonbhrugh síthe séaghuinn. 165

INNIS

157 do lán L 158 muna tt. MSS. 161 chlár ba. L bheand mba. Fr.
162 mas fíor as e Fr. 163 cceithre L 164 dogheabar L 165 theam-
rach re L teamhra le Fr. 167 ata rioghroidh Fr. 168 san mi. Fr.;
si. se. MSS.

Seáilne

29

CORMAC AGUS BRIAN, CLANN CHÉIN Í EAGHRA

- 1 Fiodhbhadh dá chéile clú deise,
dáil a gcruidh ní choigill siad;
dá chraoibh tharaidh do choill chumhra,
tamhain do thoill umhla iad.
- 2 Dá ré lána Leithe Mogha,
dá mhac Céin nár cheannaigh siodh,
dá ghéig phailme don fréimh rioghdha,
raighne nách léir dioghna dhíobh. 5 X
- 3 Duasa an chéidfir gér chuid mhaoidhimh,
mó na toirbheirt tig 'na ndiaidh;
maoine Chormuic go n-uair ollamh—
dob ordhruic uaidh bronnadh Briain. 10
- 4 Fada is cumhuin le Crích Luighdheach
nách lucht siothchána síol gCéin;
ní beag do thír é ar a haire
gi bé dhíbh nách raibhe réidh. 15
- 5 Gi bé bruidhean 'na mbí Cormac
ní creidtear í i n-uathadh sluaigh,
do-gheibh neach san teagh i dtiaghair
dá mbeath fear ar iarraighe uaidh. 20

Ms.: 3 B 14, p. 32.

Heading: an tadhg dall cédna .cc. (follows 31).

X Ms. Readings: 1 fiodhbha 3 toruigh; chúbhra 7 riogha 8 raighni
nách léir dioga qbiot (some scribes write di as one letter like q; O'Longan
evidently took this for at and added ioth after the b in order to make
the line intelligible to himself. The emendation is by Prof. Bergin)
10 mó na toirbheart 11 bhfu. 16, 17 gidh hé 16 díbh 17 brúighion
18 sluagh 19 fan teagh

- 6 Dá mbeadh file ag fágbháil Chormaic
 i gceann Bhriain do bhiadh ag tocht:
 cliar aréir nár imthigh uaidhe
 fillfidh 'na cléir nuaidhe anocht.
- 7 Má tá go seachnoid síol Éibhir—
 d'ógbhaidh toghtha ní thug béim,
 ní bhéaraidh ar mhnáibh dá moille
 táir ar bhféaghain chloinne Céin. 25
- 8 Ar dteacht Chormaic le cloinn Luighdheach
 locodh Briain is beag do chroid; 30
 ar an ón treas do síol Sadhbha
 ní feas don lón tarla i dtroid.
- 9 Do ghuais Chormaic fa chóim oidhche,
 d'eagla Bhriain do bheith 'na dheóidh—
 folchar araon le bais mbiodhbaadh— 35
 do chlaon tar ais fiodhradh feoir.
- 10 Do smuain Cormac um chreich mbiodhbaadh
 a mbí 'na láimh nách leis féin,
 ní chuir acht go faigsin filiodh
 taisgidh cruidh ar chiniodh Chéin. 40
- 11 Bronnta Chormaic ar cionn deóradh
 fa dheóidh air is iad do bhris;
 réidh an t-aoighe i ndiaidh a dhoilghe,
 maoine Bhriain do-roighne ris.
- 12 Meinic riamh um ríoghdhacht Luighne 45
 a lár a suain do sír ghó,
 do-níodh doirse dearc do dhúnadh
 soilse ar dteacht 'na dhúnadh dó.

22 br. 25 éimhir 26 dógbhadh 28 tóir 31 on tr. do s. s. 32 ní feas
 do an lion 34 dheaigh 35, 37 mbiodhba 36 fiadhrí 40 taisgidh
 ger 41 ndéorach 43 taoidhí 47-8 sic leg. P doghni lh dóirse déar
 do dhúna soillsi ar dteacht a dúnadh dhó

- 13 Ealta mhíleadh le mac Una,
d'éanaibh seabhcoidhe síl mBlloid, 50
fuilngidh Brian iomarcaidh ortha,
d'fionnnochtain fian Tolcha i dtroid.
- 14 Ní ghabh Cormac acht cóir d'fagháil,
ní heól do Bhrian bheith le cóir;
téid i leith na bhfiach nách bhfoghthor, 55
ar mbreith ar sgiath onchon n-óir.
- 15 Ní mór a chion ar cheart sinsir
sibh a Chormaic gur char sí;
fuilngidh cliar fa ól ar h'uillinn,
mór le Brian mar uirrim í. 60
- 16 Maoidhtear fós na filidh céadna
um cheann uama na n-eang sróill —
deacaир searg duilghe na dáimhe —
fuighle re ceard fáinne n-óir.
- 17 Tú, a Chormaic, dá chur ar dearmad, 65
dáil a seirce is sé do bhac;
ní thiobhradh Brian ar fear oilé
an bhean do iarr loighe lat.
- 18 Lór le fear má fuair do bhriathar,
beag 'na dheaghaidh do dhíol port; 70
leac eighridh do bhí 'na bloghaibh —
do dheimhnigh sí an foghail ort.
- 19 Lucht adhbhair tar éis a ndiomdha —
diongna an taobh dá dteagoid ruibh,
ag sin a mbí ar féin an omhuin — 75
a rí féin do thoghuil tuir.
- 20 Sibh, a Chormaic, ós cionn téire
tug ar Bhriain gan bheith dá léim,
do mhaoirse ag dol tar a ndlighiodh
ag cor ſaoirse i gciniodh Chéin. 80

51 b. an mharcoigh ortha 52 t. a tt. 53 coir 64 fuighle
66 asé 70 diol 71 blogha 80 ag ciniodh céain

- 21 Ciontach d'ógaibh Inse Banbha
béasa h'arm nár bh aithnidh dáibh;
sleagh do bhí dot foghaibh orra
do oghain sí cronna cáigh.
- 22 Fásaidh coill do chranngail t'omhna
tre feart curadh i gcionn trill,
do ghuin gurbh usa dot faghlaidh,
do chuir tusa d'armaibh inn. 85
- 23 Tug a hannsa d'éis a chéile
do chloinn Chéin na gráoiseach dte,
sibh 'na dhiaidh do amhairc inghean,
malairt Bhriain go ndingneadh dhe. 90
- 24 Ar chornaibh móra mhúir eile
níor bh fuláir leó a lán do roinn,
beiridh geall bleidhe do bhrógha
ceann do šleighe ar gcora a croinn. 95
- 25 Tarla, a Chormaic, ar chionn éigeas
oirchill doid is damhna clú;
súil ré fear éanuaire d'faigsin
sreabh féaruanne taisgidh tú. 100
- 26 Ní feirrde leision léim troda
tosach feedhma fuair sibh;
le Brian dámadh foide d'orchar
grian troide ní ronnfadh ribh.
- 27 Gan bheith dearg, gan dol i gceardcha — 105
cleas roimhe nách raibhe ag neach —
sínfidh tú, nó biaidh 'na bloghaibh,
crú ré ngliaidh nár foghain d'each.

81 cionntoch 83 fogha orrtha 84 do aghoin sithchronna 85 lásoigh
89 céile 91 diaigh 92 malta bhr. go ndiongnadh 94 nír bfuláir
lead 97 ci. 98 dóid 100 thú 102 there is a syllable wanting
here 107 blogha 108 re ngliaidh

- 28 Air féin ar túis téid i bhfiachaibh,
fearn an béal do bheith i dtocht —
séanaidh rí nó iarraidh éarca
do bhí ag liamhain h'éachta ort. 110
- 29 Tú, a Chormaic, dod chor i n-iongnadh
ó aos timchill na dtrí rann;
ní chleacht sí do dhol i ndiamhair,
ní bhí an sgol dot iarraidh ann. 115
- ~~néamh~~ ~~x~~ 30 Fuaighidh teasbach faoilligh
fiodhradh bile re bun bhfeóir;
fágbhaidh cnuas d'isle san fiodhbhaidh
nár dhísle thuas d'iomdhaidh eóin. 120
- 31 Feadha lúbtha, linnte tiorma,
tobair mhillse ós mhoighibh túir;
mil fan gcongal re headh n-uaire,
ag donnadh sreabh n-uaine a húir.
- 32 Tearc a leithéid re linn gCormaic,
acht clár Parthais na bport sidh:
ar ibh do sreabhaibh learg Luighne
beanaidh do leanb cuimhne an chígh. 125
- 33 An cios trom do thabhaigh Cormac
críoch faghlaidh níor ainic sé;
beag le Brian a chuid don chomhaidh,
do thuig re triall d'foghaile. 130
- 34 Ní buan ór ag ógbhaidh Chaisil
idir chrithribh na gcorm dte;
táinig d'anáil chuaigh fa Chormac
gabháil smuail i ndonnbhrat de. 135

109 a bhfiacha 111-2 sic leg. P séana ri nó diara earca dobhi a gliam
hénsam- ort 117 there are two syllables missing. 118 hoghrudh
119 fiodhbha 126 parrthais; sigh 128 leanbh; a chich 133 ógbha
136 a ndo.

- 35 Coiléan leómhain Leithe Mogha,
maighre séanta sleachta Céin—
ní beag anocht é dá faire
gi bé port i raibhe aréir. 140
- 36 D'ógbhaidh toghtha ar dteacht 'na dheaghaidh
dol dá féaghain níorbh é a leas—
ní fál gan bharrslait síol Sadhbha,
ar síodh Charmaic tharla a dtreas.
- 37 Ruisg uaine 'na n-aoibhlibh corcra, 145
ceilt na toile nách tig lé;
bean dá thaobh i dteirce cadail,
craobh Dheirce do adaimh é.
- 38 Ní guais do dhún dreagain Luighne
lucht brogha do bhrefh a ghill; 150
léar gCarmaicne ó ól do éirigh
clannmhaicne mhór Éibhir Finn.
- 39 Fiodhbhaidh chraoiseach cloinne hÉibhir,
annamh toradh ná tug siad;
ní féadthor boing dhóibh i ndeabhaidh, 155
croinn do-chóidh ós feadhaibh iad.

FIODHBHAIDH

140 gidhbe 144 tharrla 151 gcormaicni 155 buighion dhóibh a
ndeabhaidh 154 ná ttug

CORMAC Ó HEAGHRA

- 1 Ag so an chomairce, a Chormaic,
gabh an láimhse id leabharaghlaic,
fuaigh an cridhe red chroidhe,
a bhile bhruaigh Bhóroimhe.
- 2 Gabh an corpo ar do chorp féin,
a chodhnaigh cloinne ríChéin,
ar smacht riogh glaininse Gall
biodh an t-ainimse ar h'anam. 5
- 3 Gabh meise ar h'iocht 'sar h'oineach,
ar charaid 'sar chomhoidheach—
a lámh tromraigithe ar chrú gCuinn—
mo chomairche is tú is tualuing. 10
- 4 Ná léig eadrainn is aoinneach,
a ghnúis rioghdha rodhaoineach,
ós tú ar n-aonchara, a ghruadh gheal,
do sluagh thaobhthana Tailltean. 15
- 5 Bheith aguinn a hucht chóra—
gá dtú, a mheic meic Onóra?—
ní budh éadáil ód dhreich dhuinn
gan bheith san éagáir aguinn. 20

MSS.: 23 L 17 (L) f. 68a, 3 B 14 (B) p. 19, Advocates' Library, Edinb.,
No. XLIV (Ed.) f. 16a.

Headings: tadhg dall ó higinn .cc. B an fer céadna .cc. (*follows 31*) I.
an fer cedna (*follows 21*) Ed.

Variants: 2 lámhso LB 6 chl. r. L freime r. Ed. 9 hiocht with
two dots above the i and two below it L 11 ar om. L; chuinn B
13 edram Ed.; is om. B 14 riogha L 16 ta. ta. MSS. 18 sic Ed.
a m/c onóra LB 19 ndu. LB

- 6 Atú i mbeól ghuaise do ghnáth,
re a ndeachaidh oruinn d'iomráth,
gan neach do-ní disle dhamh
mun a thí dhíbhse a dhéanamh.
- 7 Atáid dliughthe nuaidhe anioigh
dá gcur ar Mhacaibh Míliodh
ag slógh nár ghlacnuaidhe Ghall
fa chlár bhfaltuaine bhFréamhann. 25
- 8 Goirid na críocha 'na gceann,
iarraid ar chách go coitcheann—
go dtig a sgrios uile as—
fios gach duine 'sa dhúthchas. 30
- 9 D'éis na dtíreadh do thionól,
sgríobhaid Goill Ghuirt Ériomhón
anmonna a slógh, druim ar dhruim,
i nglanrolla mhór mheamruim. 35
- 10 D'éis a gruinnighthe 'na gceann
is éigean d'fearaibh Éireann,
a ghriobh firfeardha ó Thigh Tháil,
tighearna gach fir d'admháil. 40
- 11 Ní ghabhaid ó neach fa nimh
gan bheith dó ag urraidh éigin—
truagh an cás do cumadh dáibh—
nó bás go hullamh d'fagháil.
- 12 Gá dtú ris, a rí Luighne?—
ort chuirim mo chomuirghe;
feadh mo ré, mar dhleaghan dhamh,
budh é ar leabhar do leabhar. 45

24 dti B; dibhse L 26 ga cc. ar maicne m. Ed. 27 sluag Ed.
 sluadh B 28 bhfaltuaine L 32 nduine 'sa B duine asa Ed.
 33 ttiortha B; thionól L 34 ériomhón L phartalón Ed. 35 ar sl. Ed.
 37-40 om. Ed. 39 fidhfeardha L firfeardha B 42 urrodh B urr' Ed.;
 bheith trá gan tigherna éigin L 43 dháibh LB 47 mar om. L;
 dhamh om. B 48 hé mo leabhar B

- 13 Ní ar mo bháigh do bheith ruibh,
ní ar bheith im' ollamh aguibh,
a chnú do chrobhuing Eaghra,
thoghuim thú mar thighearna. 50
- 14 Do aomhsad Gaoidhil is Goill—
bheith agad is as toghoim—
rí firéanda do rádh ribh,
a ríréadla ó chlár Chaisil. 55
- 15 Bheith lán d'iocht agus d'eineach,
bheith firéanda foisdineach—
iomdha fáth daghthola dhuit—
fáth do charthona, a Chormuic. 60
- 16 Sgríobhthar leat id leabhraibh féin,
a airdí sleachta saoirChéin,
fán snaidhm nár réidhigheadh ruinn,
ainm gach éinfileadh aguinn.
- 17 Bíodh ainm gach fir dom fine,
biodh mh'ainmse go háiridhe,
a mhionn séanda á seanMhoigh Tháil,
'sna leabhraibh céadna ar congbháil. 65
- 18 Bíodh a dheimhin 'gud dheirc mhoill,
ó tá h'ionmhuine aguinn,
a šlat chuirmtheann chuain Duibhe,
go dtuillfeam uaibh h'ionmhuine. 70
- 19 Tógbhaim thú féin d'fiadhain air,
má bhím ré bliadhna im' beathaidh
nách ba fearr dhamhsa ná dhuit
h'annsa fam cheann, a Chormuic. 75

49-50 har LB 54 as edh th. Ed. is as th. B 56 ríréalta Ed.
 61 a leabhar L ad leabhar B ad leabraig Ed. 67 senta MSS.; a s. LB
 o s. Ed. 68 coinnmháil B congmháil cet. 75 budh f. B; ina duit Ed.
 the order in Ed. is §§ 19, 18, 20

20 Do-ghéan an laoidh ngréasaigh ngloin,
do-ghéan duit an duain ſaothoir,
's do-ghéan aonrann uair oilé,
a ſaorbharr bhruaigh Bhóroimhe.

80

21 Do-bhéaram dhuit, mar dhleaghair,
eolas do ghéag ngeinealaigh;
cios do ſean ar fiadh nÉireann,
rian a gcean 'sa gcaithréimeann.

22 Do-bhéaram dhuit, a dhreach ſeang,
fios t'uaile ó ſearaibh Éireann,
's dá gach urraim budh dual duit—
luagh ar gcumainn, a Chormuic.

85

23 Do-bhéara mé, a mheic Úna,
ar chách do chur iomthnúdha,
an ceann bhus fearr dhuid dom dhán,
'san chuid bhus fearr dom iomrádh.

90

24 Ní fuláir dhuit 'na dhlíol ſin
go dtiobhra tú, a thuir Chaisil,
h'anam 's do chorp tar mo cheann,
dá bhfagham tocht 'nar dtimcheall.

95

25 Giodh cúis bháis do bheith ar neach
i dtigh círte is é ar h'eineach—
níor chorruighthe dho ioná dhuit,
ag so an chomuirche, a Chormuic.

100

AG SO

26 Gaibh ar h'oineach mé, a Mháire,
a hucht flatha fionnGháille,
a ſlat chnuais do chloinn Šuibhne,
nách guais coill a comuirghe.

77 ngreasaigh MSS. 79 's om. LB 85 duittsi Ed.; a dherc L
86 dot uaisle (fios om.) B; o ferai B 87 da om. Ed. 91 is f. B
92 is f. dom abhrán B 93 ní fuláir dhamh L ní mor duitsi Ed.
94 ttioibradh L ttioibruidh B ttiobra Ed.; thú L 97 do bhíadh B
98 chú. L 101-8 om. LEd. 103 cn.; ts. MS. 104 a om. MS. . . .

27 A Mháire inghean Mhaoil Mhuire,
gur chuireas ort m'ionghuire,
beag nár cailleadh, a chiabh lag,
gach daingean riamh dá ránag.

105

AG

105 inghean is treated as an iarmbearla 107 lágach ms.

31

CORMAC Ó HEAGHRA

- 1 Maith an ceannraighe Cormac,
mac Céin dá gclaoon iobharšlat,
glac thabhartach um cheann geruidh,
malartach is fíorr aguibh.
- 2 Ré linn Chormuic ní cluintir
fear a mheallta i malairtibh,
bheith soimheallta is sé do-bheir
dá ghné šoineannta šoilbheir. 5
- 3 Mac Céin na gcéimeann ndocrach —
móide is maith an malortach —
sduagh dhaoineach ó bheannaibh Breagh —
meallaidh gach aoinneach eisean. 10
- 4 Féach an fearr iomlaoid oilé
ná an mhoirn šuthain šíorroidhe
téid don flaith ionfuair faoilidh,
ar mhaith ndiombuain ndíomhaoinigh. 15
- 5 Gearr do mhairfeadh na maoine
bhronntar le flaith Formaoile,
's budh buain na molta ar marthain
dá ghruaidh chorcra chomharthaigh. 20

MSS.: 23 L 17 (L) f. 66a, 3 B 14 (B) p. 23.

Headings: tadhg dall ó huiginn .cc. L an tadhg dall ceadna .cc.
(follows 30) B

Variants: 3 lamh th. B 7 asé MSS. 13-16 om. L 14 ts. ts. MS.
15 ionfuair MS. 16 dh. dh. MS. 17 géarr mhairfid B 19 buan MSS.
20 ghruaadh MSS.; cc. cc. L

- 6 Ní mhairfeadh bleidhe ná brat
dá bhfagħoid cách ó Chormac,
ná arm áigh craoibhlíne cuir,
aoinmhíle abháin do bhliadhnuibh.
- 7 Ní mhairfeadh éideadh ná each, 25
ná feilm loinneardha líneach,
ná beirt mhaothghorm ſróill ſreibhraigh,
ná saorchorn óir ildealbhaigh.
- 8 Dá measdaoi maith an domhain
is é críoch a gcuallabhair— 30
ní bhí acht an moladh amháin
ní don domhan acht dioláimh.
- 9 Maith an ceannraighe an té tug
bláth diombuan dúsgeas formud—
fada ón bhláth tochta a thoraidh— 35
ar sgáth mholta mharthonaigh.
- 10 Maith an ceannraighe an fear fuair
air bhréig ndiomolaídhd ndiombuain
dioghras molta bluain bhaluidh,
i n-uair obtha dh'ealadhuin. 40
- 11 Maith an ceannraighe cheanngus
an uair is mó an maitheamhnus
an maitheas ara mbí a bhrath,
nó an ní chaitheas do cheannach.
- 12 Do bhí dh'eacht ar Ó nEaghra
do thaobh a għlūn ngeineamhnus— 45
fir neamhdhochta nár náir cruth—
deaghmholta cháigh do cheannuch.

21-4 om. I. 21 mhairfit MS. 23 na armoigh cr. MS. 25 mhairfidh
éidigh B 27 bert MSS.; tsreibhraigh I. ngloin B 33 thug MSS.
34 dhú. MSS. 37-40 om. I. 39 diograis; bh. ba. MS. 40 anuair MS.
43 mha. B 45-8 om. I. 45 dhéacht MS. 48 chách MS.

- 13 Ní fuigheadh Cormac mhac Céin—
córtaidh an éigse dh'óighréir— 50
tráth is neamhdhaoire 'ná anos
na deaghlaoidhe ó chách cheannchos.
- 14 Is é a bhfuil ar feadh Bhanbha
oirne ag iarraidh ealadhna
d'uaislibh chláir bhraoincheanna Bhreagh— 55
aoinphearsa amháin an mhíleadh.
- 15 Céad urdail a n-uighthí aniogh
ar ghréas bhfromhtha na bhfiliodh
rachaidh orthoibh uair oilé
ó onchoin bhruaigh Bhóroimhe. 60
- 16 Is é an uair is saoire soin,
's is teirce atá dhá iarraidh—
sgath an dána ghnéabhuain ghloin—
éanuair is cára a charthoин.
- 17 Ó tá an dán neamhdhaor aniogh
biaidh lón nách éidir d'áriomh— 65
madh beó tarngortaith Chláir Chrot—
d'adhmholtáibh cháigh ag Cormac.
- 18 Biaidh oirchill re haghaidh cháigh,
an uair is usa a bhfagháil,
d'éis taisdealaigh tholcha Bhreagh,
d'aisgeadaibh fromhtha fileadh. 70
- 19 Maith fear do-rinne reimhe,
